Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte





# 2012





Tuarascáil Bhliantúil 2012

Curtha faoi bhráid an Aire Sláinte de réir Alt 37 den Acht Sláinte, 2007.

Arna fhoilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte © 2013.

# Réamhrá ón gCathaoirleach

Cúis bhróid dom a bheith in ann a rá de thoradh tiomantais eisceachtúil gach aon duine san Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte gur éirigh linn ár gcuspóir a bhaint amach maidir le cúram slán ardcháilíochta a sholáthar do na daoine a úsáideann ár seirbhísí sláinte agus sóisialta. Nuair a d'fhoilsíomar *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr* in 2012 chuireamar treochlár ar fáil maidir le seirbhís sláinte ardchaighdeáin a sholáthar a bheidh slán agus iontaofa. Léiríonn na Caighdeáin sin na torthaí a chuireann le cáilíocht an chúraim agus na cóireála agus an cineál eispéiris a bhíonn ag duine. Is céad chéim iad na Caighdeáin maidir le córas ceadúnaithe a cheapadh i gcomhair chóras chúram sláinte na hÉireann, idir phríobháideach agus phríobháideach.

Lena chois sin d'éirigh linn garsprioc thábhachtach a bhaint amach inár gcuid oibre le daoine cleithiúnacha a chosaint; bhí an ceanglas reachtúil atá orainn bainte amach againn roimh Mheitheamh 2012, maidir le gach ionad a bhí sainithe i gcomhair daoine scothaosta a bhí ag feidhmiú ar Meitheamh 2009 nó roimhe, a chlárú nó cinneadh a dhéanamh diúltú do na clárúcháin a bhí acu agus iad a chur ar ceal. Bhí 568 ionad i mbun oibre ar 30 Iúil 2012 agus bhí 562 (99%) acu cláraithe ag an Údarás. Maidir leis an sé ionad eile bhí siad go léir ar chéimeanna deireanacha an phróisis.

Mar chuid den obair leantach atá ar siúl againn chun ár seirbhísí cúraim sláinte a fheabhsú, chuireamar bailchríoch ar imscrúdú a bhí á dhéanamh againn ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na rannóige éigeandála ag Ospidéal Thamhlachta. Dhírigh an tÚdarás sna moltaí a rinne sé ar na feabhsúcháin a gcaithfear a dhéanamh san ospidéal agus in ospidéil den sórt ar fud na tíre, mar aon leis na hathruithe is gá a dhéanamh ó thaobh chuntasacht an Stáit i leith an chórais sláinte agus maidir leis an chaoi a reáchtálaimid ár gcóras sláinte in Éirinn.

De réir an tsainchúraim atá orainn maidir le torthaí sábháilte ardcháilíochta a bheith ag othair, chuireamar tús le céad chéim chlár monatóireachta le tacú le cosc agus laghdú a dhéanamh ar Ionfhabhtú Bainteach leis an gCúram Sláinte d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí sláinte.

Ghlacamar céim mhór chun tosaigh i mbliana maidir leis an ról atá againn chun folláine agus sábháilteacht leanaí a chinntiú; d'fhoilsíomar na *Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* agus chuireamar tús lenár gcéad chigireacht ar sheirbhísí cosanta leanaí FSS i bhfianaise na gCaighdeán sin.

Creideann an tÚdarás i gcás gach eagraíochta agus na ngairmithe go léir a bhfuil baint acu le cúram sláinte agus sóisialta a sholáthar d'othair go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain acu ar fhaisnéis atá iomlán, tráthúil, cruinn, soléite agus ábhartha. Tá sé sin tábhachtach chun cáilíocht agus sábháilteacht ár seirbhísí a áirithiú. Leanamar orainn in 2012 ag iarraidh feabhas a chur ar shábháilteacht othar agus ar cháilíocht an chúraim a thugtar dóibh trí chaighdeáin a fhorbairt maidir le faisnéis sláinte: caighdeáin maidir le sainmhínithe, caighdeáin maidir le heolas a roinnt, caighdeáin chun rialachas agus príobháideachas an eolais a chinntiú, agus caighdeáin lena chinntiú go ndéanfar barrfheabhsú ar úsáid, clúdach agus cháilíocht na faisnéise.

Ós rud é go n-aithníonn an tÚdarás a thábhachtaí is atá cáilíocht sonraí mar thaca le córas sláinte agus cúraim shóisialta atá éifeachtach agus sábháilte, d’fhoilsíomar leabhrán atá furasta a léamh dar teideal *What you should know about Data Quality: A guide for health and social care staff* Scaipeadh an leabhrán go forleathan ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialta. Lena chois sin, táimid ag leanúint ar aghaidh ag ullmhú d’aistriú an róil atá ag an Aire Sláinte faoi láthair mar chomhlacht maoirseachta na gCoistí um Eitic Thaighde chuig an Údarás de thoradh na Treorach um Trialacha Cliniciúla ón AE.

Leanamar ar aghaidh in 2012 ag tacú le dréachtú an Bhille um Fhaisnéis Sláinte. Nuair a achtófar an bille soláthróidh sé creat reachtúil le cur ar chumas an Údaráis a oibleagáidí reachtúla faoi faisnéis sláinte a chomhlíonadh agus comhtháthú na gcóras faisnéise agus sláinte a éascú. D’fhorbair an tÚdarás treoir mhionsonraithe maidir le Rialachas Faisnéise le cur taobh leis na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr.*

Ós rud é gur eagraíocht muid atá bunaithe ar eolaíocht agus ar fhianaise tá taighde ina chuid lárnach de gach rud a dhéanaimid. Leanamar ar aghaidh in 2012 ag cur Measúnaithe ar Theicneolaíocht Sláinte (HTAanna) ar fáil le cabhrú chun bearta agus cinnteoireacht a fhorbairt a bheidh slán agus éifeachtach maidir le cúram sláinte agus a bheidh dírithe ar an othar agus a sholáthróidh an luach is fearr ó thaobh na n-acmhainní atá ar fáil. Chríochnaíomar dhá mheasúnú ar theicneolaíocht sláinte in 2012; bhain ceann acu le máinliacht a dhéanamh le cúnamh róbait i gcás gnáthamh máinliachta roghnaithe agus bhain an ceann eile le seirbhís náisiúnta um spreagadh domhain inchinne. Lena chois sin rinneamar measúnú ó thaobh eacnamaíochta de ar scagthástáil maidir le VEID a dhéanamh athuair le linn toirchis.

Tiocfaidh deireadh le mo thréimhse mar Chathaoirleach an Bhoird i mí na Bealtaine 2013 agus is í seo an Tuarascáil Bhliantúil dheireanach a fhoilseoidh mé don Údarás. Ba mhaith liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as a dtiomantas agus as an gcomhairle shaineolaíocht a thug siad don Údarás. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, an Dr Tracey Cooper, as a ceannaireacht, as a fócas agus as a tiomantas agus le foireann an Údaráis as a dtiomantas agus as an ndianobair a rinne siad gan staonadh.

Creidim go gcinnteoidh an plean corparáideach don tréimhse 2013 - 2015 go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag tacú le feabhsuithe inbhuanaithe sna seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, ag cosaint na ndaoine a úsáideann an córas sin agus ag soláthar faisnéise dóibh agus go gcuirfidh sé eolas ar fáil chun beartais a fhorbairt agus seirbhísí a chur ar fáil. Tá gach dóchas agam go gcoinneoidh agus go bhforbróidh an tÚdarás córas rialacháin a mbeidh na daoine a úsáideann é muiníneach as, a mbeidh an pobal muiníneach as freisin, agus a aithneofar go gcuireann sé cumas agus inniúlacht chun cinn maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.



**Pat McGrath**
Cathaoirleach

# Clár Ábhair


**1 Faisnéis faoin Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 5**

1.1 Réamhrá 6

1.2 Ár Sainordú agus ár bhFeidhmeanna 7

1.3 Ár Ráiteas Misin agus Croíluachanna 8

**2 Rialachas agus Bainistíocht 11**

2.1 Bord an Údaráis 12

2.2 Cruinnithe an Bhoird 14

2.3 Coistí an Bhoird 14

2.4 Struchtúr Eagraíochtúil agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmeannaí 14

**3 Cuspóirí agus Éachtaí Straitéiseacha 19**

3.1 Cuspóirí Straitéiseacha 20

3.2 Achoimre ar Phríomhéachtaí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012 21

**4 Gníomhaíochtaí de réir Stiúrthóireachta 23**

4.1 Tuarascáil Oifig an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta/ na Stiúrthóireachta Seirbhísí Sóisialt 24

4.2 Cáilíocht agus Sábháilteacht sa Chúram Sláinte 37

4.3 Rialú 43

4.4 Feabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta 46

4.5 Faisnéis Sláinte 50

4.6 Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte 56

4.7 Seirbhísí Corparáideacha 62

4.8 Rannpháirtíocht Cumarsáide agus Páirtithe Leasmhara 66

4.9 Oifig an Phríomhoifigigh Fheidhmeannaigh 71

**5 Faisnéis Airgeadais 75**

5.1 Ráitis Airgeadais 76

**6 Aguisíní 77**

Aguisín 1: Tuarascáil ar Chur i bhFeidhm *Phlean Corparáideach an Údaráis 2010-2012* 78

Aguisín 2: Gníomhaíocht agus Freastal an Bhoird 94

Aguisín 3: Struchtúr Eagraíochtúil 96

Aguisín 4: Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas agus um Chomhlíonadh don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 97

1







# Faisnéis faoin Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

# 1 Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

## 1.1 Réamhrá

Is í seo an séú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ó bunaíodh é in 2007.

D'éirigh linn mórchuid eolais a bhailiú agus a dhaingniú ó roinnt maith réimsí le cúig bliana anuas. Is féidir leas a bhaint as seo chun cumas agus inniúlacht a mhéadú ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialta agus chun córas láidir rialacháin a thógáil. Áirítear ar na réimsí sin eolas sláinte, measúnuithe ar teicneolaíocht sláinte, iniúchtaí, clárú na lárionaid atá sainithe i gcomhair daoine scothaosta, modheolaíochtaí nua rialacháin, caighdeáin agus treoirlínte, cur chuige coiteann monatóireachta agus roinnt maith imscrúduithe ar theipeanna seirbhíse.

Leanamar ar aghaidh in 2012 ag cur i bhfeidhm na gcuspóirí straitéiseacha a bhí inár bPlean Corparáideach 2010 - 2012. Téigh go hAguisín 1 chun tuairisc achomair a fhail faoinar éirigh linn a bhaint amach. Tá cuntas sa Tuarascáil Bhliantúil faoi conas ar bhaineamar amach ár spriocanna in 2012 mar aon le cur síos ar phríomhfhorbairtí eile san eagraíocht.

Ceann de chuspóirí straitéiseacha an Údaráis is ea a léiriú go bhfeidhmíonn an eagraíocht mar chomhlacht éifeachtach, dea-rialaithe a bhfuil dea-thionchar aige ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Rinneadh tuilleadh forbartha i rith na bliana seo ar leagan amach na heagraíochta agus ar na córais faisnéise d'fhonn cur ar ár gcumas glacadh le feidhmeanna nua atá curtha lenár n-obair rialála: bunaíodh dhá Stiúrthóireacht nua, an Stiúrthóireacht Rialachán agus an Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta, agus earcaíodh beirt Stiúrthóirí nua le deimhin a dhéanamh de go bhfuil an tÚdarás eagraithe sa tslí is fearr chun ár gcuspóir a bhaint amach. Déanfar tuilleadh forbartha ar an struchtúr sin in 2013.

Lena chois sin, d'fhonn cur ar chumas an Údaráis a ról mar rialaitheoir a chur i gcrích chuireamar bailchríoch ar an gcur chuige coiteann atá againn maidir le monatóireacht a dhéanamh agus rinneamar tuilleadh forbartha ar ár gCóras bunúsach maidir le Bainistiú Faisnéise. Tá sé de bhuntáiste ag an gcur chuige atá glactha againn go bhfuil ár gcinnteoireacht níos láidre agus níos comhsheasmhaí, agus go gcuireann sé lenár gcumas priacail a mheas agus breis trédhearcachta a sholáthar maidir le haon chinneadh a dhéanaimid mar rialaitheoir. Tá cur chuige nua láraithe ceaptha againn freisin chun aon ábhar imní nó fhaisnéis a fhaighimid gan iarradh a láimhseáil; agus táimid ag baint úsáide as an bhfaisnéis sin chun anailís priacal a dhéanamh chun eolas a chur ar fáil ar mhaithe le monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta atá faoinár gcúram.

Úsáideann an tÚdarás an fheidhm atá aici maidir le heolas sláinte chun ardchaighdeán a leagadh síos maidir le láimhseáil faisnéise pearsanta agus chun na huirlisí sin atá ag teastáil uathu a sholáthar do na seirbhísí chun an caighdeán sin a bhaint amach maidir le feabhas a chur ar an chaoi a rialaíonn siad faisnéis. Leanamar ar aghaidh ag obair i mbliana le cinntiú go bhfuil faisnéis ardcháilíochta ar fáil maidir le sláinte agus cúram sóisialta d'fhonn tacú le pleanáil, soláthar agus monatóireacht seirbhísí. Thacaigh an cheannaireacht thábhachtach atá tugtha againn maidir le faisnéise sláinte ar fud na tíre le cáilíocht agus le sábháilteacht agus cabhróimid leo amach anseo agus lena chois sin chabhraíomar le bunú aitheantóra phearsanta sláinte.

Nuair a bhíomar ag druidim le deireadh na bliana 2012 thapaíomar an deis le machnamh a dhéanamh ar cad iad na socruithe a bheadh le déanamh againn ó bhí an rialtas ag díriú níos mó is níos mó ar rialáil na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. D'éirigh na cúrsaí sin níos práinní nuair a bheartaigh an rialtas rialáil agus maoirsiú a dhéanamh ar ionaid a chuireann cóiríocht agus cúram ar fáil do dhaoine idir óg agus aosta atá faoi mhíchumas. Bhí sé sin le feiceáil go soiléir i bhforbairt agus i measúnú na gcaighdeán um chosaint leanaí agus sna tagairtí a rinneadh i bpáipéar straitéise na Roinne in 2012 faoi cheadúnú ospidéal agus faoi rialáil seirbhísí cúraim bhaile[1].

## 1.2 Ár Sainordú agus ár bhFeidhmeanna

Údarás neamhspleách is ea an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a bunaíodh chun feabhsuithe leanúnacha a chur chun cinn i seirbhísí sláinte agus i seirbhísí cúraim shóisialta phearsanta in Éirinn, chun monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí sin agus chun cúram a bheidh dírithe ar an duine féin a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal.

Go dtí seo, baineann sainchúram an Údaráis le cáilíocht agus le sábháilteacht na n-earnálacha poiblí, príobháideacha (mar chuid dár bhfeidhm maidir le cúram sóisialta) agus deonacha. Tá An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte freagrach don Aire Sláinte agus don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus tá freagracht reachtúil air maidir le:

- **Caighdeáin a shocrú le haghaidh Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta** – Forbairt caighdeán atá dírithe ar an duine féin, atá bunaithe ar fhianaise agus ar an gcleachtas is fearr ar fud an domhain, i gcomhair na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn a éilíonn an dlí go ndéanfadh an tÚdarás iad a rialú.

- **Cigireacht na Seirbhísí Sóisialta** – Clárú agus iniúchadh a dhéanamh ar ionaid chónaithe i gcomhair daoine cleithiúnacha agus cigireacht a dhéanamh ar scoileanna coinneála, ar sheirbhísí altrama agus ar sheirbhísí cosanta leanaí.

- **Monatóireacht a dhéanamh ar Cháilíocht agus ar Shábháilteacht Chúram Sláinte** – Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar shábháilteacht seirbhísí cúraim shóisialta phearsanta agus imscrúdú a dhéanamh de réir mar is gá ar aon ábhar imní faoi shláinte agus leas na ndaoine a úsáideann na seirbhísí sin.

- **Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte** – Deimhin a dhéanamh de go beidh na torthaí is fearr ag na daoine a úsáideann ár seirbhísí sláinte agus go n-úsáidfear na hacmhainní atá ann ar an mbealach is fearr trí mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht cliniciúil agus ar cost-éifeachtúlacht drugaí, trealaimh, teicnící diagnóiseacha agus gníomhaíochtaí um chur chun cinn na sláinte.

- **Faisnéis Sláinte** – Comhairle a thabhairt faoi thiomsú agus roinnt faisnéise sláinte ar bhealach slán éifeachtúil, acmhainní faisnéise a mheas agus faisnéis a fhoilsiú faoi sholáthar agus fheidhmiú seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.

1 Ar 15 Samhain d'fhoilsigh an Roinn Sláinte F*uture Health: A Strategic Framework for Reform of the Health Service 2012-2015*, inar leagadh amach na príomhleasuithe maidir le cúram sláinte a chuirfear i bhfeidhm sna blianta atá romhainn mar phríomhchlocha tógála den Árachas Uilíoch Sláinte a thabharfar isteach in 2016.

Táimid tiomanta do bheith ag obair go dlúth le grúpa éagsúil daoine nuair a chuirimid ár bhfeidhmeanna i gcrích, lena n-áirítear iad siúd a úsáideann na seirbhísí sláinte agus sóisialta, a gcúramóirí, gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta, soláthraithe poiblí idir phríobháideach agus dheonach, an Roinn Sláinte, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus na príomhpháirtithe leasmhara eile in Éirinn agus thar lear.

D'éirigh linn in 2012 an dlús a bhí fúinn a choinneáil ar siúl agus muid i mbun ár bhfeidhmeanna lárnacha. Chuireamar tús le dhá thacar caighdeán a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo; Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr agus na Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí. Thosaíomar ag déanamh monatóireachta ar chosaint leanaí agus thosaíomar ag ullmhú i gcomhair an róil a bheidh againn go luath maidir le cigireacht a dhéanamh ar ionaid chónaithe le haghaidh leanaí agus daoine fásta atá faoi mhíchumas, faoi réir chead an Aire. Chuamar i mbun mórchuid comhairliúcháin agus rannpháirtíochta leis an bpobal faoinár gcaighdeáin, lena n-áirítear ár ndréachtchaighdeáin maidir le míchumas, ár gcaighdeáin um chosaint leanaí agus ár ndréachtchaighdeáin maidir le hacmhainní faisnéise sláinte náisiúnta.

### Ár Sainordú Dlíthiúil

Is de bhun an Achta Sláinte 2007 agus de bhun reachtaíochta bhaintí eile (an tAcht um Chúram Leanaí, 1991 arna leasú, Acht na Leanaí, 2001 arna leasú, An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 agus an tAcht um Míchumas 2005) atá ár Sainordú Dlíthiúil againn agus a gcomhlánaímid ár bhfeidhmeanna.

Tá cur síos sa Tuarascáil Bhliantúil ar obair an Údaráis ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2012, agus tíolactar é de réir riachtanas reachtúil an Achta Sláinte 2007, agus san áireamh sa Tuarascáil tá socruithe an Údaráis chun an Cód um Rialachas Comhlachtaí Stáit a cur i bhfeidhm agus coinneáil i bhfeidhm. San áireamh inti freisin tá Tuarascáil Bhliantúil Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta agus an Tuarascáil Bhliantúil faoi Rialachas agus Comhlíonadh mar a éilíonn an tAcht Sláinte 2007.

## 1.3 Ráiteas Misin agus Bunluachanna

Is féidir cur síos a dhéanamh ar fhís, ar mhisean agus ar luachanna an Údaráis mar na rudaí a chreideann an eagraíocht, agus a dtéann i gcionn ar na gníomhaíochtaí a roghnaímid agus ar an gcur chuige a ghlacaimid lena gcur i bhfeidhm. Is féidir a rá go bunúsach gurb iad sin "pearsantacht" na heagraíochta.

### Ár bhfís

Is í ár bhfís go mbeadh cúram sláinte agus sóisialta níos fearr ar fáil do chách, agus go mbeadh caighdeáin agus cinntí a fheabhsaíonn sábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta mar bhonn taca fúthu.

### Ár Misean

Is ó na feidhmeanna reachtúla a bhfuil cur síos orthu san tAcht Sláinte 2007 a thagann misean an Údaráis agus is iad sin:


*"Cúram slán ardcháilíochta a sholáthar do na daoine a úsáideann ár seirbhísí sláinte agus sóisialta."*

## Ár luachanna

Luaitear bunluachanna an Údaráis thíos agus léirítear iad i bhFigiúr 1.

**Figiúr 1:**

Bunluachanna an Údaráis




- **Tús áite a thabhairt do dhaoine** – tabharfaimid áit lárnach inár n-obair go léir do riachtanais na ndaoine a úsáideann na seirbhísí agus do na rudaí a deir said
- **Cothrom agus oibiachtúil** – beimid cothrom agus oibiachtúil inár gcuid beartaíochta le daoine agus le heagraíochtaí, agus déanfaimid ár gcuid oibre gan eagla gan fabhar
- **Oscailte agus freagrach** – roinnfimid faisnéis faoin gcineál oibre a dhéanaimid agus faoi na torthaí a bhainfidh léi, agus glacfaimid freagracht iomlán as ár ngníomhartha
- **Sármhaitheas agus nuálaíocht** – déanfaimid iarracht sármhaitheas a bhaint amach inár gcuid oibre, agus lorgóimid feabhas leanúnach trí fhéinmheasúnú agus trí nuálaíocht
- **Obair as Lámha a Chéile** – oibreoimid i gcomhar leis na daoine a sholáthraíonn na seirbhísí agus leo siúd a úsáideann iad nuair atá aon ghné dár gcuid oibre á bhforbairt.

# 2





# Rialachas agus Bainistíocht



# 2.1 Bord an Údaráis

Bunaíodh Bord an Údaráis ar 15 Bealtaine 2007. Tá Cathaoirleach agus 11 Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin air2[2]. Is iomaí cúlra agus eispéireas atá ag na Stiúrthóirí lena n-áirítear ionadaithe na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta, gnáthdhaoine agus lucht tionscail. Rinne roinnt athruithe atá léirithe thíos ar chomhaltaí an Bhoird i mbliana.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird:



**Pat McGrath**
*(Cathaoirleach)*
Leaschathaoirleach, Forbairt Idirnáisiúnta, Grúpa PM



**Philip Caffrey**
Iarstiúrthóir, United Drug PLC agus Iarstiúthóir ar Údarás Eitlíochta na hÉireann



**An tOllamh Samuel J. McConkey**
Ceann na Roinne Sláinte Idirnáisiúnta agus Leighis Thrópaicigh ag Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, agus tá sé i gceannas ar an tseirbhís chliniciúil um Ghalair Thógálacha agus Leigheas Trópaiceach in Ospidéal Beaumont



**Gráinne Tuke**
Aturnae, BSL (Bord Soláthair an Leictreachais)



**An tOllamh Cillian Twomey**
Geiriatraí ar scor, Comhordaitheoir Líonra na nIntéirneach, Líonra Intéirneach Choláiste na hOllscoile Corcaigh-An Deiscirt, Ospidéal Naomh Pádraig, Ospís Marymount, Corcaigh



**Darragh O'Loughlin***
Poitigéir, Iaruachtarán ar Aontas Cógaisíochta na hÉireann, iarchomhalta de Chomhairle Chumann Cógaiseoirí na hÉireann

2 Fágadh ceithre cinn de na poist neamhfheidhmeannacha sin folamh in 2012.



**Sheila O'Malley***

Iar-Phríomhoifigeach Altranais, an Roinn Sláinte, Iar-Uachtarán Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann/ Nursing and Midwifery Board of Ireland



**An tOllamh Geraldine McCarthy****

Tá sí ina hOllamh Altranais agus Cnáimhseachais, An Coláiste Ollscoile, Corcaigh



**Bryan Barry****

Ard-Rúnaí Cúnta, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann Rúnaí Cuideachta, Forbairtí Gnó Feirmeoirí Teo



**Angela Kerins****

Príomhfheidhmeannach, Cathaoirleach ar Ghrúpa Rehab, an tÚdarás Comhionannais



**An Dr David Molony***

An Dr David Molony* liachleachtóir ginearálta, comhalta de choiste na Liachleachtóirí Ginearálta de chuid Chumann Dochtúirí na hÉireann, ionadaí Chumann Náisiúnta na dTraenálaithe sa Chleachtas Ginearálta, ina chathaoirleach ar Chumann Oifigeach Míochaine Ráschúrsaí agus ina bhall bunaidh de Chumann Cúraim Phríomhúil na hÉireann (AIPC)



**Dolores Quinn****


(Leas-Chathaoirleach)

Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide le haghaidh na Rannóige Diagnóisice in Abbot Laboratories



**Sheila O'Connor****

Comhordaitheoir, Patient Focus



**An tOllamh Damien McLoughlin****

Ollamh le Margaíocht, Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

* Tháinig na comhaltaí se oar Bhord an Údaráis in 2012.

** D'éirigh na comhaltaí sin as a bheith ar Bhord an Udaráis in 2012.

Comhlacht ceannais an Údaráis is ea an Bord agus dá bhrí sin tá sé freagrach as rialachas cuí an Údaráis agus as a chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha ann maidir le rialú inmheánach mar aon le comhlíonadh reachtúil agus oibríochtúil agus bainistíocht riosca.

Tá sé mar aidhm ag an Údarás a bheith ina eagraíocht solúbtha, éifeachtach agus go mbeidh na caighdeáin is airde maidir le rialachas corparáideach agus comhlíonadh aige. Chuireamar roinnt tionscnamh chun cinn i rith na bliana chun feabhsú breise agus tuilleadh neartaithe a dhéanamh ar ár dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), ar ár gcórais bainistíochta acmhainní daonna agus airgeadais, ar ár rialachas corparáideach agus ar ár gcórais um bainistiú priacal laistigh den Údarás.

Tá mionchuntas le fáil orthu sin i dtuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar leathanach 70; sa tuarascáil faoi Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha ar leathanach 61; tá achoimre ar na cuspóirí a bhaineamar amach inár bPlean Corparáideach do 2010 - 2012 le fáil in Aguisín 1 ar leathanach 76 agus sa Tuarascáil Bhliantúil faoi Rialachas agus Chomhlíonadh ar leathanach 95.

## 2.2 Cruinnithe an Bhoird

Bhí 14 chruinniú ag an mBord in 2012 (Féach ar Aguisín 2 chun tuilleadh faisnéise a fháil).

## 2.3 Coistí an Bhoird

Tá ceithre fhochoiste ag an mBord. Is mar seo a leanas iad:


- **An Coiste Rialachais Cúram Sláinte agus Sóisialta** a dhéanann maoirsiú ar éifeachtacht, ar rialachas agus ar rialuithe maidir le cur i bhfeidhm feidhmeanna sláinte agus cúraim shóisialta an Údaráis. Tháinig an coiste seo le chéile uair amháin in 2012*
- Déanann **an Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh** monatóireacht ar an chaoi a gcomhlíonann an tÚdarás a fheidhmeanna reachtúla agus ar a éifeachtúla is atá an rialachas chorparáideach, an bhainistíocht airgeadais, soláthar, bainistiú priacal agus na socruithe iniúchta inmheánaigh. Tháinig an coiste seo le chéile sé uaire in 2012
- **Tugann an Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta** comhairle don Bhord maidir le phríomhghnéithe na bhfeidhmeanna faisnéise agus teicneolaíochta sláinte agus na socruithe rialachais a bhaineann lena chuid tionscadal taighde. Tháinig an coiste seo le chéile uair amháin in 2012*
- **Déanann an Coiste Luach Saothair agus Ainmniúcháin** monatóireacht ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fhorbairt bhainistíochta an Údaráis. Tháinig an coiste seo le chéile faoi dhó in 2012.

**Nuair a laghdaíodh ballraíocht an Bhoird go cúigear comhaltaí ó Bheltaine go Deireadh Fómhair 2012, ba ghá líon na gcruinnithe Choiste a laghdú dá réir.*


## 2.4 Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Tá an tÚdarás tar éis é féin a eagrú le freastal ar a phríomhfheidhmeanna. Dá bhrí sin, tá roinnt Stiúrthóireachtaí ann agus Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, atá á stiúradh agus á mbainistiú ag Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Féach ar Tábla 1 ar leathanach 16 chun forléargas a fháil ar fheidhmeanna gach Stiúrthóireachta díobh.

Is féidir an struchtúr eagraíochtúil a fheiceáil in Aguisín 3 ar leathanach 94. Is iad seo a leanas comhaltaí na foirne:



**An Dr Tracey Cooper**
Príomhfheidhmeannach agus Príomhchigire Gníomhach na Seirbhísí Sóisialta*




**An Dr Máirín Ryan**
Stiúrthóir Measúnaithe ar Theicneolaíocht Sláinte



**Phelim Quinn**
Stiúrthóir Rialúcháin***



**Marty Whelan**
Ceannaire Cumarsáidí agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara



**Kathleen Lombard**
Rúnaí an Bhoird agus Príomhoifigeach Priacal



**An tOllamh Jane Grimson**
Stiúrthóir Faisnéise Sláinte agus Leas-Phríomhfheidhmeannach



**Marie Kehoe-O'Sullivan**
Stiúrthóir um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta**



**Sean Angland**
Ceannaire Seirbhísí Corparáideacha



**Richard O'Sullivan**
Ceannaire Seirbhísí Dlí

* I rith 2012, lean an Dr Tracey Cooper uirthi mar Príomh-Chigire Gníomhach na Seirbhísí Sóisialacha.

** Thosaigh Marie Kehoe-O'Sullivan ag obair leis an Údarás in 2012.

*** Thosaigh Phelim Quinn ag obair leis an Údarás in 2012. Glacfaidh sé le ról reachtúil mar Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta freisin, mar atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007.

Tá cuntas achomair ar fheidhmeanna na Stiúrthóireachtaí le fáil i dTábla 1 thíos.

**Tábla 1:**
**Forbhreathnú Achomair ar Fheidhmeanna na Stiúrthóireachtaí**

| Stiúrthóireacht | Forbhreathnú ar Fheidhmeanna |
|---|---|
| **Cigireacht Na Seirbhísí Sóisialta** | Cigireacht agus ag clárú seirbhísí cúraim shóisialta, lena n-áirítear Na Seirbhísí Sóisialta seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta agus seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas. Cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cónaithe do leanaí. De réir mar a mheastar é a bheith riachtanach, déanfar imscrúduithe má bhíonn forais réasúnta ann a creidiúint go bhfuil contúirt thromchúiseach ann do shláinte nó do leas duine a bhfuil seirbhísí á bhfáil aige nó aici.<br><br>**Aistríodh feidhmeanna ó Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta chuig Stiúrthóireacht nua Rialála ar 1 Samhain 2012[4].** |
| **Chúraim Sláinte (HQS)** | Clár monatóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun feabhsuithe maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a chur chun cinn i gcúrsaí sláinte. De réir mar a mheastar é a bheith riachtanach, déanfar imscrúduithe má bhíonn forais réasúnta ann a creidiúint go bhfuil contúirt thromchúiseach ann do shláinte nó do leas duine a bhfuil seirbhísí á bhfáil aige nó aici.<br><br>**Aistríodh feidhmeanna maidir le cáilíocht agus le sábháilteacht i mí Iúil 2012 chuig stiúrthóireacht nua um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta (SQID)[3].**<br><br>**I Samhain 2012 aistríodh na feidhmeanna maidir le monatóireacht chuig Stiúrthóireacht nua Rialála[4].** |
| **Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta (SQID)[3]** | Tacú le cultúr maidir le feabhsú cáilíochta agus shábháilteacht othar ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialta; cabhrú le cur le cumas agus inniúlacht na ndaoine a sholáthraíonn seirbhísí; caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara agus oiliúint a sholáthar i modheolaíochtaí um bhfeabhsú cáilíochta agus uirlisí; scéimeanna a fheidhmiú a bhfuil sé d'aidhm acu sábháilteacht agus ardcháilíocht a chinntiú maidir le soláthar seirbhísí. |

3 Bunaíodh an Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta i mí Iúil 2012 agus ghlac siad le cuid de na feidhmeanna a bhíodh ag an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Chúraim Sláinte.

4 Is de Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta a bhíodh ann a cruthaíodh an Stiúrthóireacht Rialála agus tugadh cuid d'fheidhmeanna na Stiúrthóireachta um Cháilíocht agus Sábháilteacht Chúraim Sláinte dóibh. Tá an Stiúrthóireacht nua freagrach as clár leathan rialacháin agus maoirseachta a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar fud na hÉireann.

| Stiúrthóireacht | Forbhreathnú ar Fheidhmeanna |
|---|---|
| **Faisnéis Sláinte** | Easnaimh maidir le faisnéis sláinte a aithint agus comhairle a thabhairt fúthu; creat rialachais faisnéise a bhunú agus caighdeáin a leagadh síos le haghaidh faisnéis sláinte agus le haghaidh córais faisnéise sláinte; measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte agus sóisialta agus faisnéis a sholáthar fúthu. |
| **Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte** | Deimhin a dhéanamh de go n-úsáidtear acmhainní inár seirbhísí sláinte ar bhealach a chinntíonn an toradh is fearr don othar nó d'úsáideoir na seirbhíse - go sonrach tríd an measúnú (agus trí thacú leis an measúnú) a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus cost-éifeachtúlachtna dteicneolaíochtaí sláinte. |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Deimhin a dhéanamh de go n-oireann an tÚdarás don chuspóir a ceapadh dúinn, trí na hacmhainní daonna, an teicneolaíocht faisnéise cumarsáide, na saoráidí agus an bhainistíocht airgeadais agus na príomhsheirbhísí tacaíochta eile a sholáthar. |
| **Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara** | Bainistiú a dhéanamh ar gach cumarsáid atá ag an Údarás le lucht éisteachta seachtrach agus inmheánach, agus caidrimh chomhoibreacha a fhorbairt ar fud na gcóras sláinte agus cúraim shóisialta. |
| **Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh** | Maoirseacht, treoir agus tacaíocht a sholáthar le cur ar chumas an Údaráis a chuspóirí a bhaint amach go héifeachtach agus ar bhealach dhea-rialaithe. |

# 3

# Cuspóirí Straitéiseacha agus a bhfuil Bainte Amach







# 3 Cuspóirí Straitéiseacha agus a bhfuil Bainte Amach

## 3.1 Cuspóirí Straitéiseacha

Leanamar ar aghaidh i rith 2012 ag baint amach na spriocann atá leatha síos i *bPlean Corparáideach trí bliana an Údaráis 2010-2012*, de réir na gceanglas atá san Acht Sláinte, 2007. Tá príomhchuspóirí straitéiseacha an Údaráis thar an tréimhse ama sin sa Phlean Corparáideach agus tá cuntas ann faoi conas atá sé ar intinn ag an Údarás leas a bhaint as a chuid acmhainní chun cuspóirí an phlean a bhaint amach.

Forbraíodh Plean Gnó do 2012 freisin, glacadh leis agus cuireadh i bhfeidhm é i rith na bliana. Bhí cuntas ann ar na gníomhaíochtaí a chuirfeadh an tÚdarás i gcrích in 2012 chun na spriocann a bhí leagtha síos sa *Phlean Corparáideach 2010 - 2012* a bhaint amach. Ag deireadh na bliana sin bhí deireadh le chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh. Féach ar Aguisín 1 chun tuairisc achomair a fháil ar na spriocanna a baineadh amach sna trí bliana ó 2010 go 2012.

Tá tuairisc sa Tuarascáil Bhliantúil ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le gach gníomhaíocht ar tugadh fúithi in 2012 le tacú le baint amach na spriocanna a bhfuil cur síos orthu sa Phlean Corparáideach. Tá cuntas achomair ar na spriocanna straitéiseacha le fáil i dTábla 2 thíos.

**Tábla 2:**
**Spriocanna Straitéiseacha 2010 go 2012**

1. Córais éifeachtacha rialála a fhorbairt do cháilíocht agus do shábháilteacht shláinte agus cúraim shóisialta lena n-áireofar caighdeáin cáilíochta agus caighdeáin sábháilteachta náisiúnta, próisis mheasúnaithe agusmhonatóireachta, bearta agus táscairí.
2. Clár rialála a chur i gcrích a bheidh an-tionchar aige agus a chuimseoidh seirbhísí a chlárú mar is cuí, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trí chigireacht a dhéanamh i bhfianaise caighdeán náisiúnta, imscrúdú a dhéanamh ar phriacail a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh sláinte agus leas lucht úsáidte na seirbhísí agus tuairiscí poiblí a thabhairt ar na torthaí a gheobhaimid.
3. Caighdeáin a leagadh síos a chinnteoidh go n-úsáidfear faisnéis sláinte agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide go héifeachtach chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht cúraim shláinte agus cúraim shóisialta.
4. Eolas a sholáthar i gcomhair cinntí maidir le hinfheistíocht, nó dí-infheistíocht, a bheidh sábháilte, éifeachtach, a dhéanfaidh uasmhéadú ar shláinte agus ar fholláine an daonra agus a chinnteoidh luach maith ar airgead.
5. Barr feabhais sláinte agus seirbhísí sóisialta a chur chun cinn trí clár struchtúrtha a chur i bhfeidhm a bheidh dírithe ar dhea-chleachtas a aithint agus a chomhroinnt, ar acmhainn agus cumas a mhéadú trí úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní agus trí ghníomhaíocht spriocdhírithe a éascú in idirghabhálacha a bhfuil sé cruthaithe fúthu go bhfuil siad sábháilte.
6. A léiriú roimh 2012 go bhfeidhmíonn an tÚdarás mar chomhlacht éifeachtach, dea-rialaithe a bhfuil dea-thionchar aige ar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

## 3.2 Achoimre ar Mhórghníomhartha ón 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2012

Ar na príomhrudaí a bhaineadh amach in 2012 bhí:

- chomhlíonamar an ceanglas reachtúil atá orainn maidir le gach ionad a bhí sainithe i gcomhair daoine scothaosta ar nó roimh Mheitheamh 2009, a chlárú nó cinneadh a dhéanamh diúltú do na clárúcháin a bhí acu agus iad a chur ar ceal. Bhí 568 ionad i mbun oibre ar 30 Iúil 2012 agus bhí 562 (99%) acu cláraithe ag an Údarás. Maidir leis na sé ionad eile, bhí siad go léir ar chéimeanna deireanacha an phróisis
- foilsiú dhá thacar de Chaighdeáin Náisiúnta:
  - *Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte níos sábháilte agus níos fearr*
  - *Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*
- tabhairt faoi dhá iniúchadh lena n-áirítear:
  - bailchríoch a chur ar thuarascáil *faoin imscrúdú ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar rialachas an chúraim a chuir Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí ar othair a raibh géariontráil riachtanach dóibh agus an tuarascáil a fhoilsiú*
  - téarmaí tagartha a fhógairt *maidir le dhá imscrúdú ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar fáil d'othair, lena n-áirítear mná torracha, a bhí i baol meatha chliniciúil, lena n-áirítear iad sin a cuireadh ar fáil in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus mar a léirítear é, i measc rudaí eile, sa chúram agus chóireáil a cuireadh ar fáil do Savita Halappanavar*
- iniúchadh a dhéanamh ar 561 ionad san iomlán a bhí ainmnithe do dhaoine scothaosta agus 838 cuairt cigireachta san iomlán a dhéanamh in 2012. Iniúchtaí leantacha ab ea 51% díobh sin; agus ba chigireachtaí 'monatóireacht deich dtoradh'[5] 40% díobh. Bhain 6% díobh le saincheisteanna sonracha nó le saincheist amháin agus ba iniúchtaí 'na 18 dtoradh go léir' an 3% deireanach
- tabhairt faoi roinnt comhairliúchán poiblí maidir le caighdeáin lena n-áirítear:
  - *Dréachtchaighdeáin Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí*
  - *Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Ionaid Chónaithe i gcomhair Daoine faoi Mhíchumas*
  - *Caighdeáin a fhorbairt maidir le hIdir-inoibritheacht Ríomhsheirbhísí Sláinte in Éirinn: Doiciméad Comhairliúcháin*
  - *Dréacht-chaighdeáin le haghaidh Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta*
- coinneáil ar aghaidh le próiseas dlí agus forfheidhmithe arbh é an toradh a bhí air gur dúnadh cúig ionad in 2012 a bhí sainithe i gcomhair daoine scothaosta i gcomhréir leis an Acht Sláinte 2007

5 Is éard atá i 'monatóireacht ar dheich dtoradh' ná cigireacht trína ndéantar monatóireacht ó thaobh na bpríomhrialachán agus na hpríomhchaighdeán Féach ar leathanach 31 chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na cineálacha éagsúla cigireachtaí.

- chríochnaíomar dhá mheasúnacht ar theicneolaíocht sláinte; bhain ceann acu le máinliacht a dhéanamh le cúnamh róbait i gcás gnáthamh máinliachta roghnaithe agus bhain an ceann eile le seirbhís náisiúnta um spreagadh domhain inchinne
- thugamar léiriú ar obair an Údaráis do Chomhchoiste an Oireachtas um Shláinte agus Leanaí ar dhá ócáid faoi leith
- chuireamar bailchríoch ar Threoir Ginearálta maidir le Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr agus d'fhoilsíomar é
- chuireamar tús le cigireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí uile um chosaint leanaí atá ag FSS faoi na *Caighdeáin Náisiúnta nua atá againn um Chosaint agus Leas Leanaí*
- Chuireamar tús le clár le tacú le cultúr maidir le feabhsú cáilíochta agus shábháilteacht othar ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialta trí chabhrú le cur le cumas agus inniúlacht na ndaoine a sholáthraíonn seirbhísí; ullmhú le bheith mar Mhol na hÉireann ag Institiúid um Fheabhsú Cúraim Shláinte (IHI)
- dul i mbun réamhchomhairliúcháin agus caidrimh le páirtithe leasmhara faoi thosaíochtaí maidir le Plean Corparáideach an Údaráis do na trí bliana atá romhainn
- tús a chur le hiris nua ar líne ar a dtugtar HIQA News i gcomhair na bpáirtithe leasmhara
- chuireamar tús le cur i bhfeidhm cláir nua chun monatóireacht a dhéanamh ar shláinteachas agus ar chleachtais chun ionfhabhtú a chosc agus a rialú in ospidéil na hÉireann
- foilsiú réimse doiciméad maidir le Faisnéis Sláinte lena n-áirítear:
  - *Cad ba cheart a bheith ar eolas agat faoi Cáilíocht Sonraí: Treoir d'fhoireann sláinte agus cúraim shóisialta*
  - *Treoir maidir le Caighdeáin Teachtaireachtaí d'Éirinn*
  - *Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Ríomhordú Oideas agus ar Ríomhaistiriú Orduithe Oideas*
- leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm bhonneagar oibriúcháin an Údaráis, lena n-áirítear:
  - bunú dhá Stiúrthóireacht nua – Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta agus an Stiúrthóireacht Rialála (féach leathanach 16) agus rinneadh dhá phríomhcheapachán nuair a earcaíodh beirt le bheith i gceannas ar na Stiúrthóireachtaí nua
  - leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme bonneagair oibríochtúil an Údaráis; forbairt na gcóras inmheánach TFC agus feabhsú an chaoi a roinnimid faisnéis trí Sharepoint.

# 4





# Gníomhaíochtaí de réir Stiúrthóireachta



# 4 Gníomhaíochtaí de réir Stiúrthóireachta

## 4.1 Tuarascáil Oifig Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta / Cigireacht na Seirbhísí Sóisialta

**Aistríodh feidhmeanna Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta chuig Stiúrthóireacht nua Rialála ar 1 Samhain 2012 agus tá cuntas imlíne le fáil orthu ar leathanach 16.**

### 4.1.1 Cúlra


Ó 1 Iúil 2009 bhí Cigireacht na Seirbhísí Sóisialta de chuid an Údaráis freagrach as clárú agus as cigireacht na n-ionad sin atá sainithe le haghaidh daoine cleithiúnacha (is éard atá iontu i ndáiríre ná tithe altranais agus seirbhísí FSS nó seirbhísí deonacha le haghaidh daoine scothaosta). Ba é FSS a bhíodh freagrach as cigireacht agus as clárú na n-ionad príobháideach agus deonach roimhe sin.

Chomh maith le rialú a dhéanamh ar ionaid shainithe déanaimid cigireacht reachtúil ar ionaid chónaithe do leanaí, ar ionaid sainchúraim, ar scoileanna coinneála agus ar sheirbhísí cúraim altrama. Thosaíomar ag déanamh monatóireachta ar sheirbhísí FSS um chosaint agus leas leanaí in 2012; thosaíomar ag ullmhú freisin don obair rialacháin ar ionaid shainithe (seirbhísí cónaithe) le haghaidh leanaí agus daoine fásta atá faoi mhíchumas agus atá le tosú in 2013 faoi réir chead an Aire.



(Sa ghrianghraf ó chlé): An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Frances Fitzgerald TD, An Taoiseach Enda Kenny TD agus Sinead Murray, Oifigeach Feidhmiúcháin Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta i láthair ag seoladh na *gCaighdeán Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí.*

Is mian liom go dtabharfar tús áite do mise a bheith slán agus go mbreathnófar I ndiaidh mo riachtanais nuair atá cinntí á ndéanamh fúm.
















1 Póstaer a cuireadh ar taispeáint nuair a seoladh na Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí.

2 Sa ghrianghraf (ó chlé) An Dr Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach an Údaráis; Frances Fitzgerald TD, An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige; An Taoiseach Enda Kenny TD agus Pat McGrath, Cathaoirleach Bhord an Údaráis.

3 Niall Byrne, Leas-Stiúrthóir SSI.

4 An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Frances Fitzgerald TD.

5 An Taoiseach Enda Kenny TD.

### 4.1.2 Achoimre ar ghníomhaíochtaí na bliana 2012

Bhí siad seo a leanas ar na gníomhaíochtaí a bhí idir lámha againn in 2012:

- chuireamar bailchríoch ar an gcéad timthriall maidir le clárú na n-ionad sainithe (tithe altranais) i mí Iúil 2012
- leanamar ar aghaidh ag déanamh cigireachta ar ionaid shainithe (tithe altranais) agus ar sheirbhísí cónaithe do leanaí agus d'fhoilsíomar tuairiscí faoi na cigireachtaí sin ar ár láithreán Gréasáin
- chríochnaíomar an comhairliúchán poiblí agus d'fhoilsíomar *Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*
- thosaíomar ag déanamh monatóireachta ar sheirbhísí FSS um chosaint agus leas leanaí
- reáchtálamar roinnt seimineár do sholáthraithe agus do dhaoine atá i gceannas ar ionaid shainithe (seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta)
- thosaíomar ag ullmhú freisin don obair rialacháin atá le tosú go luath ar ionaid shainithe (ionaid chónaithe) le haghaidh leanaí agus daoine fásta atá faoi mhíchumas.


### 4.1.3 Gníomhaíocht clárúcháin agus cigireachta agus tuairiscithe

#### Cosaint leanaí

Leanamar orainn in 2012 ag déanamh cigireachta faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 ar sheirbhísí do leanaí; rinneamar 73 cigireacht san iomlán ar ionaid um chúram cónaithe, ar sheirbhísí cúraim altrama, ar ionaid sainchúraim, ar ionaid choinneála agus ar sheirbhísí um chosaint agus leas leanaí. Tá léiriú i bhFigiúr 2 thíos ar líon agus ar chineál na gcigireachtaí a chríochnaíomar in 2012. Lena chois sin d'earcaíomar naonúr cigirí breise agus thugamar oiliúint dóibh le dul ag obair inár bhfoireann um sheirbhísí do leanaí.

**Figiúr 2:**

**Líon agus cineál na gcigireachtaí a rinneadh ar sheirbhísí do leanaí ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2012**




### Tús curtha le monatóireacht seirbhísí um chosaint agus leas leanaí

Tugadh le fios i dtuarascáil a d'fhoilsigh an Rialtas faoi fhiosrúchán go bhforbródh an tÚdarás caighdeáin le haghaidh cosaint leanaí agus go gcuirfeadh sé tús le iniúchadh na seirbhísí cosanta agus leasa leanaí[6,7].

*Cuireadh próiseas náisiúnta comhairliúcháin ar siúl faoi na Dréachtchaighdeáin Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí in 2012*

Is é cuspóir na gCaighdeán chun cur síos a dhéanamh ar an is é cuspóir na gCaighdeán sin cur síos a dhéanamh ar thréithe Seirbhísí FSS do Leanaí agus Teaghlaigh agus iad i mbun a cuid feidhmeanna chun leas leanaí nach bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach á bhfáil acu a chosaint agus a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní i ndáil le cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim atá á fháil ag leanaí. Nuair a dhéantar cur síos ar na tréithe sin is féidir leis an tseirbhís a láidreachtaí a aithint mar aon leis na réimsí sin a bhféadfaí a fheabhsú.

Cuireann na Caighdeáin ar chumas leanaí, a dteaghlaigh agus a gcúramóirí a fheiceáil cad is seirbhís shlán éifeachtach ann. Díríonn na caighdeáin go léir ar na torthaí is fearr do leanaí agus tugann siad le fios dóibh cad is féidir leo a bheith ag súil leis le réasún ó na seirbhísí.




Nuair a bhí an chomhairliúchán phoiblí thart athbhreithníodh gach aighneacht go mion agus tiomsaíodh ráiteas torthaí ina ndearnadh coimriú ar an aiseolas agus ar bhfreagra a thug an tÚdarás air. Chuir sé sin an t-eolas ar fáil chun na caighdeáin deiridh a fhorbairt agus foilsíodh iad i mí Iúil 2012. Cuireann na Caighdeáin creat ar fáil d'fhorbairt seirbhísí leanbhlárnacha in Éirinn a chosnaíonn leanaí agus a chuireann a leas chun cinn.

Garsprioc thábhachtach iad na Caighdeáin maidir le córais chosanta leanaí a chur i bhfeidhm in Éirinn a bheidh níos sábháilte agus níos iontaofa do leanaí leochaileacha agus do leanaí atá i mbaol agus cuireann siad chun cinn freisin na prionsabail maidir le leas agus cosaint leanaí atá leagtha amach sa treoir Tús Áite do Leanaí. Déanfaidh an tÚdarás measúnú feidhmíochta níos leithne ar na Seirbhísí do Leanaí agus do Theaghlaigh nó a bheidh ag gníomhaireacht a thiocfaidh i gcomharbacht orthu, i ndáil lena feidhmeanna reachtúla chun cúram leordhóthanach agus cosaint a thabhairt do leanaí, faoi Alt 3 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 agus faoina ndualgais reachtúla faoi Thús Áite do Leanaí. Tabharfaidh na Caighdeáin treoir do FSS nó do ghníomhaireacht comharbhachta maidir le freagra a thabhairt ar ábhair imní faoi chosaint leanaí agus faoi conas ar cheart déileáil leis na hábhair imní sin.


6 Tuarascáil an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, 2009: Plean Feidhmithe.

7 Tosaíodh ag déanamh monatóireachta ar sheirbhísí FSS um chosaint agus leas leanaí in 2012.

Tá na 27 gcaighdeán leagtha amach agus curtha in eagar faoi na sé phríomhthéama mar léirítear sa léaráid thíos.

**Figiúr 3:**

**Sé phríomhthéama na gCaighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí**




Rinneamar mórchuid oibre ag forbairt modheolaíochta agus na ndoiciméad a ghabhann leo le haghaidh na céad chigireachtaí ar sheirbhísí FSS um cosaint agus leas leanaí. Chuaigh baill foirne go dlínsí eile chun tuiscint a fháil ar na cleachtais atá acu san chun monatóireacht a dhéanamh ar na seirbhísí um chosaint agus leas leanaí atá acu.

Rinneamar ár gcéad gcigireacht ar na seirbhísí um chosaint agus leas leanaí atá ag FSS i Samhain 2012 i limistéar Cheatharlach agus Chill Channaigh. Lena chois sin cheapamar agus d'fhoilsíomar treoir a mhíníonn an próiseas chun iniúchadh a dhéanamh ar seirbhísí um chosaint agus leas leanaí.

Tugadh oiliúint maidir le cosaint agus leas leanaí do chigirí uile na seirbhísí do leanaí agus tá sé beartaithe tuilleadh oiliúna a chur ar fáil an bhliain seo chugainn.

## Aonaid Sainchúraim

Nuair a athosclaíodh aonad chúraim speisialta Tí Coovagh i mí Iúil 2012 bhí trí aonad sainchúraim ann in Éirinn. Dúnadh aonad cúraim speisialta Tí Coovagh an bhliain roimhe sin lena athchóiriú agus nuair a athosclaíodh é fuair na cigirí amach go raibh feabhsuithe suntasacha déanta i dtaca le caighdeán an chúraim a sholáthraítear do na daoine óga a bhíonn ina gcónaí ann, agus i dtaca le bainistiú foirne agus leagan amach an fhoirgnimh.

Rinneadh cigireacht ar an dá aonad sainchúraim eile, Aonad Ghleann Álainn agus Aonad Bhaile Uí Dhúda in 2012; ba iad na príomhréimsí a d'aithin na cigirí a chaithfear a fheabhsú ná bainistiú foirne agus cur chun feidhme na mbeartas agus na gcleachtas maidir le daoine óga (suaiteacha) a scaradh amach óna bpiaraí.

### Seirbhísí cúraim altrama

Nuair a bhí ionaid chúram altrama FSS á roghnú lena n-iniúchadh in 2012, bhreithníomar réimse tosca lena n-áirítear cúrsaí déimeagrafacha, suíomh agus torthaí na moltaí a rinneadh roimhe d'fhonn déileáil le réimse samplach de na seirbhísí cúraim altrama a chuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil ar fud na tíre.

Rinneamar athbhreithniú ar an mhodheolaíocht a úsáideadh chun cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cúraim altrama. Nuair a bhí an t-athbhreithniú sin déanta, leagamar amach na hiniúchtaí le go ndíreofaí go príomha ar na torthaí a bhí ag na leanaí a bhí faoi chúram altrama; rinne muid é sin trí rianú a dhéanamh ar an chaoi a ndeachadar faoi cúram altrama agus trí labhairt leis na páistí féin, lena dteaghlaigh agus lena gcúramóirí agus le lucht FSS a bhfuil baint acu le seirbhísí a sholáthar do na leanaí atá faoi chúram altrama.

Nuair a bhí na cigireachtaí críochnaithe in 2012 cheapamar treoir a fhoilseofar in 2013 faoi mhodheolaíocht cigireachta.

Nuair a leasaíodh an tAcht um Chúram Leanaí, 1991 (leis an tAcht um Chúram Leanaí (Leasú) 2011) thosaíomar ag obair ag ullmhú chun cigireachtaí a dhéanamh ar sheirbhísí neamhreachtúla cúraim altrama in 2013.

### Cosaint Daoine Scothaosta

Ag deireadh na bliana 2012 bhí 28,000 duine ina gcónaí i 575 ionad sainithe in Éirinn agus déanann an tÚdarás monatóireacht ar an chaoi a gcomhlíonann na hionaid shainithe sin na caighdeáin agus na rialacháin[8] ar bhonn leanúnach:

- trí fhógraí a fháil ó sholáthraí maidir le himeachtaí suntasacha agus trí anailís a dhéanamh orthu
- trí fhaisnéis gan iarradh a fháil ó thríú páirtí agus anailís a dhéanamh uirthi sa chaoi go bhfeadfadh cúis imní a bheith ann maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil in ionad
- trí chigireachtaí a d'fhéadfadh a bheith réamhfhógartha nó gan coinne a dhéanamh ar an ionad
- trí idirghníomhaíochtaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith acu le soláthraí, lena n-áirítear cruinnithe.

### Forléargas ar an timthriall trí bliana i gcomhair ionad sainithe

### Ionaid a cláraíodh

Bhí thart faoi 600 ionad ag feidhmiú mar ionaid shainithe ar 1 Iúil 2009. Bhí sé de cheangal ar an bPríomh-Chigire a chinntiú roimh 30 Iúil 2012 go mbeadh gach soláthraí cláraithe nó go mbeadh cinneadh déanta diúltú don chlárúchán a bhí ann agus é a chur ar ceal.


Bhí 568 ionad i mbun oibre ar 30 Iúil 2012 agus bhí 562 (99%) acu cláraithe ag an Údarás agus teastas clárúcháin tugtha dóibh.

8 Is iad na na *Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta maidir le hIonaid Chónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn* na Caighdeáin atá i gceist. Is iad na Rialacháin sin an tAcht Sláinte 2007 (Rialacháin um Chúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Shainithe i gcomhair Daoine Scothaosta) 2009 (arna leasú) agus an tAcht Sláinte 2007 (Rialacháin um Chlárú Ionad Sainithe i gcomhair Daoine Scothaosta) 2009 (arna leasú).

Maidir leis na sé ionad eile, bhí siad go léir ar chéimeanna deireanacha an phróisis atá leagtha síos sa reachtaíocht[9]. Ar na sé ionad sin, cláraíodh cúig cinn acu ó shin agus eisíodh deimhnithe clárúcháin dóibh. Tá ionad amháin díobh i mbun achomhairc faoi láthair maidir leis an gcinneadh clárúchán a dhiúltú dó, agus meastar go rachaidh an cás os comhair cúirte go déanach i mí Eanáir 2013. Tá miondealú (de réir an chineáil soláthraí) le fáil i bhFigiúr 4 thíos ar na 562 ionad á bhí cláraithe roimh 30 Iúil 2012.

**Figiúr 4:**

**Líon agus céatadán na n-ionad (de réir an cineáil soláthraí) a cláraíodh roimh 30 Iúil 2012**




## Dúnadh ionad

There were a number of centres which closed between 1 July 2009 to 30 June 2012.

- Dúnadh 14 (2.5%) den thart ar 600 ionad bunaidh a bhí ann trí bheart rialacháin, áiríodh leo siúd:
  - dhún an tÚdarás sé ionad tar éis ordú cúirte a fháil faoi Alt 59 (1)[10] nó faoi Alt 60[11] Clárúchán a chur ar ceal
  - dúnadh ocht n-ionad faoi Alt 50 Diúltú Clárúcháin[12] agus/nó Alt 51 (1)(a) Cur ar ceal[13]
- Rinneadh cinneadh i gcás 27 ionad go ndúnfaidís go deonach[14]

Féach ar leathanaigh 32 agus 33 chun sonraí a fháil faoi dhúnadh ionad in 2012.

9 Fógra faoi Mholadh maidir le diúltú 1 / Fógra faoi Chinneadh deonú 1 / Fógra faoi Chinneadh diúltú 1 / Aighneacht ar siúl i gcás ionaid amháin ar tugadh fógra dó go ndeonófaí clárúchán dó ach go mbeadh coinníollacha ag dul leis / Ionaid nachndearna iarratas iomlán ar chlárúchán 2.

10 Is éard atá i gceist le hAlt 59 (1) ná Iarratas Práinneach a dhéanamh chun na cúirte chun clárúchán a chur ar ceal.

11 Is éard atá i gceist le hAlt 60 ná Iarratas Práinneach Ex-Parte chun na cúirte chun clárúchán a chur ar ceal.

12 Is éard atá i gceist le hAlt 50 ná Cinneadh chun diúltú d'iarratas ar chlárúchán.

13 Is éard atá i gceist le Cuid 51(1)(a) ná clárúchán a chur ar ceal ar bhonn neamhphráinneach.

14 Cuid 66 - dúnadh deonach arna dhéanamh ag an ionad sainithe.

### Ionaid nua

Lena chois sin thosaigh 17 ionad nua ag feidhmiú nach raibh amhlaidh ar 1 Iúil 2009, agus a cláraíodh iad i rith na tréimhse trí bliana sin.

### Cigireacht a rinneadh ar ionaid shainithe in 2012

Rinneadh cigireachtaí ar ionaid shainithe chun monatóireacht ar dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas reachtach agus chun feabhsú leanúnach a chinntiú. Rinne an tÚdarás athbhreithniú agus leasú in 2012 ar na téarmaí a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla cigireachta agus ar na teimpléid chigireachta a ghabhann leo - féach ar an mbosca mínithe thíos a mhíníonn cad is ciall leis na ceithre chineál cigireachta.


**Míniú ar cad is ciall leis na ceithre chineál cigireachta:**

- Leagann **Cigireachtaí 'Na 18 dtoradh go léir'** amach an chaoi a bhfuil ionad ag comhlíonadh na gcaighdeán agus na rialachán go léir. Is iondúil go ndéantar an cineál seo cigireachta nuair atá ionad á chlárú nó nuair atá an clárúchán á athnuachan.
- Nuair a bhíonn **'Monatóireacht deich dtoradh'** ar siúl déantar monatóireacht ar an gcaoi a bhfuil na príomhrialacháin agus na príomhchaighdeáin á gcomhlíonadh.
- Déantar **cigireachtaí leantacha** le féachaint an bhfuil na bearta riachtanacha curtha i gcrích ag an soláthraí
- Bíonn **cigireachtaí singile nó cigireachtaí saincheiste amháin** bunaithe ar fhógra nó ar fhaisnéis a fuarthas.

Rinneamar cigireacht ar 561 ionad sainithe in 2012; thugamar 838 cuairt chigireachta san iomlán (Léirítear i bhFigiúr 5 na cineálacha éagsúla cigireachta a rinneamar).

**Figiúr 5:**

**Líon agus cineál na gcigireachtaí a rinneadh ar ionaid shainithe ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2012**



Tá liosta le fáil i dTábla 3 thíos de líon agus de céatadán na gcuairteanna cigireachta a tugadh ar ionaid shainithe, ar bhonn na n-ionad foriomlán agus mar chéatadán de na cuairteanna foriomlána. De na 561 ionad sainithe ar tugadh cúirt cigireachta orthu in 2012, tugadh cuairt cigireachta amháin ar os cionn dhá thrian díobh, tugadh dhá chuairt cigireachta ar 22% díobh agus tugadh trí chuairt cigireachta nó níos mó ar an 9% eile.

**Tábla 3:**
**Líon na gcuairteanna cigireachta chuig ionaid shainithe in 2012**

| Líon na gcuirteanna ar ionaid | Líon na n-ionad (uimh.=561 ionad) | Mar % na n-ionad (uimh.=561 ionad | Iomlán na gcuairteanna (uimh. = 838 cuairt) | Mar % de na cuairteanna (uimh. = 838 cuairt) |
|---|---:|---:|---:|---:|
| 1 chuairt amháin | 386 | 69% | 386 | 46% |
| 2 chuairt | 126 | 22% | 252 | 30% |
| 3 chuairt | 29 | 5% | 87 | 10% |
| 4 chuairt | 8 | 1% | 32 | 4% |
| 5 chuairt | 4 | 1% | 20 | 2% |
| 6 chuairt | 3 | 1% | 18 | 2% |
| 7 chuairt | 1 | <1% | 7 | 1% |
| 8 chuairt | 2 | <1% | 16 | 2% |
| 9 chuairt | 1 | <1% | 9 | 1% |
| 11 chuairt | 1 | <1% | 11 | 1% |
| **IOMLÁN** | **561** | **100%** | **838** | **100%** |

## 4.1.4 Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin

### Dúnadh ionad 2012

Féadfaidh an tÚdarás smaoineamh a dhéanamh ar chaingean forfheidhmithe a thionscnamh nuair a bhíonn forais réasúnta acu le creidiúint go bhfuil rioscaí tromchúiseacha ann maidir le sláinte nó leas na gcónaitheoirí in ionad, nó má tá sárú substaintiúil, suntasach á dhéanamh ar na rialacháin toisc go bhfuil ag teip ar an soláthraí maidir lena d(h)ualgas chun cónaitheoir nó cónaitheoirí a chosaint.

Dúnadh dhá ionad shainithe déag in 2012 agus dhún an formhór acu san (64%) go deonach. Bhí líon beag ionad ann a dúnadh mar gheall ar ghníomh forfheidhmithe a rinne an tÚdarás - féach ar an gcéad leathanach eile le haghaidh liosta d’uimhreacha n-ionad a dúnadh in 2012 agus na cúiseanna a bhí lena ndúnadh.

Ionaid a Dúnadh faoi Alt (faoi Ailt) den Acht Sláinte 2007, arna leasú

- Dhún an tÚdarás ionad amháin tar éis dó ordú cúirte a fháil faoi Alt 59 (1) - *Iarratas práinneach chun na cúirte chun clárúchán a chur ar ceal* nó - iarratas Éigeandála Ex-parte faoi Alt 60 - chun na cúirte chun clárúchán a chur ar ceal
- Dúnadh cheithre* ionad faoi Alt 50 - *Cinneadh chun diúltú d'iarratas ar chlárúchán agus/nó Alt 51 (1)(a) - Cealú neamhphráinneach clárúcháin*
- Dúnadh seacht n-ionad faoi Alt 66 - *dúnadh deonach arna dhéanamh ag an ionaid shainithe.*

* Bhí orduithe faoi Alt 50 agus Alt 51 araon i gceist i gcás 4 ionad.

## Ábhair Imní

Léiríodh 277 ábhair imní maidir le hionaid shainithe don Údarás in 2012. Ar na daoine a léirigh ábhair imní bhí daoine a bhí ina gcónaí san ionad, cuairteoirí nó gaolta daoine a bhí ina gcónaí san ionad, ball foirne (nó baill foirne) nó tríú páirtí a raibh teagmháil dhíreach aige nó aici le duine a bhí ina c(h)ónaí ann. Déantar measúnú ar an bhfaisnéis a fhaigheann an tÚdarás maidir le:


- an tionchar atá aige ar na cónaitheoirí
- cáilíocht na seirbhíse atá á cur ar fáil
- cibé an léiríonn nó nach léiríonn an t-ábhar imní go bhfuil baol ann maidir le sábháilteacht na gcónaitheoirí
- cibé an bhfuil an soláthraí cláraithe ag comhlíonadh na gcaighdeán agus na rialachán nó nach bhfuil.

Ar bhunús an mheasúnaithe seo déanann an tÚdarás cinneadh faoi cén beart is gá a dhéanamh chun na daoine atá ina gcónaí in ionad sainithe a chosaint nó an gá beart ar bith a dhéanamh.

Tá na cúig chineál ábhar imní ba choitianta a nochtadh don Údarás i 2012 roinnte ar na catagóirí atá léirithe i bhfigiúr 6.

**Figiúr 6:**

**Tá na cúig chineál ábhar imní ba choitianta a nochtadh don Údarás i 2012 roinnte ar na catagóirí seo a leanas:**




Déileáladh go hiomlán le 98% (272) de na hábhair imní maidir le hionaid shainithe in 2012 agus bhí 2% díobh (5) idir lámha fós.

Tá treoir faoin bpróiseas le déileáil le hábhair imní maidir le leanaí san Acht um Chúram Leanaí 1991 agus sa Treoir a bhaineann le Tús Áite do Leanaí[15]. Nochtadh 73 ábhar imní don Údarás maidir le cúram altrama agus maidir le hionaid chónaithe do leanaí in 2012. Cuireadh na hábhair imní sin faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte le go dtabharfadh siad aire dóibh. Ní dhéanann an tÚdarás rialú ná cigireacht faoi láthair ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas; mar sin féin nochtadh 17 ábhar imní maidir le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas in 2012.

### 4.1.5 Obair ullmhúcháin don obair rialacháin ar ionaid shainithe (seirbhísí cónaithe) le haghaidh leanaí agus daoine fásta atá faoi mhíchumas

Mar chuid den obair ullmhúcháin do theacht i bhfeidhm rialúchán na n-ionad sainithe do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas, rinneamar athbhreithniú ar na Dréachtchaighdeáin Cáilíochta Náisiúnta maidir le hIonaid Chónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas. Mar chuid den athbhreithniú chuamar i mbun comhairliúcháin le réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus na príomh-scáthghrúpaí míchumais.

Cuireadh na dréachtchaighdeáin leasaithe ar taispeáint le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ar feadh tréimhse cúig seachtaine i nDeireadh Fómhair 2012. I rith na tréimhse sin bhuaileamar le daoine a úsáideann na seirbhísí sin, le tuismitheoirí na ndaoine a úsáideann iad agus le soláthraithe seirbhíse chun aiseolas a fháil uathu faoi na dréachtchaighdeáin. Fuarthas breis is 100 aighneacht de thoradh an chomhairliúcháin phoiblí agus cuireadh na tuairimí i gcomparáid le chéile agus cuireadh san áireamh iad. Tá na dréachtchaighdeáin a bheidh ann dá mbarr le chur faoi bhráid Bhord an Údaráis go luath in 2013.

15 Is é an teideal atá ar an treoir seo ná Tús Áite do Leanaí: Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí.




Craoladh físeán ar chainéal YouTube an Údaráis a chuir tús leis an *gcomhairliúchán maidir leis na Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Ionaid Chónaithe i gcomhair Daoine faoi Mhíchumas* i nDeireadh Fómhair 2012. Breathnaíodh air níos mo ná 290 uair. Fuaireamar 100 aighneacht mar fhreagra ar an gcomhairliúchán ó ghrúpaí leasmhara, ó chónaitheoirí agus óna dteaghlaigh agus ón bpobal i gcoitinne.

Le cois na gcruinnithe leis an Roinn Sláinte atá ar siúl i gcónaí rinneadh obair eile in 2012 mar ullmhúchán do thosach na feidhme nua seo. Áirítear leis an obair sin pleanáil an fhórsa oibre, sainiú agus cainníochtú réim na n-ionad sainithe agus forbairt mhodheolaíochta chun an obair rialúcháin a dhéanamh.

## 4.1.6 Cumarsáid

### Léirithe ag Comhdhálacha

Thug an tÚdarás léirithe faoin ról atá aige maidir le rialú ionad sainithe agus monatóireacht seirbhísí cónaithe do leanaí d'eagraíochtaí éagsúla lena n-áirítear:

- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Cumann na bPríomh-Oifigeach Dóiteáin
- Comhdháil bhliantúil Tithe Altranais na hÉireann
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

### Seimineáir do Sholáthraithe agus do Dhaoine i gceannas ar ionaid shainithe

Reáchtálamar seimineáir i dtrí ionad in 2012 ceann amháin i ngach ceann de thrí limistéar riaracháin an Údaráis (an Deisceart, an Tuaisceart, agus an Limistéar Lárnach). Bhí 700 soláthraí agus daoine a bhí i gceannas ar ionaid shainithe i láthair ag na seimineáir sin. Bhí ionadaithe na soláthraithe ar an ngrúpa comhairleach le cinntiú go gclúdódh na seimineáir topaicí bainteacha mar:

- athbhreithniú ar cháilíocht agus ar shábháilteacht an chúraim a chuirtear ar fáil sna hionaid shainithe agus ar cháilíocht na beatha iontu
- soiléirithe ar an réimse riachtanas rialachán lena n-áirítear fógraí agus an próiseas chun clárúcháin a athnuachan.

### Nuachtlitir do Phainéal na gCairde agus na nGaolta

Lean Phainéal na gCairde agus na nGaolta orthu ag teacht le chéile in 2012. Gaolta agus cairde daoine atá ina gcónaí in ionaid shainithe atá ar an bpainéal. D'eisigh an painéal a nuachtlitir REACH atá leagtha chun eolas a thabhairt do chairde agus do ghaolta daoine atá in ionaid chúraim chónaithe faoi dhea-chleachtas maidir le cúram cónaitheach agus faoi obair chigireachta agus chlárúcháin an Údaráis agus chun na gaolta agus na cairde sin a chumasú.

### Caidreamh rialta le heagraíochtaí ábhartha

Buaileann an tÚdarás go rialta leis na príomhchomhlachaí soláthair, mar Nursing Homes Ireland agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chomh maithe le príomhpháirtithe leasmhara eile, chun saincheisteanna rialacháin bhainteacha eile a phlé. Is gcás na réimsí freagrachta atá roinnte nó ag forluí ar a chéile, tá an tÚdarás ag obair freisin le Meabhráin Tuisceana (MT) a fhorbairt idir é féin agus eagraíochtaí reachtúla ábhartha eile chun plé a dhéanamh ar bhearta comhoibreacha agus teacht ar comhaontú fúthu. Bunaíodh grúpa idirchaidrimh in 2012 idir an Údarás agus ionadaithe ó Chumann na bPríomh-Oifigeach Dóiteáin chun doiciméid chomhairle agus treorach a chur ar fáil dá bhfoirne faoi seach.

### Nuachtlitir agus na scéalta is déanaí do sholáthraithe ionad sainithe

Mar aon leis an nuachtlitir a sheolaimid chuig soláthraithe na n-ionad sainithe, ina bhfuil na scéalta is déanaí faoinár n-obair rialacháin agus tagairtí d'fhoilseacháin a bhfuil ailt úsáideacha iontu faoi chúram sóisialta, eisímid Foláirimh Shábháilteachta do sholáthraithe freisin. Thugamar isteach na Foláirimh Sábháilteachta sin in 2012 mar fhreagra ar roinnt teagmhas tromchúiseach a tharla in ionaid shainithe do dhaoine scothaosta agus d'insíomar do na soláthraithe na príomh-réamhchúraimí sábháilteachta ar cheart dóibh a ghlacadh i ndáil leis na teagmhais sin.

### *Anailís ar thorthaí na gcigireachtaí a rinneadh in ionaid shainithe i rith na gcéad 15 mhí cigireachta.*

D'fhoilsigh an tÚdarás an tuarascáil sin i mí Feabhra 2012 inar tugadh forbhreathnú náisiúnta cúlghabhálach ar thorthaí na n-iniúchtaí tosaigh a rinneadh ar ionaid shainithe ó 1 Iúil 2009 go deireadh mhí Mheán Fómhair 2010. Cíoradh ann an chaoi ar thug soláthraithe aghaidh ar sáruithe na reachtaíochta baintí sa tréimhse chúig mhí déag sin agus scrúdaíodh na príomhrudaí a d'fhoghlaim an tÚdarás agus na soláthraithe i rith an ama sin.

Tugadh le fios san athbhreithniú ar na tuairiscí tosaigh:

- gur bhain na sáruithe ba mhinice a rinneadh ar na Rialacháin, leis an Rialachán maidir le hÁitribh (a rialaíonn cáilíocht agus oiriúnacht na cóiríochta fisicí agus na n-áiseanna do riachtanais na gcónaitheoirí) agus go raibh tionchar acu ar shábháilteacht na gcónaitheoirí agus ar cháilíocht na beatha a bhí acu agus gur bhain na sáruithe sin le níos mó ná trí cheathrú de na hionaid a ndearnadh anailís orthu
- sa dara háit bhí nósanna imeachta um bhainistiú priacal, a bhain le trí ceathrú de na hionaid go léir agus a bhfuil impleachtaí suntasacha acu maidir le sábháilteacht na gcónaitheoirí
- i measc na sáruithe eile a bhí á ndéanamh minic go leor ar na Rialacháin bhí: Cúrsaí Cosanta agus Leasa i gcoitinne, Oiliúint agus Forbairt Foirne, Cearta Áitritheoirí, agus Pleananna maidir le Cúram agus Measúnú. Tá laigí sna réimsí tábhachtacha sin ar na príomhfháthanna go mbíonn drochcháilíocht beatha ag cónaitheoirí agus is baolach dá mbarr nach gcuirfear cúram oiriúnach (bunaithe ar mheasúnú riachtanas) ar fáil go comhsheasmhach.

**Rinneadh cuid den Stiúrthóireacht Rialála de Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta ar 1 Samhain 2012. Tugann an Stiúrthóireacht nua seo le chéile gníomhaíochtaí rialála uile an Údaráis. Féach ar Chaibidil 4.3 chun tuairisc a fháil ar ghníomhaíochtaí na Stiúrthóireachta Rialála.**

# 4.2 Cáilíocht agus Sábháilteacht sa Chúram Sláinte

Aistríodh na feidhmeanna a bhaineann le feabhsú caighdeán agus cáilíochta i mí Iúil 2012 ón Stiúrthóireacht um Cháilíocht Sláinte agus Sábháilteacht (HQS) chuig Stiúrthóireacht nua ar a dtugtar an Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta (SQID). Féach caibidil 4.4 chun tuairisc a fháil faoi dhul chun cinn SQID in 2012. Aistríodh na feidhmeanna a bhaineann le monatóireacht chuig Stiúrthóireacht nua ar a dtugtar An Stiúrthóireacht um Rialachán ar an 1 Samhain - féach ar an gcéad chaibidil eile. Baineann an tuarascáil seo le gníomhaíochtaí HQS sular aistríodh na feidhmeanna sin.

## 4.2.1 Cúlra

Faoin Acht Sláinte 2007, tá an tÚdarás freagrach as caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a fhorbairt maidir le seirbhísí sláinte, as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin agus as imscrúdú a dhéanamh de réir mar is gá ar ábhair thromchúiseacha imní maidir le sláinte agus leas na ndaoine a úsáideann na seirbhísí. Tá an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Chúraim Sláinte freagrach thar ceann an phobail as na feidhmeanna sin a chur i bhfeidhm.

Le linn 2012 bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas san áireamh inár gcuid oibre:

- bailchríoch a chur ar thuarascáil *faoin imscrúdú ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar rialachas an chúraim a chuir Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí ar othair a raibh géariontráil riachtanach dóibh agus an tuarascáil a fhoilsiú*
- fhoilsíomar agus sheolamar na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr*
- d'fhoilsíomar *Ráiteas ar Thorthaí - Tuarascáil ar thoradh an chomhairliúcháin phoiblí ar na Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte níos Sábháilte agus Níos Fearr*
- rinneamar comhordú ar chruinnithe athbhreithnithe nuair a eisíodh an tuarascáil *Pre-hospital Emergency Care Key Performance Indicators for Emergency Response Times*
- thugamar freagraí ar réimse faisnéise a cuireadh faoinár mbráid maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí cúraim sláinte.

## 4.2.2 Achoimre ar ghníomhaíochtaí na bliana 2012

### D'fhoilsíomar na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr

**D'fhoilsíomar na** Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr Sheol an tAire Sláinte na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr i mí Meitheamh 2012 ag ócáid i dTeach an Ardmhéara ag a raibh os cionn 200 duine i láthair.

Tá sé mar aidhm ag na Caighdeáin sin cur le caighdeán agus sábháilteacht na seirbhísí cúraim sláinte trí cur síos a thabhairt ar cad ba cheart a bheith i gceist le cáilíocht agus sábháilteacht sna seirbhísí go léir, agus slata tomhais a thabhairt do sholáthraithe, d'úsáideoirí na seirbhíse agus do ghníomhaireachtaí maoinithe chun caighdeán agus sábháilteacht na seirbhísí a mheas. Beidh an pobal i gcoitinne, lucht úsáidte na seirbhíse agus soláthraithe seirbhíse in ann labhairt leis an nguth céanna. Tá sé i gceist go soláthródh na caighdeáin treochlár maidir le seirbhís ardchaighdeáin chúram sláinte a bheidh sábháilte agus iontaofa.

Léiríonn na Caighdeáin sin na torthaí a chuireann le cáilíocht an chúraim agus na cóireála agus an cineál eispéiris a bhíonn ag duine a úsáideann an tseirbhís: cibé an bhfuil siad lárnaithe ar an duine, sábháilte, éifeachtach agus an gcothaíonn siad sláinte níos fearr. Ina theannta sin, bíonn saintréithe áirithe mar rialachas, ceannaireacht, bainistíocht, fórsa oibre, úsáid acmhainní agus úsáid faisnéise riachtanach má tá seirbhís chun ardchaighdeáin a bhaint amach.

Is céad chéim iad na Caighdeáin maidir le córas ceadúnaithe a cheapadh i gcomhair chóras chúram sláinte na hÉireann, idir phríobháideach agus phríobháideach. Tá an tÚdarás ag súil go bhfuil na Caighdeáin á gcur i bhfeidhm ag gach soláthraí ón uair ar seoladh iad. Forbróidh an tÚdarás cláir um fheabhsú cáilíochta le tacú le soláthraithe FSS agus le soláthraithe atá maoinithe ag FSS chun riachtanais na gCaighdeán Náisiúnta a shásamh (féach ar chaibidil 4.4 faoin Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta chun tuilleadh faisnéise a fháil).

Seoladh na Caighdeáin ar líne freisin mar aon le treoracha ilmheán d'úsáideoirí seirbhíse agus do sholáthraithe seirbhíse, lena n-áirítear:

- thug Ceannaire Caighdeán agus Modheolaíochta an Údaráis léiriú gearr YouTube ar na Caighdeáin
- taifeadadh an seoladh ar fhíseán
- Treoir gearr faoi na Caighdeáin Náisiúnta
- taispeántas sleamhnán faoi na Caighdeáin Náisiúnta
- Ráiteas ar Thorthaí

Tá na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte níos Sábháilte agus níos Fearr* an-tábhachtach go deo d'othair óir cuireann siad iad i gcroílár an phróisis maidir le cúram a sholáthar. Tá siad dírithe ar othair a chosaint agus ar sheirbhísí a fheabhsú, agus beidh siad mar bhunús do cheadúnú gach saoráide sláinte in Éirinn amach anseo.

D'fhoilsigh an tÚdarás Ráiteas ar Thorthaí ón gcomhairliúchán fairsing poiblí a bhí ar siúl faoi na Caighdeáin Náisiúnta.

Tugadh cuntas achomair sa Ráiteas ar an aiseolas a fuarthas, chomh maith le conas ar ionchorpraíodh é sa phróiseas athbhreithnithe agus forbartha.




## Seirbhísí um chúram éigeandála réamhospidéil

Leanamar ar aghaidh ag tacú le húsáid príomhtháscairí feidhmíochta FSS chun feabhsuithe a chur chun cinn sa chúram éigeandála réamhospidéil. Moladh sa tuarascáil a d'fhoilsigh an tÚdarás in 2011 faoi *Phríomhtháscairí Feidhmíochta le haghaidh Agaí Práinnfhreagartha i gcás Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil* go gcuirfí príomhtháscairí feidhmíochta i bhfeidhm i gcás agaí práinnfhreagartha éigeandála. Rinneamar comhordú in 2012 ar na cruinnithe athbhreithnithe leis an Roinn Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun scrúdú a dhéanamh ar dhul chun cinn na seirbhíse i bhfianaise na moltaí sin.

## Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán

### Freagra a thabhairt ar fhaisnéis atá ina hábhar imní maidir le sláinte agus leas úsáideoirí na seirbhíse


Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar fhaisnéis a fhaigheann sé faoi shábháilteacht agus faoi cháilíocht na seirbhísí cúraim sláinte a chuireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil nó a cuirtear ar fáil thar a ceann. Is é an aidhm atá leis ná a fháil amach má tá ospidéil ag comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta nó má léiríonn an fhaisnéis go mb'fhéidir go mbeadh forais réasúnacha ag an Údarás a chreidiúint go bhfuil baol tromchúiseach ann do shláinte agus do leas na ndaoine dá bhfuil na seirbhísí sin á soláthar dóibh. Mar fhreagra, feidhmíonn an tÚdarás chun úsáideoirí seirbhíse a chosaint trí iarracht dearbhuithe a fháil ó FSS nó ó sholáthraithe seirbhísí go bhfuil na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'othair á maolú agus a mbainistiú.

Más rud é nach gcuireann an soláthraí seirbhíse na dearbhuithe is gá ar fáil agus má chreideann an tÚdarás go bhfuil riosca tromchúiseach ann d'othair, sa chás sin féadfaidh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí nó féadfaidh sé Creat Tuairiscithe Speisialta a chur i bhfeidhm.

Sa bhliain 2012, nochtadh 196 ábhar imní don Údarás maidir le cáilíocht agus le sábháilteacht seirbhísí cúraim sláinte; ba laghdú 20% é sin ar an méid faisnéise a fuarthas in 2011. Léiríonn Figiúr 7 líon na n-ábhar imní a fuarthas an dá bhliain sin.

**Figiúr 7:**

**Líon na n-ábhar imní a nochtadh don Údarás maidir le cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí cúraim sláinte in 2011 agus in 2012**



I 2012, chuir an tÚdarás Creat Tuairiscithe Speisialta i bhfeidhm le Grúpa Ospidéal Lú agus na Mí agus le Grúpa Ospidéal Réigiúin an Mheán-Iarthair agus moladh, d'Ard-Stiúrthóir Ainmnithe FSS, go gcuirfí creat bearta speisialta[16] i bhfeidhm ar an dá láthair.

Téigh chuig caibidil 4.3 faoi Rialachán le léamh faoin gclár monatóireachta atá déanta ag an Údarás ar an chaoi a bhfuil ospidéil ghéarmhíochaine ag comhlíonadh na *gCaighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtaithe atá Bainteach leis an gCúram Sláinte*.

### Tuarascáil faoin imscrúdú a rinne an tÚdarás ar Ospidéal Thamhlachta

D'fhoilsigh an an tÚdarás tuarascáil faoi *Imscrúdú a rinneadh ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar rialú an chúraim a chuirtear ar fáil in Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, d'othair a bhfuil iontráil ghéar riachtanach dóibh*. Thugamar faoin imscrúdú sin mar fhreagra ar fhaisnéis a spreag ábhair imní faoi na priacail do shláinte agus leas na n-othar a bhí ag freastal ar an Rannóg Éigeandála in Ospidéal Thamhlachta.

Fuarthas san imscrúdú go raibh dúshláin le sárú le fada maidir le ceannaireacht, rialachas, feidhmíocht agus bhainistíocht ar leibhéal an Bhoird agus ar leibhéal Feidhmiúcháin san Ospidéil, agus cé go raibh maoiniú suntasach á fháil ag an Ospidéal sin ón Stát gur theip ar an Stát an tOspidéal a choimeád cuntasach as cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí a bhí á gcur ar fáil ann. De thoradh na ndúshlán sin glacadh leis go ginearálta go bhféadfaí othair a fhágáil ina luí ar thralaithe i bpasáistí ar feadh tréimhsí fada agus go raibh easpa soiléireachta ann faoi cé a bhí freagrach as na hothair




Sa ghrianghraf (ó chlé) ag seoladh na tuarascála faoin imscrúdú a rinneadh ar Ospidéal Thamhlachta tá: An Dr Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach an Údaráis, Hilary Coates, Ceannaire Oibríochtaí, Sábháilteachta agus Foghlama (HQS) agus Mary Dunnion, Bainisteoir Réigiúnach (HQS).

Díríodh sna cinntí agus san 76 moladh a d'eascair ón imscrúdú seo ar na feabhsuithe is gá a dhéanamh in Ospidéal Thamhlachta, agus in ospidéil cosúil leis ar fud na tíre, chomh maith leis na hathruithe atá riachtanach chun feabhas a chur ar chuntasacht an chórais sláinte agus an Stáit agus an gá atá le nuachóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a reáchtáiltear ár gcóras sláinte in Éirinn.

16 Faoi mar a moladh i dtuarascáil an Údaráis ar *Imscrúdú a rinneadh ar cháilíocht, shábháilteacht agus rialú an chúraim a chuirtear ar fáil in Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí d'othair a bhfuil iontráil ghéar riachtanach dóibh.*

Sheol an tÚdarás na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr.

1 An tAire Sláinte an Dr James Reilly TD ag labhairt dó ag seoladh na gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr.

2 Margaret Murphy, a shaothraíonn ar son Patients for Patient Safety de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte.

3 Sa ghrianghraf (ó chlé) Fergus Clancy, Independent Hospitals Association of Ireland, An Dr Philip Crowley, Stiúrthóir Náisiúnta, Cáilíocht agus Sábháilteacht Othar, FSS, An Dr Deirdre Mullholland, Ceannaire Caighdeán agus Mhodheolaíochta an Údaráis agus An Dr Tony Hollohan, Príomh-Oifigeach Míochaine na Roinne Sláinte.

4 Sa ghrianghraf (ó chlé) An tAire Sláinte, an Dr James Reilly TD, An Dr Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach an Údaráis agus Pat McGrath, Cathaoirleach Bhord an Údaráis.

5 Pat McGrath, Cathaoirleach Bhord an Údaráis, ag labhairt leis an lucht féachana.

1



2



3


5



4


Áirítear leo moltaí chun feabhas a chur ar an gcúram géarmhíochaine d'othair i ranna éigeandála ar fud na tíre, bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar iontráil agus scaoileadh amach othar agus moltaí maidir le rochtain ar thástálacha diagnóiseacha. Tá moltaí ann freisin chun na socruithe a neartú maidir le príomhfheidhmeannaigh agus cathaoirligh a choimeád cuntasach as seachadadh agus as cáilíocht na seirbhíse; tá ceanglas ann go ndéanfadh gach bord agus feidhmeannach agus soláthraí cúraim sláinte atá ann cheana féin is atá ag fáil maoiniú ón Stát, measúnú orthu féin i bhfianaise na moltaí ábhartha sa tuarascáil agus bonn bunreachtúil, chomhdhéanamh agus inniúlacht a leithéid de bhoird a thabhairt cothrom le dáta.




Mary Dunnion, Bainisteoir Réigiúnach (HQS), ag labhairt leis an lucht féachana a bhí i láthair ag preasagallamh nuair a seoladh an tuarascáil faoi imscrúdú Ospidéal Thamhlachta.

# 4.3 Rialáil

## 4.3.1 Cúlra

Tá an tÚdarás freagrach faoin Acht Sláinte 2007, as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán agus as imscrúdú a dhéanamh, de réir mar is gá, ar ábhair thromchúiseacha imní faoi shláinte agus faoi leas daoine a úsáideann an tseirbhís. Tá an Stiúrthóireacht Rialála freagrach as na feidhmeanna sin a chur i gcrích ar son an phobail.

Bunaíodh an Stiúrthóireacht Rialála ar 1 Samhain 2012. Cruthaíodh í de Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta agus den Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúraim Sláinte a bhíodh ann roimhe seo agus tá sí freagrach as clár fairsing rialacháin agus maoirseachta a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar fud na hÉireann.



Thosaigh Stiúrthóir Rialála, Phelim Quinn, ag obair leis an Údarás in 2012 agus glacfaidh sé ról reachtúil freisin mar Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta.

Thosaigh an Stiúrthóireacht nua ag cur pleananna i dtoll a chéile in 2012 lena chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní acu, agus go bhfuil siad eagraithe agus bainistithe i gceart le freastal ar riachtanais an Údaráis a chuid clár straitéiseach a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- ionaid shainithe a rialú de réir an Achta Sláinte, 2007 (arna leasú)
- dearbhú forásach a thabhairt faoi chaighdeán agus faoi shábháilteacht na seirbhísí sainithe sláinte in Éirinn: leas a bhaint as clár láidir dearbhaithe agus faireachais i gcomhréir leis an Acht Sláinte 2007 chun cáilíocht an chúraim shainithe sláinte agus shóisialta a dhearbhú
- dearbhú comhleanúnach a thabhairt ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí sainithe do leanaí in Éirinn: cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cúraim leanaí faoi mar a d'iarr an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 agus monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cosanta leanaí FSS i i bhfianaise na *gCaighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*. Cigireacht a dhéanamh ar scoileanna coinneála de réir mar a iarrann an tAire.

Nuair a bhí an Stiúrthóireacht nua á cruthú, d'eascair deis eile ó riachtanas an Údaráis chun a Phlean nua Corparáideach trí bliana a fhorbairt do na trí bliana atá le teacht. I dtreo dheireadh na bliana 2012, thapaigh an tÚdarás an deis chun machnamh a dhéanamh ar na rudaí ar gá a bheith curtha i bhfeidhm aige le déileáil leis an chaoi a raibh an rialtas ag díriú níos mó is níos mo ar

na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta; cuireadh leis an mbéim a bhí á leagadh acu orthu nuair a forbraíodh beartas an rialtais maidir le rialú agus maoirsiú na n-ionad a chuireann cóiríocht agus cúram ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas, forbairt agus measúnú na gcaighdeán um chosaint leanaí agus na tagairtí a rinneadh i bpáipéar straitéise[17] na Roinne Sláinte 2012 do cheadúnú na n-ospidéal, do rialú na seirbhísí cúraim bhaile agus don chaoi a d'fhéadfaí an Coimisiún Meabhair-Shláinte a nascadh leis an Údarás.

Cuireann bunú na Stiúrthóireachta nua Rialála ar chumas an Údaráis aghaidh a thabhairt sna trí nó sna ceithre bliana atá romhainn ar na gnéithe breise sin a d'fhéadfadh a bheith ann.

## 4.3.2 Achoimre ar ghníomhaíochtaí na bliana 2012

Bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas ina gcuid den obair a bhain le rialú sláinte in 2012:

- fógairt Téarmaí Tagartha an imscrúdaithe ar sábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh
- Monatóireacht a dhéanamh ar an chaoi a raibh na hospidéil ag comhlíonadh na *gCaighdeán Náisiúnta maidir le Cosc agus Rialú Ionfhabhtaithe Bainteach leis an gCúram Sláinte*.

### Imscrúdú

Tar éis dóibh iarratas a fháil ó FSS[18], chuir Bord an Údaráis tús le *himscrúdú ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar fáil d'othair, lena n-áirítear mná torracha, atá i baol meatha chliniciúil, lena n-áirítear iad sin a cuireadh ar fáil in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus mar a léirítear é, i measc rudaí eile, sa chúram agus chóireáil a cuireadh ar fáil do Savita Halappanavar.*

Déanfar measúnú san imscrúdú cibé ar shásaigh na seirbhísí a soláthraíodh na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr* agus leis an bhfianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi cad a sholáthraíonn na torthaí is fearr.

Tá sé ar intinn ag an Údarás a chuid torthaí a fhoilsiú in 2013.

### Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-ospidéal

Chuir an tÚdarás tús le clár i ráithe deireanach na bliana 2012 le monatóireacht a dhéanamh ar an chaoi a raibh na hospidéil ag comhlíonadh na *gCaighdéan Náisiúnta maidir le Cosc agus Rialú Ionfhabhtaithe Bainteach leis an gCúram Sláinte*. Is é aidhm an chláir monatóireachta dearbhuithe a sholáthar don phobal go bhfuil caighdeáin curtha i bhfeidhm ag ospidéil agus go bhfuil siad á gcomhlíonadh agus go bhfuil siad ag cur na bhfeabhsuithe sábháilteachta i bhfeidhm a choisceann agus a rialaíonn Ionfhabhtaithe Bainteach le Cúram Sláinte agus a thugann cosaint d'úsáideoirí na seirbhísí.

Díríonn an clár monatóireachta ar cheithre cleachtais a bhfuil sé léirithe sa taighde a rinneadh go gcuireann siad go suntasach le laghdú Ionfhabhtaithe Bainteach leis an gCúram Sláinte agus le feabhsú sábháilteachta othar; is iad sin:

17 Ar 15 Samhain d'fhoilsigh an Roinn Sláinte *Future Health: A Strategic Framework for Reform of the Health Service 2012-2015*, ina leagtar amach na leasuithe cúram sláinte is mó a chuirfear i bhfeidhm sna blianta amach romhainn, mar phríomhchlocha thógála le haghaidh tabhairt isteach Árachais Sláinte Uilíoch in 2016.

18 De réir Alt 9(1) den Acht Sláinte 2007.


- Chomhlíonadh rialacha maidir le sláinteachas lámh.
- Glaine timpeallachta agus trealaimh.
- Antaibheathaigh fhrithmhiocróbaigh a úsáid mar is cuí (maoirseacht ábhar frithmhiocróbach).
- Cosc a chur le hionfhabhtú atá bainteach leis an gcúram sláinte de bharr feistí ionracha leighis a úsáid, feistí mar fheadáin infhéitheacha agus chataitéir fuail.

Faoi dheireadh mhí na Nollag, bhí daoine údaraithe ón Údarás tar éis measúnuithe réamhfhogartha a dhéanamh i dtrí ospidéal agus measúnuithe neamhfhógartha i naoi n-ospidéal inar chlúdaíodh 29 mbarda nó rannóg. Bhí na measúnuithe gan réamhfhógra dírithe ar monatóireacht a dhéanamh ar cur i bhfeidhm sláinteachais lámh agus ar ghlaineacht timpeallachta agus trealamh. Le linn na monatóireachta thug ionadaithe an Údaráis, faoi deara go raibh 166 deis ag baill foirne na n-ospidéal teicnící sláinteachais lámh a chleachtadh chun othair a chosaint ó rioscaí maidir le hIonfhabhtaithe a Bhaineann le Cúram Sláinte. Mar sin féin níor tapaíodh ach 122 den 166 deis sin chun sláinteachas lámh a chleachtadh.

De na deiseanna a tapaíodh chonacthas nár baineadh leas as na chleachtais ab fhearr maidir le teicníc shláinteachais lámh ach i 44% díobh. Bhain neamh-chomhlíonadh na teicníce seo le gan leas a bhaint as an teicníc is fearr chun lámha a ní nó chun glóthach alcól-bhunaithe lámh a úsáid nó gan an tréimhse ama cuí a ghlacadh chun shláinteachas lámh a chinntiú (Féach figiúr 8 thíos).

**Léiríonn Figiúr 8**

**na torthaí maidir le comhlíonadh shláinteachais lámh sna measúnachtaí a rinneadh in ospidéil**




Ní léiríonn na measúnachtaí a rinneadh go dtí seo go bhfuil cultúr chleachtais maidir le sláinteachas lámh á neadú i ngach seirbhís ag gach leibhéal. Tá na torthaí na measúnachtaí curtha ar fáil ag an Údarás do gach ospidéal chun go bhféadfar na feabhsuithe cáilíochta is gá a dhéanamh.

Cuirfear tús le Céim 2 den chlár monatóireachta in 2013 agus leanfar ar aghaidh leis in 2014 agus déanfar measúnachtaí réamhfhógartha i ngach ospidéal géarchúraim in Éirinn, agus sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.

# 4.4 Feabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta

## 4.4.1 Cúlra

Bunaíodh stiúrthóireacht nua ar a dtugtar an Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta (SQID) i mí Iúil 2012 agus ceapadh Marie Kehoe-O'Sullivan ina Stiúrthóir uirthi. Aistríodh na feidhmeanna chuig an Stiúrthóireacht nua sin a bhíodh ag an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Chúraim Sláinte (HQS) maidir le forbairt caighdeán cáilíochta agus sábháilteachta agus maidir le tacú le cultúr sábháilteachta othar agus feabhsú cáilíochta a chur chun cinn ar fud an chórais chúraim sláinte agus sóisialta.

Cuireann an Stiúrthóireacht ardcháilíocht agus sábháilteacht chun cinn. Déanann sí é sin trí chaighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara, trí uirlisí agus oiliúint i modheolaíochtaí feabhsaithe cáilíochta a chur ar fáil do bhaill foirne líne tosaigh agus trí thionscnaimh náisiúnta le haghaidh othar a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Cuideoidh na tionscnaimh sin leis an gcóras chun cultúr a chruthú maidir le feabhas leanúnach cáilíochta agus sábháilteacht d'othair.



Bunaíodh stiúrthóireacht nua ar a dtugtar an Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta (SQID) i mí Iúil 2012 agus ceapadh Marie Kehoe-O'Sullivan ina Stiúrthóir uirthi.

## 4.4.2 Achoimre ar ghníomhaíochtaí na bliana 2012

Bhí roinnt gníomhaíochtaí ar siúl i 2012 lena n-áirítear:

- tosaíodh clár oibre chun tacaíocht a thabhairt do cultúr sábháilteachta othar agus feabhsaithe cáilíochta ar fud an chórais chúraim sláinte agus sóisialta agus chun an cultúr sin a chumasú trí chabhrú le cur le hábaltacht agus le hacmhainn na ndaoine a sholáthraíonn seirbhísí
- tionscnamh náisiúnta a fhorbairt maidir le sábháilteacht othar ó thaobh cógas de - cuirfear clár píolótach maidir le fiosrú agus réiteach cógas ar siúl in 2013 agus cuirfear i bhfeidhm é ar fud na tíre in 2014
- chuireamar bailchríoch ar Threoir Ginearálta maidir le Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr agus d'fhoilsíomar é
- d'eagraíomar roinnt seisiún réigiúnach oideachais agus faisnéise chun tacú le soláthraithe cúram sláinte na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr* a chur i bhfeidhm
- ghlacamar páirt i Líonra an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht Othar agus um Chaighdeán Cúraim (PaSQ)

- thug an tÚdarás freagra ar raon cáipéisí comhairliúcháin a fuair sé maidir le gníomhaíochtaí feabhsúcháin maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun cinn

### 4.4.3 Oideachas agus Oiliúint do Sholáthraithe

Ar cheann de thosaíochtaí ár Stiúrthóireachta is ea tacaíocht a chur ar fáil do bhaill foirne túslíne sláinte agus cúraim shóisialta maidir le cur i bhfeidhm na g*Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr* agus cultúr a chruthú maidir le feabhas leanúnach cáilíochta agus sábháilteachta a sholáthar d'othair. Chun na críche sin, thosaigh muid ag obair ar thionscnamh oideachais agus oiliúna i gcomhar leis an Institute for Healthcare Improvement (IHI) i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Bhí an tÚdarás ina lárphointe in 2012 maidir le Scoil Oscailte Réigiúnach an IHI in Éirinn. Soláthraíonn Scoil Oscailte an IHI cúrsaí oiliúna ar líne atá deartha ag comhaltaí na dáimhe san IHI. Is féidir le gairmithe cúraim sláinte ó gach disciplín oiliúint a fháil maidir le modheolaíocht feabhsaithe cáilíochta trí bhíthin na Scoile Oscailte, agus uirlisí praiticiúla a fháil a chuireann ar a gcumas feabhsuithe inbhuanaithe a dhéanamh ar a gcuid seirbhísí. Reáchtáladh cruinniú pleanála in ár n-oifig i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair le lucht bainistíochta shinsearach FSS agus leis na cúig ionad in Éirinn a bhí ag glacadh páirte ar a gconlán féin i Scoil oscailte an IHI cheana féin. D'fhreastail comhordaitheoirí ón Scoil Oscailte sa Ríocht Aontaithe ar an gcruinniú chun comhairle agus faisnéis a chur ar fáil faoi phróiseas Scoil Oscailte an IHI.

Tá grúpa comhairleach curtha ar bun chun tacaíocht le cur ar fáil don oiliúint, lena n-áirítear ionadaithe lucht úsáidte na seirbhíse, FSS agus comhlachtaí oiliúna. Roghnaíodh ceithre ospidéal géarmhíochaine agus sé ospidéal pobail le páirt a ghlacadh sa chéad bhabhta oiliúna maidir le modheolaíocht feabhsaithe cáilíochta. Rachaidh grúpa idirdhisciplíneach ó fhoireann túslíne i ngach ospidéal díobh faoi oiliúint agus foghlaimeoidh siad faoi ghníomhaíochtaí gaolmhara. Tá sé leagtha amach go dtosófar ag cur na hoiliúna ar fáil sna deich n-ospidéal go luath in 2013.


### 4.4.4 Fiosrú agus Réiteach Cógas

Oibreoidh an Stiúrthóireacht chomh maith le grúpa comhairleach saineolaithe chun tionscnamh sábháilteachta náisiúnta othar a fhorbairt maidir le fiosrú agus réiteach cógas, a chuirfear i bhfeidhm sna hocht n-ospidéal sa chéad bhabhta oiliúna maidir le modheolaíocht feabhsaithe cáilíochta. Cuirfimid tacaíocht ar fáil do na hospidéil sin ó thaobh cur i bhfeidhm an tionscnaimh seo, lena n-áirítear comhairle a thabhairt agus cumarsáid agus comhoibriú a éascú. Tá sé beartaigh an clár maidir le fiosrú agus réiteach cógas a chur ar siúl mar chlár píolótach in 2013 agus go gcuirfear i bhfeidhm é mar thionscnamh náisiúnta um shábháilteacht othar in 2014.

### 4.4.5 Treoir faoi na Caighdeáin Náisiúnta

Sheol an tÚdarás *Treoir Ghinearálta maidir leis na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr* i mí Mheán Fómhair. Is é aidhm na Treorach seo comhthuiscint agus chomhthéarmaíocht a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse, d'othair agus do sholáthraithe seirbhíse faoin gcaoi a gcuirfear na Caighdeáin Náisiúnta i bhfeidhm sna seirbhísí sláinte go léir agus an chaoi a gcabhraíonn sí le soláthraithe seirbhíse na Caighdeáin Náisiúnta a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.

Ábhar forlíontach maidir leis na caighdeáin *is ea an Treoir Ghinearálta maidir le Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr.* Cuireann an Treoir comhthuiscint agus chomhthéarmaíocht ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse, do sholáthraithe seirbhíse agus don phobal i gcoitinne faoin gcaoi a gcuirfear na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr* i bhfeidhm sna seirbhísí sláinte go léir.




Tá samplaí éagsúla sa treoir de ghníomhaíochtaí, de shocruithe, de struchtúir, de phróisis agus de thorthaí atá bainteach i gcás na gCaighdeán Náisiúnta. Tá samplaí inti chomh maith de na rudaí a bheadh le tabhairt faoi ndeara dá ndéanfaí na Caighdeáin a chur i bhfeidhm go praiticiúil in earnálacha nó i réimsí éagsúla, mar shampla i bhfoireann cúraim phríomhúil, i seirbhís otharchairr nó in ospidéal. Cabhróidh an Treoir leis na daoine atá ag obair sa tseirbhís tuiscint a fháil ar conas ar féidir leo na Caighdeáin a chomhlíonadh.

Tá an tÚdarás ag tabhairt faoi phróiseas leanúnach athbhreithnithe agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara ábhartha chun an Treoir seo a thabhairt cothrom le dáta agus chun réimsí a aithint ina bhféadfadh treoir níos sonraí a bheith riachtanach.

### 4.4.6 Caighdeáin Náisiúnta: Oideachas agus Feasacht

Bhí feachtas á reáchtáil againn i ráithe dheireanach na bliana 2012 chun feasacht a spreagadh agus tuiscint a chothú i measc na bhfoirne túslíne faoi na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr* agus faoi na doiciméid treorach a bhaineann leis na Caighdeáin sin. Chuir an tÚdarás 11 sheisiún oideachais agus feasachta ar fáil faoi na Caighdeáin Náisiúnta, faoin Treoir Ghinearálta agus faoin Treoir maidir le Rialachas Faisnéise.

Bhí na seisiúin ar siúl i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh. Cuireadh sé cinn den aon seisiúin déag ar fáil mar chomhdhálacha gréasáin ar WebEx do ghairmithe cúraim sláinte idir phoiblí agus phríobháideacha nach raibh in ann taisteal go dtí na cruinnithe. Chuir na seisiúin ceisteanna agus freagraí ar chumas na ndaoine a bhíonn ag obair sa tseirbhís barúil níos soiléire a fháil ar cad atá i gceist leis na caighdeáin ina seirbhísí féin. D'fhreastail beagnach 500 rannpháirtí san iomlán ar na seisiúin eolais cibé acu go pearsanta nó ar an Idirlíon.

Chuireamar na Caighdeáin Náisiúnta i láthair ag comhdhálacha eagraíochtúla agus proifisiúnta agus ag ceardlanna ar fud na tíre; chabhraigh an rannpháirtíocht sin le grúpaí agus le hearnálacha ar leith a thuiscint conas na caighdeáin a chur i bhfeidhm ina gcuid seirbhísí sonracha féin.

### 4.4.7 Gníomhartha Idirnáisiúnta

Is é an tÚdarás pointe teagmhála na hÉireann maidir le Líonra an Aontais Eorpaigh um Chomhbheart um Shábháilteacht Othar agus um Chaighdeán Cúraim (PaSQ). Cuireadh tús le PaSQ ar 1 Aibreán 2012, agus is tionscadal trí bliana é.

Cuimsíonn PaSQ seacht bpacáiste oibre agus tá Éire rannpháirteach i bPacáiste Oibre 6: Comhoibriú maidir le córais ardcháilíochta sláinte san AE. Faoin bPacáiste Oibre sin déanfar mhapáil agus cur síos ar chórais bhainistíochta cáilíochta atá i bhfeidhm i mballstáit an AE agus aithneofar dea-chleachtais eagraíochtúil chun feabhas a chur ar shábháilteacht othar agus cáilíocht cúraim atá curtha i bhfeidhm i gcórais den sórt sin ar fud na hEorpa.

Tabharfaidh sé seo deis do bhallstáit foghlaim faoi na cineálacha cur chuige atá glactha ag gach ceann acu chun sábháilteacht othar agus cáilíocht cúraim a fheabhsú agus chun tuiscint a fháil ar conas ar cuireadh dea-chleachtais shonracha i bhfeidhm go rathúil.

Ós rud é gur pointe teagmhála náisiúnta muid, déanfaimid chomhordú ar na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann leis an bpacáiste oibre sin in Éirinn agus beidh muid i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha go léir i dtaca leis seo agus ag obair leo. Áirítear leis sin bailiú faisnéise maidir le dea-chleachtais eagrúcháin sna córais bhainistíochta cáilíochta in Éirinn in 2012. Rinne an tÚdarás éascú ar chruinniú faisnéise náisiúnta a bhí ag il-pháirtithe leasmhara maidir le PaSQ chun iniúchadh a dhéanamh ar conas a bhféadfadh na páirtithe leasmhara agus an tÚdarás oibriú i gcomhar le chéile agus cur leis an gcómhghníomhaíocht.

### 4.4.8 Comhairliúcháin

Mar chuid dár n-iarrachtaí tacú le feabhsaithe cáilíochta agus sábháilteachta i gcúram sláinte agus shóisialta, chuireamar aiseolas ar fáil faoi dhoiciméid, mar shampla bheartais agus treoirlínte, a bhí ábhartha ó thaobh cáilíochta agus sábháilteachta cúraim. Rinneamar moltaí faoi conas na doiciméid sin a ailíniú leis na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr* agus le cáilíocht agus sábháilteacht a chur chun cinn i réimsí ar leith.

Chuireamar aiseolas ar fáil in 2012 faoi dhréachtdhoiciméid lena n-áirítear:

- Lámhleabhar um Fhorbairt Treoirlíne Cliniciúil (An Coiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil)
- Treoir maidir le Dea-Chleachtas i gcúrsaí Radaíochta: Cosaint an Othair (FSS)
- Cúraim Chomhtháite: Treoir Phraiticiúil maidir le Scaoileadh Amach agus Aistriú ó Ospidéal (FSS)
- Treoir Náisiúnta maidir le hIniúchadh Cliniciúil (FSS)
- Tú féin agus do Seirbhís Sláinte (FSS agus an Roinn Sláinte).

# 4.5 Faisnéis Sláinte

## 4.5.1 Cad a chiallaíonn faisnéis sláinte do dhaoine

Tá sé riachtanach go mbeadh rochtain chruinn, iomlán, soléite agus in am ag eagraíochtaí agus ag gairmithe atá bainteach le soláthar cúram othair, cúram sláinte agus cúram sóisialta. Tá sé sin tábhachtach chun cáilíocht agus sábháilteacht ár seirbhísí a áirithiú. Trí bhíthin obair na Stiúrthóireachta um Fhaisnéis Sláinte, bímid ag iarraidh sábháilteacht othar agus cáilíocht an chúraim a fheabhsú trí chaighdeáin a fhorbairt maidir le faisnéis sláinte: caighdeáin le haghaidh sainmhínithe, caighdeáin maidir le roinnt faisnéise, caighdeáin chun rialachas agus príobháideachas faisnéise a chinntiú, agus caighdeáin chun barr feabhais a chinntiú maidir le húsáid, cuimsiú agus cáilíocht faisnéise.

## 4.5.2 Cúlra

Má tá córas sláinte le bheith ann a bheidh iontaofa agus slán tá sé ríthábhachtach go mbeadh faisnéis ar fáil faoi infhaighteacht, inrochtaineacht agus éifeachtacht ár seirbhísí sláinte. Tá sé riachtanach go mbeadh faisnéis mhaith ar fáil agus go n-úsáidfí go maith í má tá cinntí maithe le déanamh, agus seirbhísí feabhsaithe le cur ar fáil sa deireadh thiar. In ainneoin go bhfuil láidreachtaí sa chóras, agus go bhfuil áiteanna ann ina bhfuil barr feabhais bainte amach, tá an pictiúr foriomlán ina mhíreanna agus tá caighdeáin in easnamh in áiteanna agus tá bearnaí in áiteanna eile ar ábhar géarchéime iad. Tá an tÚdarás freagrach as anailís a dhéanamh ar cháilíocht agus ar chuimsiú reatha na faisnéise sláinte, as bearnaí a aithint agus as moltaí a dhéanamh leis na bearnaí sin a líonadh.

Is cuid thábhachtach d'obair na Stiúrthóireachta é sainmhínithe caighdeánacha a chur i bhfeidhm le haghaidh faisnéise, lena áirithiú go mbíonn inchomparáideacht bhríoch ann agus nach mbíonn dúbláil iarrachta ann. Tá an tábhacht chéanna ag baint le caighdeáin chun tacú le hidir-inoibritheacht na gcóras faisnéise sláinte chun comhroinnt éifeachtach na faisnéise sláinte a éascú ar fud na hearnála.

Cuid lárnach de chóras láidir faisnéise sláinte is ea creat maidir le rialú faisnéise trína leagtar síos an gcaoi ar féidir faisnéis a chomhroinnt go sábháilte agus ina gcosnaítear rúndacht.

Gné thábhachtach den chreat sin is ea go mbeadh aitheantóir uathúil ar fáil do gach othar, rud atá riachtanach do shábháilteacht othar agus a bhfuil impleachtaí tábhachtacha eile aige maidir lena éasca is atá sé faisnéis a chomhroinnt idir soláthraithe cúram sláinte. Tá aitheantóirí uathúla le haghaidh gairmithe agus eagraíochtaí cúram sláinte díreach chomh tábhachtach céanna; tá aitheantóirí den chineál sin ríthábhachtach chun taifid leictreonacha sláinte a fhorbairt.

## 4.5.3 Tosaíochtaí

Ba é an rud ba mhó ar dhírigh an Stiúrthóireacht air i mbliana ná leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm an chláir oibre a bhain le faisnéis sláinte. Fhoilsigh siad a lán tuairiscí faoi ghnéithe áirithe den obair, lena n-áirítear:


- *Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Úsáid tánaisteach a bhaint as Faisnéis Phearsanta Sláinte*
- *Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar na Struchtúir maidir le hEitic Thaighde*

- *Tuairisc faoi Ráiteas Torthaí faoi thoradh an chomhairliúcháin phoiblí ar Chaighdeáin Idir-inoibritheachta Ríomhsheirbhísí Sláinte a Fhorbairt d'Éirinn.*
- *Tuairisc faoi Ráiteas Torthaí faoi thoradh an chomhairliúcháin phoiblí ar na Dréacht-Chaighdeáin le haghaidh Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta*
- *Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Shlándáil Faisnéise*
- *Treoir maidir le Forbairt Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Tacair Íosta Sonraí chun Monatóireacht a dhéanamh ar Cháilíocht Cúraim Sláinte*[19]
- *Treoir maidir le Rialachas Faisnéise do Sheirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh in Éirinn*
- *Cad ba cheart a bheith ar eolas agat faoi Cáilíocht Sonraí: Treoir d'fhoireann sláinte agus cúraim shóisialta*
- *Treoir maidir le Caighdeáin Teachtaireachtaí d'Éirinn*
- *Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Ríomhordú Oideas agus ar Ríomhaistiriú Orduithe Oideas*

Bhí na tosaíochtaí a sainaithníodh bunaithe ar na tosaíochtaí atá leagtha amach ag Bord an Údaráis i *bPlean Corparáideach an Údaráis 2010 - 2012*, agus ar na tosaíochtaí a aithníodh i ndiaidh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Ba ghá athsceidealú áirithe a dhéanamh ar an gclár oibre mar gheall ar mhoill i bhfoilsiú an Bhille um Fhaisnéis Sláinte.

Is é an Tuarascáil faoiThreoir maidir le rialachas faisnéise do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn an chéad cheann de shraith doiciméad treorach ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte atá dírithe ar thacú le cur i bhfeidhm rathúil na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr.

Tacaíonn an treoir le bainisteoirí sinsearacha atá ag obair i gcúrsaí sláinte agus cúraim shóisialta chun faisnéis phearsanta sláinte a thiomsú, anailís a dhéanamh uirthi, í a úsáid agus a roinnt ar bhealach slán, dlíthiúil agus éifeachtach. Cuirfidh sé comhthuiscint agus comhthéarmaíocht ar fáil ar fud na seirbhísí sláinte agus cuirfidh sé samplaí ar fáil ó sheirbhísí éagsúla de na céimeanna ar féidir le soláthraithe a ghlacadh chun na Caighdeáin Náisiúnta a shásamh.




19 Cruthaíodh an doiciméad seo in 2010 agus rinneadh nuashonrú air i Meán Fómhair 2012.

### 4.5.4 Achoimre ar ghníomhaíochtaí na bliana 2012

#### Caighdeáin Theicniúla

Gné thábhachtach eile de chóras cúram sláinte atá éifeachtach, sábháilte agus nua-aimseartha is ea seirbhísí cúram sláinte a chur ar fáil agus a fheabhsú tríd an idirlíon agus teicneolaíochtaí eile ar líne a úsáid. Tugtar ríomhsheirbhísí sláinte ar na teicneolaíochtaí sin freisin. Féadtar ríomh-ordú oideas, taifid leictreonacha sláinte agus malartú ar líne na faisnéise sláinte idir seirbhísí éagsúla a sholáthraíonn cúram d'othair a áireamh mar ríomhsheirbhísí sláinte

Go luath sa bhliain 2012, fuair muid caoga aighneacht i ndiaidh comhairliúcháin mhóir faoi chúrsaí ríomhsheirbhísí sláinte rud a thacaigh le forbairt phlean oibre i gcomhar lenár nGrúpa Comhairleach um Chaighdeáin nua um Ríomhsheirbhísí Sláinte (eSAG). Dhíríomar ar cháipéisí treorach a fhorbairt maidir le teachtaireachtaí agus maidir le córais aicmiúcháin agus téarmaíocht chliniciúil. Dhíríomar freisin ar thacar sonraí náisiúnta a fhorbairt faoi scaoileadh amach cliniciúil othar agus ar chaighdeáin maidir le Ríomhordú Oideas.

#### Aitheantóir Sláinte Uathúil do dhaoine aonair in Éirinn

Lean an tÚdarás ar aghaidh in 2012 ag plé leis an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara lárnacha eile maidir le haitheantóir sláinte uathúil a thabhairt isteach do dhaoine aonair. Tá moltaí an Údaráis bunaithe ar fhianaise ó thíortha eile, ar rialachas láidir agus ar luach ar airgead.

#### An Bille um Fhaisnéis Sláinte

Tá an Bille um Fhaisnéis Sláinte á fhorbairt ag an Roinn Sláinte i láthair na huaire. Is píosa ríthábhachtach reachtaíochta é lena mbunófar an creat reachtaíochta a chuirfidh ar chumas an Údaráis a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh maidir le faisnéis sláinte. Bhíomar gníomhach i rith na bliana 2012 ag tacú le dréachtú an Bhille.


#### Rialachas Faisnéise Sláinte

Tá méadú ag teacht ar fheasacht daoine faoin luach a bhaineann le faisnéis phearsanta sláinte. Ní mór faisnéis den chineál sin a bhainistiú i gceart, áfach, chun na daoine lena mbaineann an fhaisnéis a chosaint agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as bailiú agus úsáid na faisnéise sin.

D'fhorbair an tÚdarás treoir mhionsonraithe faoi Rialachas Faisnéise le cur taobh leis na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr*, agus d'fhaomh an tAire Sláinte iad i mí Iúil 2012.


Ós rud é go n-aithníonn an tÚdarás a thábhachtaí is atá cáilíocht sonraí mar thaca le córas sláinte agus cúraim shóisialta atá éifeachtach agus sábháilte, d'fhoilsíomar leabhrán atá furasta a léamh dar teideal *What you should know about Data Quality: A guide for health and social care staff*. Scaipeadh an leabhrán go forleathan ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialta. Féach Figiúr 9 ar an gcéad leathanach eile a léiríonn na gnéithe a chuireann le cáilíocht sonraí.

Scaip an tÚdarás leabhrán atá furasta a léamh go forleathan dar teideal *What you should know about Data Quality: A guide for health and social care staff* ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialta..




**Tá léiriú i bhFigiúr 9**

**ar na gnéithe a thacaíonn le cáilíocht sonraí**




Sliocht as Leathanach 11 den leabhrán - Cad ba cheart a bheith ar eolas agat faoi Cáilíocht Sonraí, Treoir do bhaill foirne cúraim sláinte agus sóisialta Chun go bhféadfar an leas is éifeachtaí a bhaint as sonraí, ní mór sonraí cearta a bheith ar fáil ag cinnteoirí i bhformáid inrochtana nuair atá cinntí á ndéanamh acu. Is féidir caighdeán na sonraí a mheas i bhfianaise na seacht dtréith atá léirithe sa bhFigiúr seo a chuireann le cáilíocht sonraí agus a nglactar leo ar fud an domhain.

## Caighdeáin le haghaidh Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta

Bailítear mórchuid faisnéise maidir lenár seirbhísí sláinte ar bhonn rialta. Baintear úsáid as an bhfaisnéis seo le haghaidh go leor críocha tábhachtacha, lena n-áirítear monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar thorthaí sláinte, galracht agus básmhaireacht, faireachas agus eipidéimeolaíocht, úsáid acmhainní, aisíocaíocht agus ceapadh beartais. Le cúnamh ó ghrúpa comhairleach agus ó athbhreithniú cuimsitheach idirnáisiúnta ar dhea-chleachtas, tá caighdeáin náisiúnta á bhforbairt againn chun cáilíocht fhoriomlán na n-acmhainní faisnéise sláinte a áirithiú, lena n-áirítear an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní.

Bhí próiseas comhairliúcháin ann faoi *naDréacht-chaighdeáin le haghaidh Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta* d'fhonn aiseolas a fháil ó na páirtithe leasmhara. Is é an aidhm atá leis na Dréacht-Chaighdeáin ná sraith shoiléir rialacha a chur ar fáil le cabhrú maidir leis an mbealach (agus feabhas a chur ar an mbealach) a mbailítear, a úsáidtear agus a roinntear sonraí faoi shláinte agus cúram sóisialta in Éirinn.




D'fhoilsigh an tÚdarás Dréacht-Chaighdeáin le haghaidh Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta agus cuireadh os comhair an phobail iad chun tuairimí a fháil. Táthar ag súil go ndéanfar foráil chun na Caighdeáin sin a shainordú go hiomchuí sa Bhille um Fhaisnéis Sláinte atá le teacht.

## Eitic Thaighde

Lean an tÚdarás air i rith 2012 ag ullmhú chun feidhm nua a ghlacadh maidir le rialachas eitic taighde, faoin reachtaíocht maidir le trialacha cliniciúla agus faoin mBille um Fhaisnéis Sláinte[20].

D'fhoilsigh an tÚdarás athbhreithniú ag tús na bliana ar an gcleachtas idirnáisiúnta sa réimse sin; rinneadh an t-athbhreithniú sin le cabhrú chun eolas a sholáthar don tsamhail is fearr maidir le heagrú feidhmiú na gCoistí Eitice Taighde (RECs) in Éirinn.

20 Arna rialú ag Treoir 2001/20/CE de chuid an AE ar Trialacha Cliniciúla ar Tháirgí Íocshláinte lena nÚsáid ag an Duine.

I mí Iúil d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra[21] a bhfuil sé d'aidhm aige athrú suntasach a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair ar leibhéal na hEorpa maidir le trialacha cliniciúla. Ó Iúil i leith, tá an tÚdarás ag breithniú go cúramach an tionchar a bheadh ag an athrú beartaithe ar an reachtaíocht agus dá thoradh sin ar na hathruithe a bheadh le déanamh ar phlean an Údaráis maidir le chóras rialachas eitice taighde a gcaithfeadh luí le gach reachtaíocht ábhartha. Cuid thábhachtach den obair a rinneadh in 2012 mar ullmhúchán don fheidhm nua seo an Údaráis ab ea rannpháirtíocht leanúnach a bheith aige le páirtithe leasmhara trí sraith cruinnithe grúpa comhairligh a reáchtáil agus páirt a ghlacadh i gceardlanna agus i gcruinnithe éagsúla ar leibhéal na hÉireann agus ar leibhéal na hEorpa.

### Faisnéis Gnó

Bhunaíomar feidhm nua Faisnéise Gnó a sholáthraíonn faisnéis don Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte. Is é an cuspóir atá acu ná tacú leis an Údarás trí cur chuige anailíseach bunaithe ar shonraí agus ar fhaisnéis a sholáthar a bheidh dírithe go príomha ar chúrsaí riosca, d'fhonn tús áite a thabhairt dá idirghabhálacha agus dá ghníomhaíochtaí rialála agus díriú orthu. Is iad na cuspóirí na feidhme nua ná:

- cabhrú le foirne oibriúcháin rioscaí oibriúcháin a aithint agus a bhainistiú
- éifeachtacht an Údaráis in oibríochtaí rialála a thomhas
- tionchar an Údaráis a thomhas maidir le chosaint agus a fheabhsú cáilíocht an chúraim sláinte agus sóisialta ar fud na tíre.

Tá clár oibre tosaigh na Feidhme dírithe ar thacaíocht anailíseach a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí rialála sin ar tugadh tús áite dóibh maidir le clár forbartha córas TFC an Údaráis le linn 2013.

21 Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus aisghairm Threoir 2001/20/CE.

# 4.6 Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte

## 4.6.1 Cúlra

De réir an Achta Sláinte, tá ról reachtúil ag an Údarás maidir le forbairt a dhéanamh ar dhisciplín na Measúnachta ar Theicneolaíocht Sláinte (HTA) in Éirinn, agus tabhairt faoi mheasúnachtaí ar leith. Is é príomhchuspóir HTA ná beartais sláinte shábháilte agus éifeachtacha a chumasú atá dírithe ar othair agus lena mbaintear an luach is fearr amach ar na hacmhainní atá ar fáil. Baintear é sin amach trí thacaíocht agus faisnéis a chur ar fáil don chinnteoireacht faoi chúram sláinte agus aithnítear go forleathan go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag na measúnachtaí sin chun faisnéis a chur ar fáil don bheartas sláinte ar gach leibhéal.

Ó 2007 i leith, tá Stiúrthóireacht HTA tar éis tabhairt faoi réimse measúnachtaí trínar cuireadh faisnéis ar fáil do bheartas náisiúnta agus do chinntí seirbhíse. Tá treoirlínte forbartha ag an Stiúrthóireacht maidir le seoladh agus measúnú na Measúnachtaí ar Theicneolaíochtaí Sláinte (HTAanna) ar féidir le daoine eile in Éirinn tabhairt fúthu, rud a thacóidh le forbairt acmhainní HTA ar gach leibhéal cinnteoireachta. Leanfar ar aghaidh ag forbairt treoirlínte breise sna blianta atá amach romhainn. Tá páirt glactha ag an Stiúrthóireacht i dtionscnaimh níos leithne ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta atá dírithe ar bheartais sláinte shábháilte, éifeachtacha agus éifeachtúla a chumasú.

## 4.6.2 Achoimre ar na Measúnachtaí a rinneadh ar Theicneolaíocht Sláinte in 2012

- *Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte maidir le Mháinliacht faoi chúnamh Róbait i nGnáthaimh Máinliachta Roghnaithe*
- *Measúnacht Eacnamaíoch ar Athscagthástáil VEID Réamhbhreithe.*
- *Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte maidir le Sheirbhís Náisiúnta um Spreagadh Domhain Inchinne*
- *Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte maidir le Chlár Faireachais do mhná faoi bhun 50 bliain d'aois atá i mbaol níos mó ó thaobh ailse cíce.*
- *Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte ar Thairseacha Atreoruithe nó Cóireálacha Cliniciúla le haghaidh Gnáthamh Roghnaithe Sceidealta Máinliachta*

## 4.6.3 *Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte ar Mháinliacht faoi chúnamh Róbait i nGnáthaimh Máinliachta Roghnaithe*

D'fhoilsigh an tÚdarás Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte ina ndearnadh measúnacht ar an bhfianaise atá ar fáil maidir le sábháilteacht agus éifeachtúlacht máinliachta faoi chúnamh róbait do thásca sonraithe, na costais agus an éifeachtacht ó thaobh costais de a bhaineann le beartas do mháinliacht faoi chúnamh róbait a chur i bhfeidhm trí leas a bhaint as samhail eacnamaíoch; agus d'fhorbair sé comhairle faoi shaincheisteanna oiliúna agus eagraíochtúla eile a d'fhéadfaí a mheas sula ndéanfar cinneadh go nglacfadh FSS le teicneolaíocht den chineál sin.

Is éard atá i gceist le máinliacht faoi chúnamh róbait ná úsáid a bhaint as uirlis mháinliachta ardteicneolaíochta chun máinliacht ionraigh íosta a dhéanamh i ngnáthaimh áirithe. Maítear go bhféadfadh an córas seo torthaí níos fearr nó laghdú ar aimhréidheanna a bhaint amach d'othair ar a ndéantar na gnáthaimh sin.

Ba é cinneadh na tuarascála go bhfuil máinliacht le cúnamh róbait níos fearr ná máinliacht oscailte i gcás gnáthamh próstaiteachtóime ó thaobh réimse torthaí, agus go mbíonn torthaí imobráide níos fearr aige i gcás gnáthamh histireachtóime. Má dhéantar cinneadh, áfach, chun tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gclár máinliachta le cúnamh róbait in Éirinn beidh costas breise in aghaidh an ghnáthaimh i gceist agus tionchar suntasach aigesin ar chúrsaí buiséid. Ní féidir an luach is fearr a fháil ach amháin trína chinntiú go mbaineann an clár barainneachtaí scála amach trí 200 gnáthamh próstaiteachtóime nó 300 gnáthamh histireachtóime a dhéanamh in aghaidh na bliana nuair a bheidh an clár curtha i bhfeidhm go hiomlán. I measc na rudaí suntasacha eile a chaithfear a bhreithniú tá ceisteanna maidir lena chinntiú go mbeidh dóthain spás obrádlainne ann don chlár, na riachtanais oiliúna a aithint agus ceannaireacht éifeachtúil a chinntiú sa chaoi go bhféadfar an clár a chur i bhfeidhm go rathúil.

### 4.6.4 *Measúnacht Eacnamaíoch ar Athscagthástáil VEID Réamhbhreithe*

Rinneamar meastóireacht eacnamaíochta (ina ndearnamar anailís ar éifeachtúlacht costais agus ar thionchar buiséid) ar mholadh nua a d'fhéadfaí a dhéanamh chun beartas a chur i bhfeidhm go ndéanfaí atástáil uilíoch VEID ar mhná torracha sa tríú ráithe.

Ba é toradh na tuarascála ná go mbeadh na costais reatha maidir le tabhairt isteach atástáil uilíoch VEID sa tríú ráithe ard i gcomparáid leis na buntáistí a bheifí ag súil leo. Chosnódh sé €1.25 in aghaidh na bliana atástáil uilíoch a thabhairt isteach agus ós rud é go bhfuil buiséad teoranta ann le haghaidh cúraim sláinte ní mór smaoineamh ar na seirbhísí reatha ar ghá iad a chur ar ceal. Ba cheart leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar líon na leanaí ionfhabhtaithe le VEID a bheirtear do mhná nárbh feasach roimhe sin go raibh siad VEID dearfach agus ar leitheadúlacht VEID i toirchis toisc go mbíonn tionchar ag athruithe sna tosca sin ar shamhailtí na n-aschur eacnamaíochta.

Bhí cuspóir tánaisteach ag an staidéar sin maidir le féachaint cé chomh húsáideach is a bheadh mionMheasúnachtaí ar Theicneolaíochtaí Sláinte (mion-HTAanna) pro forma mar uirlis tacaíochta le cinntí. Is iondúil go gcuirtear na mionmheasúnachtaí sin i gcrích níos tapúla agus nach mbaintear úsáid as an oiread acmhainní iontu. Dá bhrí sin bíonn leibhéal níos ísle sonraí i gceist leo ná mar a bhíonn i gcás HTA iomlán. Léiríonn an staidéar seo conas is féidir tionchar eacnamaíoch treoirlínte atá á bhforbairt a mheas i dtréimhse réasúnta gearr ama. Is sampla é de conas a d'fhéadfaí mionHTA a úsáid agus a ullmhú laistigh de thréimhse ghearr ama, ach go bhféadfadh sé bonn cuí fianaise a sholáthar chun cinntí a dhéanamh.

### 4.6.5 *Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte maidir le Sheirbhís Náisiúnta um Spreagadh Domhain Inchinne*

Chuireamar HTA ar fáil maidir le seirbhísí um spreagadh domhain inchinne (DBS) a sholáthar do dhaoine fásta a bhfuil neamhoird roghnaithe ghluaiseachta orthu in Éirinn. Nós imeachta máinliachta is ea spreagadh domhain inchinne (DBS) chun comharthaí mífheidhmithe luaileachta a bhainistiú i othair a bhfuil neamhoird luaileachta orthu - lena n-áirítear galar Parkinson, creathán ó mhianach agus dystonia lenticularis - agus nach féidir iad a rialú go sásúil a thuilleadh le teiripe drugaí.

Ós rud é nach bhfuil na seirbhísí sin ar fáil in Éirinn, cuirtear othair a bhfuil na neamhoird sin orthu ar aghaidh go hionaid DBS thar lear chun measúnú, máinliacht agus cúram leantach a sholáthar dóibh. Is tríd an Scéim Cóireála Thar Lear a chuirtear maoiniú ar fáil d'othair incháilithe.

Fuarthas amach sa Measúnacht faoi Theicneolaíochta Sláinte, go gcosnódh sé níos mó in aghaidh an othair ar FSS seirbhís DBS a chur ar fáil faoi na socruithe maoinithe atá ann faoi láthair ná trí leas a bhaint as an Scéim Cóireála Thar Lear. Bheadh an-tionchar ar an difríocht costais sin dá gcuirfeadh cuideachtaí árachais sláinte príobháideacha ranníocaíocht níos mó ar fáil maidir le costas DBS i gcomhair othar a a bhfuil clúdach árachais acu agus d'fhéadfadh clár náisiúnta a bheith níos inacmhainne sa chás sin ná mar a bhí i gcas na hanailíse a rinneadh ar an gcás bunaidh.

Cé go mbeadh seirbhís náisiúnta DBS níos costasaí faoi na socruithe reatha, d'fhéadfadh sí rochtain níos fearr a sholáthar ar chúram tairbheach d'othair incháilithe DBS nach bhfuil in ann taisteal thar lear chun cúram a fháil agus laghdódh sí an t-ualach airgeadais agus lóistíochta atá ar othair. Mar sin féin, bheadh dúshláin le sárú lena chinntiú go bhféadfadh aon seirbhís nua rochtain thráthúil a sholáthar ar chúram i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta cuí, agus go háirithe i bhfianaise na srianta acmhainne atá ann cheana féin maidir leis na seirbhísí néareolaíocha agus néarmháinliachta a bhfuil maoiniú poiblí á fháil acu.

### 4.6.6 *Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte maidir le Chlár Faireachais do mhná faoi bhun 50 bliain d'aois atá i mbaol níos mó ó thaobh ailse cíce*

Tar éis don Údarás iarratas a fháil ón gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse, d'aontaigh an tÚdarás tabhairt faoi HTA chun measúnacht a dhéanamh ar na roghanna faireachais atá ann agus ar a n-éifeachtúlacht ó thaobh costais de do mhná faoi bhun 50 bliain d'aois atá i mbaol níos mó maidir le hailse cíce de bharr cúrsaí géiniteacha nó teaghlaigh. Is é cuspóir HTA scrúdú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht, ar éifeachtúlacht costais, ar tionchar bhuiséad agus ar na himpleachtaí ó thaobh acmhainne de a bhaineann leis na roghanna éagsúla faireachais (go sonrach, íomháú athshondais mhaighnéadaigh (MRI) nó mamagrafaíocht dhigiteach nó teaglaim díobh) agus comhairle maidir leis an straitéis faireachais is fearr is féidir lena n-áirítear an aois a ba cheart an faireachas a thosú agus a mhinice ar cheart é a dhéanamh. Tá Sainghrúpa Comhairleach ildisciplíneach tar éis comhairle a thabhairt don Údarás maidir leis an mheasúnacht sin a chur i gcrích. Táthar ag súil go gcuirfear bailchríoch ar an HTA sin go luath in 2013.

### 4.6.7 *Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte ar Thairseacha Atreoruithe nó Cóireálacha Cliniciúla le haghaidh Gnáthamh Roghnaithe Sceidealta Máinliachta*

Tar éis dóibh iarratas a fháil ó FSS, d'aontaigh an tÚdarás tabhairt faoi shraith HTAanna tapa chun scrúdú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtabharfaí isteach atreoruithe cliniciúla nó tairseacha chóireála le haghaidh roinnt gnáthamh máinliachta sceidealta a mbíonn a lán acu á ndéanamh.

Is é an aidhm atá leis na HTAanna sin ná comhairle a chur ar fáil faoi atreoruithe cliniciúla nó tairseacha chóireála a d'fheadfaí a mholadh le haghaidh gnáthamh sa chás go bhféadfadh éifeachtúlacht teoranta a bheith ag baint leo mura ndéanfaí iad laistigh de chritéir shonraithe cliniciúla. Ba cheart go mbeadh breis cothroime agus trédhearcachta sa chúram sláinte dá mbeadh soiléire níos mó ann maidir le tairseacha atreoraithe agus cóireála; dhéanfaí simpliú a dhéanamh maidir le hothair sheachtracha a atreorú chuig máinliacht agus sa chaoi sin chuirfí feabhas ar chúrsaí éifeachtúlachta agus ghiorrófaí turas an othair chuig máinliacht roghnach. Dá ndéanfaí simpliú ar atreorú daoine chuig mháinlianna ba cheart go gcabhródh sé lena chinntiú go n-atreorófaí na hothair cearta chun cóireáil a fháil ag an am ceart, agus d'fhéadfadh sé cabhrú le cumas agus acmhainní a chur ar fáil a d'fhéadfaí a úsáid chun éifeacht chliniciúil níos mó a sholáthar gan sochar a laghdú ná dochar a mhéadú.




Dr Máirín Ryan, Stiúrthóir HTA, faoi agallamh ag Nine O'Clock News RTÉ maidir le fógra a rinne an tÚdarás faoi shraith HTAanna chun critéir atreoraithe cuí a aithint le haghaidh gnáthamh máinliachta sceidealta áirithe a ndéantar a lán acu in Éirinn faoi láthair.

Aithníodh réimse leathan nósanna imeachta oiriúnacha le linn chéim iniúchta an mheasúnaithe. Déanfar an tuarascáil a fhorbairt ar bhonn céimnithe chun nach gcuirfear moill uirthi trí fhanacht go mbeidh measúnacht déanta ar gach gnáthamh a aithníodh.

Cuirfear tuairisc faoi chéad chéim an mheasúnaithe faoi bhráid FSS agus an Aire Sláinte i rith chéad ráithe 2013.

### 4.6.8 Achoimre ar ghníomhaíochtaí eile i rith 2012

Cuireadh réimse gníomhaíochtaí eile i gcrích lena n-áirítear:

- forbairt acmhainní agus cumas maidir le Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte
- dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara
- ghlac Stiúrthóir HTA páirt mar chomhalta den Choiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil (NCEC)
- rinneadh comhoibriú le líonraí idirnáisiúnta.

### 4.6.9 Forbairt acmhainní agus cumas maidir le Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte

Disciplín réasúnta nua atá réasúnta tearcfhorbartha is ea HTA in Éirinn. Chun tacú le forbairt saineolais náisiúnta maidir le seoladh agus léirmhíniú ar thionscadail, tá an tÚdarás tar éis leanúint de chomhoibriú le páirtithe leasmhara seachtracha chun pleanáil a dhéanamh ar dheiseanna oiliúna agus oideachais maidir le HTA.

I measc na dtionscnamh, tá meantóireacht a dhéanamh ar mhac léinn sa chlár comhaltachta PhD in Eacnamaíocht na Sláinte (cómhaoinithe ag an mBord Taighde Sláinte agus ag an Institiúid Náisiúnta Ailse sna Stáit Aontaithe); deiseanna intéirneachta a chur ar fáil do chéimithe faoi oiliúint i réimsí bainteacha; tacú le fóraim seachtracha oiliúna (fochéime, iarchéime agus eile); comhoibriú le comhghleacaithe acadúla ar tionscadail agus tacaíocht oiliúna agus oideachais a chur ar fáil do bhaill foirne HTA d’fhonn cur lena gcuid saineolais.

Ina theannta sin chuireamar leis an mbonn fianaise idirnáisiúnta maidir le HTA trí ailt a fhoilsiú in irisí acadúla a ndéanann piaraí athbhreithniú orthu. Foilsíodh alt amháin i 2012 i Transfusion, Imleabhar 52, 11, atá ar cheann de na hirisí haemaiteolaíochta is mó le rá ar domhan*. Glacadh le dhá alt eile lena bhfoilsiú. Tá athbhreithniú Cochrane tagtha go céim dheireanach an athbhreithnithe agus táthar ag súil go bhfoilseofar é go luath in 2013.

### 4.6.10 Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara

Leanamar ar aghaidh ag dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara lárnacha in 2012 chun tionscadail a bhí ar siúl a éascú agus faisnéis a chur ar fáil dóibh, agus chun faisnéis a chur ar fáil don chlár oibre leanúnach HTA. Tionóltar Sainghrúpa Comhairleach do gach tionscadail nua. Bíonn baill ó phríomhpháirtithe leasmhara air lena n-áirítear lucht déanta beartas, soláthraithe seirbhíse, cliniceoirí, grúpaí othar agus saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta HTA. Glacaimid páirt i roinnt grúpaí comhairleacha atá á reáchtáil ag páirtithe leasmhara seachtracha lena n-áirítear an Clár Náisiúnta um Rialú Ailse agus Bord Leigheasra na hÉireann.

* Teljeur C, Flattery M, Harrington P, O’Neill M, Moran PS, Murphy L, Ryan M. Éifeachtúlacht costais maidir le scagachán prión a dhéanamh ar thiúchan ceall dearg chun an baol a laghdú maidir le hathraitheach galair Creutzfeldt-Jakob a tharchur trí fhuilaistiú in Éirinn. Fuilaistriú. 2012; 52(11):2285-2293.

### 4.6.11 An Coiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil

Comhalta den Choiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil (NCEC) is ea Stiúrthóir HTA. Is é aidhm an choiste seo creat a sholáthar do formhuiniú náisiúnta na dtreoirlínte cliniciúla agus iniúchadh a dhéanamh ar chúram othar i gcóras sláinte na hÉireann, idir phoiblí agus phríobháideach, chun barrfheabhsú a dhéanamh air. Trí bhíthin ár mballraíocht sa ghrúpa oibre NCEC, chuireamar tacaíocht dhíreach ar fáil freisin maidir le measúnacht ar theicneolaíocht sláinte do roinnt forbróirí treoirlínte cliniciúla a bhfuil formhuiniú náisiúnta uathu dá dtreoirlínte.

### 4.6.12 Líonraí idirnáisiúnta

Bímid ag comhoibriú le gníomhaireachtaí cosúil linn féin i dtíortha eile chun rudaí tábhachtacha a foghlaim uathu agus giaráil a dhéanamh orthu agus chun leas a bhaint as saineolas agus as taithí idirnáisiúnta, chun éifeachtúlacht agus caighdeán ár measúnachtaí agus ár n-aschur a fheabhsú.

#### An Líonra Eorpach um Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte (EUnetHTA)

Is é an tÚdarás an comhlacht Náisiúnta HTA ainmnithe i gcomhair tionscadal Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha maidir le HTA (EUnetHTA) a dtugann an AE maoiniú dóibh. Is é aidhm na nGníomhaíochtaí Comhpháirteacha ná comhoibriú éifeachtach, inbhuanaithe HTA a chruthú a chuirfidh breisluach ar fáil ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach. Cuireadh tús le tionscadal ar a dtugtar Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2 in 2012 agus táimid gnóthach ag tacú léi mar chomhpháirtí comhlach.

Bainfear leas as obair na nGníomhaíochtaí Chomhpháirteacha sa deireadh thiar chun líonra buan gníomhaireachtaí HTA a bhunú a chothóidh comhoibriú idirghníomhaireachta chun feabhas a chur ar aschur HTA agus chun dúbailt iarrachta a sheachaint.

#### Comhoibriú idirnáisiúnta Eile

Tá an tÚdarás ina bhall de Mheasúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte Idirnáisiúnta (HTAi), an eagraíocht ghairmiúil idirnáisiúnta a dhíríonn go sonrach ar HTA. Tá institiúidí acadúla, áiseanna cúram sláinte, lucht tionscail agus gnó, an earnáil dheonach agus eagraíochtaí rialtais ina mbaill den ghrúpa seo. Tá an Stiúrthóir ina chomhalta de Choiste an Chruinnithe Bhliantúil a thugann comhairle do Bhord HTAi faoina chomhdháil idirnáisiúnta bhliantúil. Tá an tÚdarás ina bhall freisin de líonra idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí do Mheasúnachtaí ar Theicneolaíocht Sláinte (INAHTA) agus cuireann sé leis an malartú idirnáisiúnta faisnéise chun go bhféadfar HTA a reáchtáil go éifeachtach trína chur in oiriúint do thosca áitiúla.

Táimid ag leanúint ar aghaidh le forbairt agus le giaráil na gcaidreamh a forbraíodh le heagraíochtaí HTA eile, d’fhonn cur le héifeachtacht ár n-iarrachtaí HTAanna den chaighdeán is airde a fhorbairt. Bhí an tábhacht a bhaineann le líonrú den chineál sin le feiceáil go soiléir san HTA ar mháinliacht faoi chúnamh róbait, ina raibh an fhoireann measúnachta ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí ó Cheanada agus ó Shasana a bhí ag tabhairt faoi mheasúnachtaí cosúla.

# 4.7 Seirbhísí Corparáideacha

## 4.7.1 Cúlra

Bíonn ról lárnach ag Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha ó thaobh deimhin a dhéanamh d'éifeachtúlacht na gcóras, an bhonneagair agus na bpróiseas atá riachtanach chun éascú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí an Údaráis chuig na páirtithe leasmhara go léir. Tá réimse gníomhaíochtaí curtha i gcrích i rith na bliana chun bonneagar an Údaráis a fhorbairt agus a láidriú tuilleadh.

## 4.7.2 Acmhainní Daonna

Cuireann an fhoireann Acmhainní Daonna seirbhís iomlán acmhainní daonna ar fáil don eagraíocht. Cuimsítear caidreamh le fostaithe, forbairt beartais, earcaíocht, cúiteamh (párolla, pinsin agus sochair eile), tacaíocht an chórais bainistíochta feidhmíochta agus forbairt eagraíochtúil leis sin.

Rinneamar obair in 2012 chun foghlaim agus forbairt eagraíochtúil a bhainistiú mar rannpháirtí i bhfeidhmíocht eagraíochtúil an Údaráis. D'oibrigh an fhoireann Acmhainní Daonna le páirtithe leasmhara inmheánacha chun cláir foghlama agus forbartha lárnacha a chur ar fáil i bpríomhréimsí straitéiseacha. Thacaíomar le fostaithe aonair freisin trí chlár tacaíochta acadúil.

Chuireamar tús le próiseas earcaíochta foirne agus le hobair ullmhúcháin chun tús a chur le monatóireacht seirbhísí FSS um chosaint agus leas leanaí. Tá na seirbhísí sin le cur i bhfeidhm go luath.

## 4.7.3 Bainistíocht Airgeadais

Lean an fhoireann Airgeadais orthu ag bainistiú airgeadas an Údaráis ar bhealach slán. Comhlíon an tÚdarás a chuid oibleagáidí airgeadais in 2012 agus bailíodh na táillí bliantúla a bhí fós gan íoc go tráthúil. Bhíothas ábalta bainistíocht dhian a dhéanamh ar chaiteachas ionchais i gcoinne na n-acmhainní a bhí pleanáilte agus na n-acmhainní a bhí ar fáil trí úsáid a bhaint as buiséadú agus as réamhaisnéisí lár na bliana.

Rinne soláthraí inmheánach iniúchóireachta an Údaráis iniúchadh ar rialuithe inmheánacha airgeadais an Údaráis i rith na bliana, agus níor tugadh aon chúis imní ábhartha faoi deara.

Fuair an tÚdarás bogearraí airgeadais agus chuir sé tús lena suiteáil chun cuíchóiriú a dhéanamh ar próisis agus ar fhaisnéis bhainistíochta le tacú le cinnteoireacht.

Cuireadh cuntais bhliantúla an Údaráis i gcomhair 2012 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na scálaí ama atá leagtha síos san Acht Sláinte, 2007 (Féach Caibidil 5).

## 4.7.4 Plean Corparáideach agus Plean Gnó

D'fhoilsigh an tÚdarás *Plean Gnó 2012* inar leagadh síos na cuspóirí lárnacha gnó a bhí le baint amach i rith na bliana. Bhí na cuspóirí sin ag teacht leis an *bPlean Corparáideach 2010-2012*. Tá cur síos ar an dul chun cinn a rinneadh i bhfianaise na bpleananna sin le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá an dá dhoiciméad le fáil ar láithreán Gréasáin an Údaráis, **www.hiqa.ie**.

### 4.7.5 Bainistíocht áiseanna agus éifeachtúlacht fuinnimh

Tá príomhoifig an Údaráis suite i Machain, Corcaigh, agus tá Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath suite i Margadh na Feirme. Tá tríocha ball foirne cigireachta ag an Údarás a bhíonn ag obair óna mbaile féin. Cuimsítear réimsí slándála, sláintíochta, fála, cothabhála agus deisithe i mbainistíocht ár n-áiseanna, chomh maith le bainistíocht acmhainní agus soláthraithe seirbhíse. Cuimsítear leis freisin aimsiú agus bainistiú áiseanna mar sheomraí cruinnithe seachtracha ar fud na tíre, a a chuireann gníomhaireachtaí earnála poiblí eile ar fáil don fhoireann oibre. Chomh maith lenár dhá oifig a bhainistiú, bainistíonn an tÚdarás cothabháil aonaid oifige in Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath, ina bhfuil gníomhaireacht rialtais eile lonnaithe faoi láthair.

#### Ídiú fuinnimh

Ídítear fuinneamh i bhfoirgnimh an Údaráis chun teas, aerchóiriú, uisce te, solas agus cumhacht do threalamh oifige a sholáthar. Is i gceannoifig an Údaráis a ídíodh 34% den fuinnimh in 2012, agus ídíodh an 66% eile san Oifig Réigiúnach i mBaile Átha Cliath.

In 2012, d'éirigh leis an Údarás feidhmíocht fheabhsaithe a bhaint amach ó thaobh ídiú fuinnimh de trí laghdú 42% a dhéanamh ar an ídiú fuinnimh i gcomparáid leis an mbliain tagarmharcála 2010 agus sábháil 4% a dhéanamh i gcomparáid le tagarmharc na bliana 2011.

D'ídigh an tÚdarás 559 MWh fuinnimh, a bhí comhdhéanta de:

- 190 MWh leictreachais i gceannoifig an Údaráis
- 221 MWh leictreachais san Oifig Réigiúnach i mBaile Átha Cliath
- 148 MWh de bhreoslaí iontaise san Oifig Réigiúnach i mBaile Átha Cliath.

D'éirigh leis an Údarás an méid sin fuinnimh a spáráil de barr roinnt tionscnamh lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leanúnach leis an gClár um thomhailt Fuinnimh le linn Oibre de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí chun an méid fuinnimh a laghdú
- cur chun cinn an chláir fuinnimh i measc na foirne chun feasacht agus rannpháirtíocht a chruthú chun an méid fuinnimh a ídímid a laghdú
- suiteáil braiteoirí éighníomhacha infridhearga (PIR) sa chóras soilsithe san Oifig Réigiúnach i mBaile Átha Cliath
- chríochnú uasghrádú an chórais soilsithe sna seomraí comhdhála i gCeannoifig an Údaráis agus meastar go spárálfar €1000 dá bharr in aghaidh na bliana
- rinne Aramark Energy Consultants iniúchtaí tréimhsiúla BMS inar athbhreithnigh siad na BMS agus nuair ba ghá é rinne coigeartuithe ar an gcaoi a raibh siad socraithe chun na coigiltis ba mhó a bhaint amach ach gan dochar a dhéanamh do chompord na foirne.

Tá sé i gceist ag an Údarás leanúint ar aghaidh i rith na bliana seo chugainn 2313 leis na tionscnaimh a bunaíodh faoin bhfeachtas fuinnimh 'Optimising Power @ Work'.

I measc na mbeart sin, áirítear:

- leanúint ar aghaidh ag bhualadh go rialta le hionadaí comhairleach fuinnimh Oifig na nOibreacha Poiblí
- coigeartú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na córais teasa, aeraithe agus aerchóirithe inár bhfoirgnimh de réir mar is gá
- lasca ama a shuiteáil ar na meaisíní díola atá inár n-áiseanna
- freastal ar sheimineár Oifig na nOibreacha Poiblí faoi chaomhnú fuinnimh mar chuid de shearmanas bronnta duaiseanna an fheachtais 'Optimising Power @ Work'
- iniúchtaí fuinnimh 'lasmuigh de ghnáthuaireanta' a dhéanamh ar áiseanna an Údaráis
- an leathanach maidir le feasacht fuinnimh a choinneáil i gcónaí ar láithreán inlín na foirne
- athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí TCF chun deiseanna spárála fuinnimh eile a aimsiú.

### 4.7.6 Córais Faisnéise

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag forbairt a bhonneagair Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide. Chuaigh foireann bheag in-tí, a bhfuil tacaíocht á fáil acu ó sholáthraí seirbhíse seachfhoinsithe, i mbun réimse tionscadal i rith na bliana.

Leanamar ar aghaidh ag forbairt córais bainistithe faisnéise an Údaráis ar a dtugtar Prism. Tá sé beartaithe go mbeidh sé sin ina mhol bainistíochta faisnéise chun faisnéis a bhainistiú i bhfeidhmeanna rialála uile an Údaráis. Táthar ag dul chun cinn go maith leis an tionscadal agus beifear in ann é a chur i bhfeidhm in 2013 chun tacaíocht a sholáthar maidir le rialáil seirbhísí cónaitheacha do dhaoine fásta agus do leanaí atá faoi mhíchumas.

Fheabhsaíomar slándáil agus athléimneacht sonraí agus chórais an Údaráis. Leanamar ar aghaidh ag obair ar an gcóras straitéiseach um bainistíocht doiciméad fiontair chun doiciméid a rialú ar feadh a saolré. D'aistríomar próisis bhreise ó sciartha comhad i dtreo SharePoint 2010.

Laghdaíomar na costais agus chuireamar le hiontaofacht agus le feidhmíocht trí fhíorúlú an bhonneagair TF. Rinneamar athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais agus nósanna imeachta an Údaráis maidir le hathshlánú ó thubaiste; chuireamar feabhas ar shlándáil trí cosaint a neartú i gcoinne víris agus trí uasghrádú a dhéanamh ar bhogearraí agus ar chrua-earraí do bhaill foirne a oibríonn san oifig nó atá bunaithe sa bhaile.

Táimid ag obair le réimse eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí ar phlean chun ionad lárnach a chur ar fáil i gcomhair sonraí do gach eagraíocht san earnáil phoiblí. Tá sé sin á dhéanamh chun athshlánú i ndiaidh tubaiste, bonneagar mar sheirbhís, sonraí oscailte agus seirbhísí comhroinnte eile a chur ar fáil ar bhealach comhdhlúite agus inscálaithe. Fuair an tionscnamh seo aitheantas agus tacaíocht ó CMOD[22].

22 Rannán laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe is ea CMOD atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh agus faomhadh a thabhairt i gcás caiteachais ar TFC i gcomhlachtaí na seirbhíse poiblí agus na státseirbhíse.

### 4.7.7 Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an tÚdarás tiomanta cloí le hiomlán le ceanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus le Rialacháin an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007. Baintear amach an méid sin trí chloí le nósanna imeachta agus le beartais sláinte agus sábháilteachta agus trí oiliúint oiriúnach, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta a sholáthar nuair is gá.

Thuairiscigh foireann an Údaráis gur tharla cúig mhionteagmhas nó neasteagmhas sna hoifigí nó allamuigh in 2012. Rinneadh athbhreithniú ar gach teagmhas, agus i gcásanna ina raibh sé iomchuí, cuireadh bearta i bhfeidhm chun an baol a laghdú go dtarlódh an teagmhas sin arís. Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Údaráis le chéile go rialta i rith na bliana.

### 4.7.8 Saoráil Faisnéise

Leanann an tÚdarás ar aghaidh i gcónaí ag comhlíonadh a oibleagáide maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise a fhreagairt. Cuireann na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise rochtain ar fáil ar fhaisnéis atá i seilbh an Údaráis, nach mbeadh ar fáil ar an ngnáthbhealach trí fhoinsí eile.

Freagraíodh gach iarratas go hiomchuí agus láimhseáil an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise agus na Cinnteoirí um Shaoráil Faisnéise iad de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Mhéadaigh an tÚdarás an líon Cinnteoirí um Shaoráil Faisnéise atá aige i rith na bliana trí oiliúint oiriúnach a sholáthar.

Fuair an tÚdarás 29 iarratas um Shaoráil Faisnéise san iomlán. De na 29 iarratas sin, 14 ceadaíodh 14 acu, ceadaíodh seacht n-iarratas i bpáirt, diúltaíodh do cheithre cinn, tarraingíodh siar dhá cheann agus aistríodh dhá cheann eile fós chuig gníomhaireacht eile rialtais.

Bhí an tÚdarás páirteach i naoi gcomhairleoireacht neamhfhoirmiúla le gníomhaireachtaí eile maidir le hiarratas um shaoráil faisnéise a fuair siad agus a raibh tionchar acu ar obair an Údaráis.

### 4.7.9 Cosaint Sonraí

Baineann cosaint sonraí le cosaint na gceart príobháideachta atá ag daoine aonair maidir leis an bpróiseáil a dhéanann an tÚdarás ar a bhfaisnéis phearsanta. Tá an tÚdarás cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí i gcomhréir leis Acht um Chosaint Sonraí 1988 agus leis an Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003.

Ní bhfuair an tÚdarás aon iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2012.

## 4.8 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Ceann de príomhfheidhmeanna an Údaráis is ea cumarsáid a bheith againn lenár bpáirtithe leasmhara go léir agus rudaí a chur in iúl dóibh agus dul i dteagmháil ar bhealach oscailte, sofhreagrach leo. Lean an Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara orthu in 2012 ag soláthar faisnéise go tráthúil do bhaill den phobal faoin obair atá ar siúl ag an Údarás chun seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta ar ardchaighdeán a bheidh níos fearr agus níos sábháilte a chur chun cinn.

Déanaimid é sin ach ag an am céanna bíonn guth neamhspleách agus neamhchlaonta againn, agus foilsímid tuarascálacha agus moltaí gan 'faitíos ná fabhar' de réir luachanna lárnacha an Údaráis maidir le hoscailteacht agus trédhearcacht. Gné ab ea é sin de gach rud a rinneamar in 2012 nuair a leanamar ar aghaidh ag obair leis na meáin agus le páirtithe leasmhara eile, chun na páirtithe leasmhara go léir a choinneáil ar an eolas faoinár gcuid oibre agus lena chinntiú gur tugadh tuairiscí cruinne, beachta fúithi.

### 4.8.1 Cúlra

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as comhordú a dhéanamh ar chumarsáid uile an Údaráis, go hinmheánach agus go seachtrach. Is é an príomhfhócas atá againn ná a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid ón Údarás comhordaithe, comhsheasmhach, éifeachtach agus go mbeidh siad so-úsáidte ag an bpobal agus go gcabhróidh siad chun cuspóirí lárnacha an Údaráis a bhaint amach.

Rinne an Stiúrthóireacht iarracht in 2012 chun feasacht shoiléir maidir le ról agus feidhm an Údaráis a mhéadú a thuilleadh i measc an phobail trína chinntiú go mbainistítear cumarsáid le gach páirtí leasmhar go réamhghníomhach.

Oibrímid na sé fheidhm lárnacha seo a leanas chun riachtanais cumarsáide an Údaráis a chomhlíonadh:

- caidreamh leis an bPreas agus leis na Meáin
- bainistiú foilseachán
- comhairliúcháin agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara
- gnóthaí pobail agus parlaiminte
- cumarsáid ar líne (lena n-áirítear suímh ghréasáin agus meáin shóisialta)
- cumarsáid inmheánach.

Tugaimid freagra ar riachtanais cumarsáide agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara na Stiúrthóireachtaí eile laistigh den Údarás agus oibrímid i ndlúthchomhpháirtíocht leo le cur ar a gcumas a bpríomhtheachtaireachtaí a chur i láthair go rathúil.

### 4.8.2 Achoimre ar ghníomhaíochtaí na bliana 2012

Nuair a bhímid ag déileáil leis na meáin bíonn cur chuige freagrúil, oscailte againn i gcás gach cumarsáide de chuid an Údaráis agus bíonn siad cruinn ó thaobh fíricí de.

## Caidreamh leis an bPreas agus leis na Meáin

D'eisíomar 19 ráiteas agus preaseisiúint chuig na meáin in 2012 chun an dul chun cinn a bhí á dhéanamh maidir le hobair an Údaráis a chur in iúl. Thugamar na príomhtheachtaireachtaí dóibh a bhí i 24 thuarascáil de chuid an Údaráis, rud a rinneamar in am trátha, agus thugamar freagra ar gach fiosrú a rinne na meáin agus na páirtithe leasmhara. Bhí cruinnithe faisnéise rialta ar siúl againn leis na meáin chun go mbeadh eolas cothrom le dáta acu faoinár gcuid oibre, agus bhí feachtais cumarsáide ar siúl againn leis na meáin, lenar cuimsíodh cruinnithe le hiriseoirí, preasócáidí agus agallaimh.




Chuir na meáin an-spéis go deo sa scéal nuair a d'fhoilsigh an tÚdarás a tuarascáil faoin imscrúdú ar ospidéal Thamhlachta; rinne an tÚdarás cur i láthair maidir le moltaí na tuarascála do Choiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí.


Cuirtear obair an Údaráis chun cinn inár ngníomhaíochtaí go léir leis na meáin trí chur síos ar an chaoi a dtéann ár n-obair chun tairbhe an phobail agus trí cur síos a dhéanamh arís is arís ar ról agus ar shainchúram an Údaráis. Is é an aidhm atá le caidreamh an Údaráis leis na meáin ná go bpléifeadh na meáin linn ar bealach cothrom, cóir agus go gcuirfear chun cinn ár dteachtaireachtaí lárnacha maidir le ról, sainchúram agus feidhmeanna an Údaráis agus maidir le luach an airgead.

Thug an tÚdarás freagra ar a lán fiosrúchán ó na meáin agus ón bpobal i rith 2012, mar thoradh ar an tsuim níos leithne a bhí ag an bpobal agus ag na meáin i ról rialála agus i bhfeidhmeanna eile an Údaráis agus sna himpleachtaí atá ag ár ról ar soláthar seirbhísí.

## Foilsiú agus Bainistiú Foilseachán

Bímid ag smaoineamh ar an láithreán Gréasáin nuair a bhímid ag bainistiú táirgeadh ár gcuid foilseachán lena chinntiú go mbeidh an pobal in ann iad a rochtain go héasca agus go mbainfear an leas is fearr as cistí na hearnála poiblí. Foilsímid ár dtuarascálacha agus ár bhfoilseacháin uile go pras agus bíonn siad go léir le fáil lena n-íoslódáil saor in aisce ónár láithreán Gréasáin **www.hiqa.ie**. D'fhoilsíomar 24 thuarascáil iomlána, chomh maith le leaganacha ab fhurasta a léamh dár bpríomhfhoilseacháin in 2012. Chuireamar leaganacha inrochtana ar fáil freisin nuair ab fhéidir.

D'fhoilsigh an tÚdarás sraith faisnéise ar na *Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*, lena n-áirítear treoir faoi na Caighdeáin agus leagan fuaime, atá ar fáil ó **www.hiqa.ie.**




## Comhairliúcháin agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

Ceann de phríomhchuspóirí an Údaráis is ea tabhairt faoi chomhairliúchán uilechuimsitheach bríoch le grúpaí na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir lena chinntiú go mbeimid freagrúil i gcónaí do riachtanais na ndaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus na ndaoine a sholáthraíonn na seirbhísí sin. Cuireann an Stiúrthóireacht tacaíocht agus comhairle straitéiseach ar fáil sa réimse sin.

Chabhraíomar in 2012 chun comhordú a dhéanamh ar fhreagraí ó pháirtithe leasmhara le linn obair réamhchomhairliúcháin agus rannpháirtíochta chun cuidiú leis an Údarás a thosaíochtaí a fhoirmliú don phlean corparáideach atá le ceapadh do na trí bliana amach romhainn. Chabhraíomar chomh maith i roinnt comhairliúchán poiblí.

Chuireamar lenár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara i mbliana trí chéad eagrán d'iris nua ráithiúil ar líne an Údaráis ar a dtugtar HIQA News a eisiúint chuig 2,000 páirtí leasmhar. Is é cuspóir na nuachtlitreach ár bpáirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas go rialta faoina bhfuil ag tarlú, laistigh den Údarás agus i réimse níos leithne na sláinte agus cúraim shóisialta ar fud an domhain.

I mí na Samhna, d'eisigh an tÚdarás a chéad nuachtlitir ráithiúil, HIQA News, ina bhfuil an nuacht is déanaí agus nuashonruithe ar ár gcuid oibre. Fuair os cionn 2,000 síntiúsóir leagan ar líne den nuachtlitir mar ríomhphost.



## Gnóthaí Pobail agus Parlaiminte

Trínár bhfeidhm gnóthaí pobail agus parlaiminte, cinntíonn an tÚdarás go bhfuil sé cuntasach don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais agus go gcuirtear faisnéis chruinn agus cothrom le dáta ar fáil in am trátha.

Tá an tÚdarás ag comhlíonadh a chuid dualgas i gcónaí maidir le freagraí a thabhairt ar cheisteanna parlaiminte. Thug an tÚdarás freagraí in 2012 ar 64 ceist pharlaiminte ó ionadaithe éagsúla polaitiúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte agus na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ba mhéadú 41 é sin ar líon na bliana 2011. I measc na gceisteanna a fuarthas, bhí ceisteanna a bhain le socruithe airgeadais nó soláthar foirne; táillí chomhaltaí an bhoird agus faoinár réimse oibre, mar shampla na cigireachtaí a dhéanaimid.

Rinne an tÚdarás dhá chur i láthair don Choiste Oireachtais um Shláinte agus Leanaí; is éard a bhí i gceist sa chéad chur i láthair ná plé ar obair fhoriomlán an Údaráis agus bhain an dara cur i láthair níos déanaí sa bhliain leis an imscrúdú a rinneadh ar Ospidéal Thamhlachta.

## Cumarsáid ar líne (lena n-áirítear an láithreán Gréasáin)

Tá an tÚdarás tiomanta d'fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar a láithreáin Ghréasáin, ar chainéil na meáin sóisialta agus ar a inlín mar phríomhfhoinsí faisnéise dár bhfoireann agus dár bpáirtithe leasmhara. Rinneamar tuilleadh forbartha in 2012 ar ár gcainéil ar líne lena n-áirítear ár suíomh Gréasáin, www.hiqa.ie, ár leathanach Facebook, ár gcainéal YouTube agus ár gcuntas Twitter le dul i dteagmháil le níos mó daoine agus dreamanna éagsúla, chun idirghníomhaíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus ionchur a lorg uathu agus chun pobal a cheapadh a bhfuil spéis acu in obair an Údaráis.

Tugadh 322,000 cuairt ar láithreán Gréasáin nuafhorbartha an Údaráis in 2012. Thug 293,339 duine faoi leith cuairt ar an láithreán agus taifeadadh gur breathnaíodh ar leathanaigh 1.2 milliún uair i rith na bliana. Thug daoine ó 165 tír cuairt ar an láithreán. Ba iad na codanna den láithreán ba mhó a breathnaíodh orthu ná leathanach baile an Údaráis, A-Z na dtithe altranais, tuarascálacha cigireachta agus na caighdeáin. D'oibríomar ar chuid den suíomh Gréasáin chun go ndéanfadh sé sioncrónú go huathoibríoch le clár na n-ionad sainithe sa chaoi go bhfoilsítear clár cothrom le dáta ar ár suíomh Gréasáin, mar aon le fhaisnéis chruinn faoin ionad go huathoibríoch chomh luath is a iontráiltear stádas an ionaid sa chóra




Craoladh físeán ar ár gcainéal YouTube ina raibh Ceannaire Caighdeán agus Modheolaíochta an Údaráis, an Dr Deirdre Mulholland, ag plé na tábhachta a bhaineann leis na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr*. Cruthaíodh leagan fuaime agus leagan atá éasca le léamh freisin le cabhrú chun na Caighdeáin a mhíniú. Is féidir iad seo go léir a íoslódáil ónár suíomh Gréasáin www.hiqa.ie.

Leathnaíodh cainéal YouTube an Údaráis[23] agus cuireadh físeán air faoi na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte níos Sábháilte agus níos Fearr* agus físeán ar na *Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*.

Bhí tóir níos mó i gcónaí ar leathanaigh Facebook agus Twitter an Údaráis; bhí breis is 400 mar lucht leanúna ár leathanach Facebook agus mó ná 654 ag leathanach Twitter an Údaráis.

Chuireamar tús in 2012 le córas gearrtheachtaireachtaí (SMS) chun teachtaireachtaí foláirimh a sheoladh; chuireann sé seo ar ár gcumas téacsteachtaireachtaí a sheoladh láithreach chuig ár síntiúsóirí leis an scéal is déanaí faoi obair an Údaráis. Bhí 318 síntiúsóirí againn faoi dheireadh na bliana 2012.

## Cumarsáid Inmheánach

Lean an Stiúrthóireacht uirthi ag cur i bhfeidhm plean cumarsáide inmheánaí don Údarás. Bhí cruinniú foirne maidir le pleanáil gnó ag an Údarás i ráithe deireanach na bliana 2012 chun breis eolais a thabhairt dár gcomhghleacaithe faoi na tosaíochtaí eagraíochtúla a bheidh ag an Údarás amach anseo.

Rinneamar ár gcóras inlíon a athdhearadh agus a sheoladh in 2012 chun go mbeadh sé againn mar phríomhfhoinse eolais inmheánaigh ar ghníomhaíochtaí sóisialta agus gnó an Údaráis.

Tá sé comhtháite le córais an Údaráis chun doiciméid agus fiontair a bhainistiú.

Leanamar ar aghaidh in 2012 ag táirgeadh na hirise mhíosúla ar líne don fhoireann, Inside Track, a thugann eolas dár gcomhghleacaithe ar obair an Údaráis. Rinneamar éascú ar Cumann Irise ráithiúil do chomhghleacaithe inar thug aoichainteoirí seachtracha cur i láthair ar réimsí ábhartha spéise maidir le cúrsaí sláinte agus cúraim shóisialta.

Chuireamar an Achoimre Chorparáideach mhíosúil ar a dtugtar *The Cascade* ar fáil chun an scéal is déanaí a sholáthar dár gcomhghleacaithe ar gach faisnéis corparáideacha agus oibríocht ábhartha a bhaineann leis an Údarás. Thiomsaíomar agus d'eisíomar dhá eagrán speisialta d'iris ar líne faoi athrú a thug an scéal ba dhéanaí dár chomhghleacaithe ar athbhreithniú eagraíochtúil an Údaráis agus ar leathnú a fheidhmeanna rialála.

23 Is féidir cainéal YouTube an Údaráis a fháil ag: http://www.youtube.com/user/hiqavideo

# 4.9 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

## 4.9.1 Cúlra

Cuireann Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh forbhreathnú, treo agus tacaíocht ar fáil le cur ar chumas an Údaráis a chuspóirí a bhaint amach laistigh de chreat rialachais. Áirítear leis sin tacaíocht éifeachtach a sholáthar don Bhord agus do Choistí an Bhoird, agus a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás a riachtanais reachtúla.

## 4.9.2 Gníomhaíocht an Bhoird agus Choistí an Bhoird

I measc na bpríomhréimsí oibre a bhí againn i rith 2012 bhí tacaíocht a chur ar fáil don Bhord agus dá choistí, lena n-áirítear maoirsiú a dhéanamh ar an bpróiseas athnuachana thar cheann an Bhoird.

Déanann an Bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht gach bliain agus cuirtear moltaí i bhfeidhm mar thoradh ar an athbhreithniú le déileáil le haon réimsí ina bhfuil feabhsúchán nó forbairt ag teastáil. Déanann coistí athbhreithniú bliantúil ar a bhfeidhmíocht, agus ar a dtéarmaí tagartha agus ar a mballraíocht lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le riachtanais rialála an Údaráis.

**Is iad seo a leanas ceithre choiste an Bhoird:**

| Coiste an Bhoird | Tá sé freagrach as |
|---|---|
| **An Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh** | déanann sé monatóireacht ar an chaoi a chomhlíonann an tÚdarás a fheidhmeanna reachtúla agus ar éifeachtúlacht an rialachais chorparáidigh, na bainistíochta airgeadais, na bainistíochta riosca, cúrsaí soláthair, agus na socruithe iniúchta inmheánaigh. |
| **An Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta** | tugann sé comhairle don Bhord maidir le príomhghnéithe na bhfeidhmeanna teicneolaíochta faisnéise agus sláinte agus maidir leis na socruithe rialachais i dtaobh thionscadal taighde. |
| **An Coiste Rialachais um Chúram Sláinte agus Sóisialta** | déanann sé maoirseacht ar éifeachtúlacht, ar rialachas agus ar rialuithe maidir le cur i gcrích fheidhmeanna cúram sláinte agus sóisialta an Údaráis. |
| **An Coiste um Luach Saothair agus Ainmniúcháin** | déanann sé monatóireacht ar riachtanais eagraíochtúla agus forbairt bhainistiúil an Údaráis. |

Ó ba rud é go raibh cúig chomhalta Boird níos lú ag an Údarás sa tréimhse ó 15 Bealtaine - 24 Meán Fómhair 2012, ní raibh ach na cruinnithe ba phráinní ar siúl:

- Tháinig Bord an Údaráis le chéile 14 huaire
- Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste Rialachais um Chúram Sláinte agus Sóisialta
- Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh
- Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta
- Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste um Luach Saothair agus Ainmniúcháin.

### 4.9.3 Cód Rialachais

Mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil an Údaráis, tá gá le tuairisc maidir le socruithe an Údaráis chun an Cód Rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis. Tá Bord an Údaráis freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Údaráis agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus bainistíocht riosca.[24]

Bíonn ráiteas ar éifeachtúlacht córais rialaithe inmheánaigh an chomhlachta san áireamh mar chuid den tuarascáil seo. Faightear na dearbhuithe sin ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear:

- obair iniúchóireachta inmheánaí
- iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- tuairiscí an Príomhfheidhmeannaigh agus na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin chuig an mBord
- struchtúr Choistí an Bhoird
- bainistíocht riosca
- idirphlé leanúnach leis an lucht Bainistíochta Feidhmiúcháin, agus tabhairt a ndúshlán.

Bíonn próiseas foirmiúil dearbhaithe mar bhonn taca leis an ráiteas seo, ina ndéanann na Coistí athbhreithniú, thar ceann Bhoird an Údaráis, agus de réir Alt 10.1 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, ar éifeachtúlacht chóras rialála inmheánaí an Údaráis.

Ag na coistí, dearbhaíonn an Fhoireann Feidhmiúcháin Bainistíochta go bhfuil feidhmeanna an Údaráis á gcur i bhfeidhm de réir an Achta Sláinte, 2007, agus de réir na treoracha agus na reachtaíochta iomchuí don earnáil phoiblí.

Nuair a bhíonn athbhreithniú déanta ag na Coistí, cuirtear tuarascáil thiomsaithe os comhair an Bhoird gach bliain, sula síníonn an Bord an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais agus na ráitis bhliantúla a éilítear ón mBord. Tá an Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas agus um Chomhlíonadh iomlán le fáil in Aguisín 4.

24 I gcomhréir leis an gCód um Rialachas Comhlachtaí Stáit, Alt 10.1 (An Roinn Airgeadais)

I dteannta leis an gcur chuige sin, tá rialuithe airgeadais faoi réir ag iniúchadh inmheánach bliantúil agus cuirtear os comhair an Bhoird iad. Bíonn bainistíocht riosca ar an gclár go rialta ag cruinnithe Stiúrthóireachta, Feidhmiúcháin, Boird agus Coiste.

Rinneadh athbhreithniú ar shocruithe rialachais an Údaráis le linn 2012 agus fuarthas amach go raibh an tÚdarás i gcomhréir den chuid is mó leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus nach raibh aon torthaí ard-riosca i gceist. Tá moltaí á gcur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil cúrsaí rialachais chorparáidigh á neartú tuilleadh.

### 4.9.4 Cód Iompair Gnó

Tá nósanna imeachta ceaptha lena chinntiú i gcás an Údaráis go bhfuil sé:

- ag comhlíonadh na reachtaíochta um Eitic in Oifigí Poiblí
- ag bainsitiú na n-ócáidí ina bhféadfadh coimhlint leasa a bheith i gceist
- ag áirithiú go dtuigeann comhaltaí an Bhoird a bhfreagrachtaí agus go ndearbhaíonn siad an tuiscint sin i scríbhinn.

### 4.9.5 Feidhm Dlí

Tá feidhm dlí inmheánach curtha ar bun ag an Údarás agus aturnae cáilithe amháin fostaithe ann. Cinntíonn an fheidhm dlí inmheánach gur féidir rochtain níos éifeachtúla a fháil ar chomhairle dlí ar bhealach atá níos éifeachtúla ó thaobh costais de.

Ghlac an fheidhm dlí inmheánach páirt san athbhreithniú a rinneadh ar phróisis lárnacha laistigh den Údarás agus i mbainistiú na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe don Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialacha, lena n-áirítear iarratais chuig an gCúirt Dúiche ar orduithe eatramhacha práinneacha ex-parte chun clárú ionad ainmnithe a chealú.

Tugann an fheidhm dlí comhairle don Údaráis ar reachtaíocht nua agus ar reachtaíocht atá le cur i bhfeidhm a mbeidh tionchar acu ar an Údarás agus cuidíonn sí leis an Údarás é féin a ullmhú le haghaidh feidhmeanna nua.

### 4.9.6 Monatóireacht ar Fheidhmíocht agus Bainistíocht Riosca

Tá an tÚdarás tar éis uirlis bainistíochta nua a thabhairt isteach chun dul chun cinn an Údaráis a rianú i bhfianaise a chuspóirí straitéiseacha agus gnó agus na rioscaí a bhaineann leo. Cinntíonn sé sin go gcoinneoidh an tÚdarás a aire ar a chuspóirí agus go ndéanfaidh sé monatóireacht ar stádas na gcuspóirí sin i rith na bliana.

# 5

# Faisnéis Airgeadais



# 5 Faisnéis Airgeadais

## 5.1 Ráitis Airgeadais

Ní hionann an fhaisnéis airgeadais achoimrithe atá leagtha síos sa tuarascáil seo agus cuntais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2012 mar a éilítear in Alt 35 (4) den Acht Sláinte 2007.

### Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Achoimrithe an Údaráis don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012:

| **Ioncam** | **€'000** |
|---|---|
| An Roinn Sláinte | 9,000 |
| Táillí Bliantúla agus Táillí Clárúcháin | 5,172 |
| Ioncam Eile | 534 |
| **Ioncam Iomlán** | **14,706** |
| **Caiteachas** | |
| Táillí Gairmiúla | 644 |
| Costais Foirne | 11,096 |
| Taisteal agus cothú | 580 |
| Scaipeadh | 115 |
| Tacaíocht agus Bunú | 2,408 |
| Caiteachas Iomlán | 14,843 |
| Farasbarr Caiteachais ar Ioncam | (137) |
| Cúlchistí Tosaigh | 271 |
| Cúlchistí Deiridh | 134 |

Díorthaíodh an fhaisnéis anseo ó dhréacht-chuntais toisc nach raibh iniúchadh déanta ar na cuntais sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tráth ar foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo, agus dá bhrí sin nach féidir leis an Údarás iad a chur i gcrích.

### Cuntas Caipitil Achoimrithe an Údaráis don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012:

| **Ioncam** | **€'000** |
|---|---|
| An Roinn Sláinte | 203 |
| **Caiteachas** | |
| Caiteachas Caipitiúil | 203 |
| Barrachas / (Easnamh) don Tréimhse | – |
| Cúlchistí Tosaigh | – |
| Aistriú ó Cúlchistí Ioncaim | – |
| Cúlchistí Deiridh | – |

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, ba cheart féachaint ar na cuntais iomlána don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2012, agus ar theastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Féadfar cóipeanna de na cuntais a fháil ó láithreán Gréasáin an Údaráis, **www.hiqa.ie** chomh luath is a bheidh siad ar fáil.

# 6

## Aguisíní

# Aguisín 1:

## Tuarascáil faoi chur i bhfeidhm *Plean Corparáidigh an Údaráis 2010 - 2012*

| **Cuspóirí Straitéiseacha 2010 - 2012** |
|---|
| **1.** Córais éifeachtacha rialála a fhorbairt do cháilíocht agus do shábháilteacht sh-láinte agus cúraim shóisialta lena n-áireofar caighdeáin cáilíochta agus caighdeáin sábháilteachta náisiúnta, próisis mheasúnaithe agus mhonatóireachta, bearta agus táscairí. |
| **2.** Clár rialála a chur i gcrích a bheidh an-tionchar aige agus a chuimseoidh seirbhísí a chlárú mar is cuí, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trí chigireacht a dhéanamh i bhfianaise caighdeán náisiúnta, imscrúdú a dhéanamh ar phriacail a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh sláinte agus leas lucht úsáidte na seirbhísí agus tuairiscí poiblí a thabhairt ar na torthaí a gheobhaimid. |
| **3.** Caighdeáin a leagadh síos chun úsáid éifeachtach na faisnéise sláinte agus na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chur chun cinn d'fhonn cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim sláinte agus sóisialta a fheabhsú. |
| **4.** Eolas a sholáthar i gcomhair cinntí maidir le hinfheistíocht, nó dí-infheistíocht, a bheidh sábháilte, éifeachtach, a dhéanfaidh uasmhéadú ar shláinte agus ar fholláine an daonra agus a chinnteoidh luach maith ar airgead. |
| **5.** Barr feabhais sláinte agus seirbhísí sóisialta a chur chun cinn trí clár struchtúrtha a chur i bhfeidhm a bheidh dírithe ar dhea-chleachtas a aithint agus a chomhroinnt, ar acmhainn agus cumas a mhéadú trí úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní agus trí ghníomhaíocht spriocdhírithe a éascú in idirghabhálacha a bhfuil sé cruthaithe fúthu go bhfuil siad sábháilte. |
| **6.** A léiriú roimh 2012 go bhfeidhmíonn an tÚdarás mar chomhlacht éifeachtach, dea-rialaithe a bhfuil dea-thionchar aige ar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. |

Féach ar na céad leathanaigh eile chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na cuspóirí agus conas ar baineadh amach iad.

| **Cuspóir Straitéiseacha 1:** *Córais éifeachtacha rialála a fhorbairt do cháilíocht agus do shábháilteacht shláinte agus cúraim shóisialta lena n-áireofar caighdeáin cáilíochta agus caighdeáin sábháilteachta náisiúnta, próisis mheasúnaithe agus mhonatóireachta, bearta agus táscairí.* | |
|---|---|
| **Spriocanna** | **Bainte Amach** |
| **Na Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta um Cháilíocht agus Sábháilteacht a chríochnú agus dul i mbun comhairliúcháin fúthu, agus bailchríoch a chur ar rialachas Faisnéise Sláinte mar chuid de na caighdeáin sin** | Sheol an tAire Sláinte na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr* i mí Iúil 2012 Foilsíodh Ráiteas ar Thorthaí an chomhairliúchán náisiúnta. Cuireadh Treoir Ghinearálta ar fáil mar chomhlánú ar na Caighdeáin Náisiúnta agus forbraíodh treoir maidir le rialachas eolais agus caighdeán na sonraí do bhainisteoirí agus don fhoireann laistigh d'eagraíochtaí cúram sláinte agus sóisialta.<br><br>Cuireadh foireann uirlisí ar fáil le cabhrú le heagraíochtaí measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil siad ag comhlíonadh na caighdeáin um rialachas faisnéise. Forbraíodh treoir freisin faoi reáchtáil Mheasúnuithe ar Tionchar Príobháideachta; tá obair seo níos tábhachtaí anois toisc go n-éileoidh an AE ina rialacháin nua um Chosaint Sonraí go ndéanfaidh eagraíochtaí a láimhseálann sonraí pearsanta measúnú tionchair príobháideachta. |
| **Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta a fhorbairt do sheirbhísí cúraim chónaithigh agus altrama** | Cuireadh Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta maidir le Seirbhísí do Leanaí faoi bhráid an Aire Sláinte agus an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Toisc gur athraíodh tosaíochtaí an Rialtais thar saolré an phlean corparáidigh, níor tugadh údarás do na caighdeáin áirithe sin. Bhí Dréacht-Chaighdeáin le haghaidh Aonad Sainchúraim forbartha agus a bhí phróiseas réamhchomhairliúcháin ar siúl fúthu roimh dheireadh na bliana 2012.<br><br>Seoladh na *Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* i 2012 agus cuireadh tús freisin le monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí FSS um cosaint agus leas leanaí i bhfianaise na gCaighdeán sin. Chuathas i mbun comhairliúcháin in 2012 ar ár *nDréacht-Chaighdeáin Náisiúnta d'Ionaid Chónaitheacha do Dhaoine faoi Mhíchumas* agus thosaíomar ag ullmhú le haghaidh an rialú a bheidh le déanamh ar na hionaid shainithe (seirbhísí cónaithe) i bhfianaise na Caighdeáin sin agus atá le tosú in 2013 faoi réir cheadú an Aire. |
| **Clár a fhorbairt maidir le clárú agus cigireacht a dhéanamh ar gach ionad sainithe do leanaí** | Ní dhearnadh dul chun cinn i leith na sprice seo toisc gur athraíodh tosaíochtaí an Rialtais le linn an phlean corparáidigh trí bliana. Mar sin féin, ar chomhairle an Údaráis, chuireamar tús ag deireadh na bliana 2012 le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhm tharmligthe FSS maidir le chosaint leanaí agus feidhm nua is ea é sin; tá plé ar siúl faoi láthair leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi chlárú Aonad Sainchúraim ar cosúil go gcuirfear tús leis in 2013. Chomh maith leis sin rinneadh athbhreithniú agus tástáil in 2012 ar an modheolaíocht maidir le cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí chúram altramais. |

| | |
|---|---|
| **Cur chuige a fhorbairt do fheidhmeanna rialála nua, de réir mar is cuí** | Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an sprioc seo a bhaint amach; infheistíodh acmhainní chun próiseas singil amháin a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar fud an Údaráis go léir ar gach ceann dár bhfeidhmeanna rialála. Nuair a ghlacfar leis an gcur chuige seo beidh sé de bhuntáiste againn go ndéanfar cinntí níos daingne agus níos comhsheasmhaí faoi mhonatóireacht, agus cabhróidh an t-aon cur chuige amháin chun ár gcumas a neartú chun measúnacht a dhéanamh ar rioscaí agus cruthóidh sé níos mó trédhearcachta maidir leis na chinntí a déanaimid mar rialtóir.<br><br>Tá clár sonrach rialála á fhorbairt againn i gcónaí i rith tréimhse an phlean chorparáidigh. Cur chuige chun na feidhmeanna seo a leanas a fhorbairt:<br><br>■ Seirbhísí um chosaint agus leas leanaí<br>■ Seirbhísí Cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas<br>■ Eitic thaighde do thrialacha cliniciúla<br>■ Monatóireacht ar chosc agus rialú ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte<br>■ Chlár rialála sláinte níos sábháilte agus níos fearr |
| **Ullmhú le haghaidh feidhmeanna sainithe dá bhforáiltear sa Bhille um Fhaisnéis Sláinte, faoi réir a achtaithe, lena n-áirítear a bheith inár gcomhlacht maoirseachta le haghaidh coistí ceadaithe um eitic thaighde** | Rinneadh dul chun cinn maith maidir le baint amach na sprice seo; thacaíomar le blianta beaga anuas le hobair na Roinne Sláinte maidir le dréachtú an Bille um Fhaisnéis Sláinte. Cuirfidh an Bille ar chumas an Údaráis a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh maidir le faisnéis sláinte.<br><br>In ainneoin na moille maidir le hachtú an Bhille d'éirigh linn na nithe seo a leanas a chur i gcrích:<br><br>■ Dréachtchaighdeáin do Choistí um Eitic Thaighde ó thaobh an róil a bhfuilimid ag súil leis mar Chomhlacht Maoirseachta faoi Threoir an AE maidir le Trialacha Cliniciúla ar Tháirgí Íocshláinte lena nÚsáid ag an Duine. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach dréacht-rialachán um thrialacha cliniciúla in 2012, áfach, le cur in ionad na Treorach sa chaoi go mbeidh gá le cur chuige difriúil maidir le rialáil trialacha cliniciúla, agus go mb'fhéidir go bhféadfadh an Údarás ról níos comhtháite a glacadh is go mbeadh sé ag obair go dlúth le Bord Leigheasra na hÉireann mar an údarás inniúil. Cé go ndearnadh obair úsáideach i bhforbairt na ndréachtchaighdeán ní dócha a bheith siad ábhartha go hiomlán sa chomhthéacs nua<br><br>■ Chomh maith le moltaí a dhéanamh maidir le haitheantóirí uathúla do dhaoine aonair a foilsíodh i 2009, chuir an tÚdarás tuarascáil dar teideal *Moltaí le haghaidh Aitheantóirí Uathúla Sláinte do Chleachtóirí Chúram Sláinte agus d'Eagraíochtaí* faoi bhráid an Aire Sláinte lena ceadú. Tá moltaí mionsonraithe ceaptha ag an Údarás i ndáil cur chuige maidir lena gcur i bhfeidhm agus na struchtúir rialachais a bheadh ag teastáil. Tá an obair seo ar feitheamh faoi láthair go dtí go bhfoilseofar an Bhille um Fhaisnéis Sláinte. |

| | |
|---|---|
| **Ullmhú do rialú maidir le coinneáil fíocháin dhaonna faoi réir achtú an Bhille um Fhíochán Daonna** | Ní dhearnadh aon dul chun cinn leis an Roinn Sláinte maidir leis an gcuspóir maidir le hullmhú do rialú coinneáil fíocháin dhaonna. Dá thoradh sin ní dhearnadh aon fhorbairt ar an gcur chuige rialála. |
| **Ullmhú do rialáil oibriú sábháilte na radaíochta ianaithe leighis, faoi réir achtú na Ionstraime Reachtúla faoi seach** | Ní dhearnadh aon obair chun an cuspóir seo a bhaint amach ó tá an tÚdarás ag fanacht ar dhearbhú faoi bheartas na Roinne Sláinte maidir le feidhmeanna IR(ME)R a aistriú chuig an Údarás mar an údarás inniúil faoin reachtaíocht. |

**Cuspóir Straitéiseacha 2:**

***Clár rialála a chur i gcrích a bheidh an-tionchar aige agus a chuimseoidh seirbhísí a chlárú mar is cuí, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trí chigireacht a dhéanamh i bhfianaise caighdeán náisiúnta, imscrúdú a dhéanamh ar phriacail a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh sláinte agus leas lucht úsáidte na seirbhísí agus tuairiscí poiblí a thabhairt ar na torthaí a gheobhaimid.***

| Spriocanna | Bainte Amach |
|---|---|
| **Monatóireacht maidir le comhlíonadh na gcaighdeán cúraim sláinte náisiúnta lena n-áirítear na caighdeáin Náisiúnta Sábháilteachta agus Cáilíochta** | Sa bhliain 2010, tugadh faoi athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na seirbhísí do shiomptóim chíche i bhfianaise na*gCaighdeán Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta i gcomhair Caighdeán maidir le Siomptóim Chíche*. Foilsíodh ocht dtuarascáil faoi leith faoin athbhreithniú cáilíochta ag gach lárionad sainithe mar aon le tuarascáil náisiúnta amháin. Tugadh cuairteanna monatóireachta leantacha ar dhá ionad agus rinneadh athbhreithniú iomlán ar an tríú ionad in 2011. Rinne an tÚdarás monatóireacht leanúnach ar thuarascálacha an FSS i bhfianaise na bpríomhtháscairí feidhmíochta i rith na tréimhse trí bliana agus eagraíodh cruinnithe ráithiúla leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse. Tá siad sin ar siúl fós.<br><br>Rinneadh measúnuithe monatóireachta i dtrí ospidéal in 2010 agus foilsíodh na torthaí. Cuireadh tús le clár monatóireachta i bhfianaise na *gCaighdeán Náisiúnta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtaithe Bainteach leis an gCúram Sláinte* i tríú ráithe na bliana 2013. Tugadh seacht gcuairt ar ospidéil agus cuireadh bailchríoch ar cheithre shuíomh eile faoi dheireadh 2012. Cuirfear tús le Céim 2 den chlár monatóireachta in 2013 agus leanfar ar aghaidh leis in 2014 agus déanfar measúnachtaí réamhfhógartha i ngach ospidéal géarchúraim in Éirinn, agus sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna. |

| | |
|---|---|
| **Leanúint ar aghaidh le cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cónaithe do leanaí agus an clár a leathnú** | Níor cuireadh tús leis an bhfeidhm seo maidir le clárú seirbhísí cónaitheacha toisc go ndearnadh athruithe ar thosaíochtaí an Rialtais. Mar sin féin, forbraíodh feidhm nua maidir le feidhm tarmligthe FSS i leith seirbhísí um chosaint leanaí agus cuireadh tús le monatóireacht i gceathrú ráithe na bliana 2012.<br><br>Leanadh ar aghaidh i rith na dtrí bliana leis an gclár monatóireachta atá ann cheana féin do sheirbhísí leanaí lena n-áirítear monatóireacht na hAonaid Speisialta Cúraim, scoileanna coinneála, seirbhísí cúraim altrama agus ionaid cúraim chónaithigh. |
| **Leanúint ar aghaidh leis an gclár rialála maidir le clárú, iniúchadh, comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcás ionad sainithe do dhaoine scothaosta agus foilsiú tuarascálacha** | Baineadh amach an sprioc seo; chomhlíonamar an ceanglas reachtúil atá orainn roimh Iúil 2012 maidir le gach ionad a bhí sainithe i gcomhair daoine scothaosta, a bhí á reáchtáil ar nó roimh Mheitheamh 2009, a chlárú nó cinneadh a dhéanamh diúltú do na clárúcháin a bhí acu agus iad a chur ar ceal. Bhí 568 ionad i mbun oibre ar 30 Iúil 2012 agus bhí 562 (99%) acu cláraithe ag an Údarás. Bhí na sé ionad eile go léir ar chéimeanna deireanacha an phróisis faoi dheireadh na bliana 2012. Ar na sé ionad sin, cláraíodh cúig cinn acu ó shin agus eisíodh deimhnithe clárúcháin dóibh. Diúltaíodh do chlárú ionaid amháin tá sé dúnta anois.<br><br>Déantar monatóireacht ar ionaid chónaithe trí sceideal riosca-bhunaithe na n-iniúchtaí, athbhreithniú ar nithe amhail fógraí, eolas a fuarthas, pleananna gníomhaíochta, athbhreithniú agus nuashonruithe. Tá próifíl nua ann do gach ionad agus úsáidtear iad chun ionaid ardriosca a aithint agus cuirtear gníomh rialála i bhfeidhm dá réir. Cuireadh gníomhartha forfheidhmithe i bhfeidhm i gcoinne roinnt ionad a dúnadh nó thoiligh siad dúnadh nuair a bhí an baol ann go ndúnfaí iad. Foilsíodh na tuarascála go léir faoi na hionaid ar **www.hiqa.ie.** |
| **Tabhairt faoi próiseas le líon na seirbhísí ábhartha a fháil amach agus tuarascálacha a chur ar fáil bunaithe ar thorthaí na gcigireachtaí** | Cuireadh próiseas i bhfeidhm maidir le fáil amach 'líon na n-áiteanna' a bhí i lárionaid shainithe le haghaidh seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta chun tacú le gníomhaíochtaí billeála agus rialála.<br><br>Foilsíodh tuarascálacha uile na gcigireachtaí i rith tréimhse trí bliana an phlean agus foilsíodh tuarascáil anailíse sintéise in 2012 faoi na gcigireachtaí a rinneadh ar na hionaid shainithe le linn céad 15 mhí na gcigireachtaí. |

| | |
|---|---|
| **Freagra cuí agus éifeachtach a thabhairt ar fhaisnéis a bhaineann le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte agus leas lucht úsáidte seirbhíse, lena n-áirítear imscrúdú a dhéanamh más cuí** | Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar gach fhaisnéis a fhaightear maidir le sábháilteacht, cáilíocht agus caighdeáin na seirbhísí ar bhonn leanúnach le linn saolré an phlean. Rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas chun glacadh le faisnéis den sórt sin le linn 2011 agus rinneadh comhordú lárnach air in 2012. Déantar measúnú ar gach faisnéis a bhaineann le seirbhísí do leanaí agus do dhaoine scothaosta agus úsáidtear í mar bhonn taca do ghníomhaíochtaí rialála agus cigireachta.<br><br>Déanaimid athbhreithniú i gcomhréir leis na hAchtanna Sláinte 1947 go 2007 ar ábhair imní a bhaineann le seirbhísí sláinte a chuireann FSS, nó soláthraí seirbhíse, ar fáil d'fhonn an riosca a mheas agus faisnéis a éileamh ó sholáthraithe d'fhonn a áirithiú go bhfuil na seirbhísí á soláthar ar bhealach sábháilte.<br><br>Thug an tÚdarás freagra ar an bhfaisnéis sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:<br><br>■ *Rinneadh Iniúchadh ar Cháilíocht agus ar Shábháilteacht na Seirbhísí agus na Socruithe Tacaíochta atá á soláthar ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) in Ospidéal Ginearálta Mhala, Corcaigh*<br>■ *Rinneadh fiosrú ar na tosca a ba chúis leis an teip a tharla maidir le Meadhbh McGivern a aistriú le haghaidh máinliachta trasphlandaithe agus na socruithe idir-ghníomhaireachta atá i bhfeidhm do dhaoine a bhfuil iompar éigeandála riachtanach dóibh le haghaidh máinliachta trasphlandaithe*<br>■ *Iniúchadh ar cháilíocht agus shábháilteacht seirbhísí agus ar na socruithe tacaíochta a chuirtear ar fáil d'Othair a bhfuil Iontráil Ghéar riachtanach dóibh agus a bhfuil gcúram á chur orthu i Rannóg Éigeandála Ospidéal Adelaide agus na Mí, lena n-ionchorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí*<br>■ Cuid 8(1)(g) Creat Tuairiscithe Speisialta: Grúpa Ospidéal Lú agus na Mí<br>■ Cuid 8(1)(g) Creat Tuairiscithe Speisialta: Grúpa Ospidéal Lár an Iarthair<br>■ Maoirseacht agus éascú maidir le forbairt Príomhtháscairí Feidhmíochta Néaramháinliacha.<br><br>Bhí cruinnithe rialúcháin ar siúl le FSS agus leis an Roinn Sláinte i rith trí bliana an phlean chun bonn taca a sholáthar do Chreat na nOspidéal Beag agus do bhearta Speisialta a d'fhéadfaí a chur i gcrích. |

| | |
|---|---|
| **An cur chuige iniúchta a thástáil maidir le ceadúnú soláthraithe cúram sláinte idir phoiblí agus phríobháideach agus an chigireacht atá againn cheana a úsáid chun sineirgí agus éifeachtúlacht a aithint** | Forbraíodh cur chuige monatóireachta ar fud an Údarás go léir in 2011 agus 2012 d'fhonn é a chur i bhfeidhm ar mhonatóireacht na seirbhísí a dhéanfar a cheadúnú. Níor cuireadh tús fós de bharr srianta acmhainne le clár oibre iomlán chun cur chuige ceadúnúcháin a fhorbairt agus tá tuilleadh oibre ag teastáil fós maidir le sainmhíniú a thabhairt don Roinn Sláinte ar an gcur chuige maidir le seirbhísí ceadúnúcháin. |
| **Cur le forbairt na bpríomhtháscairí tábhachtacha feidhmíochta i réimsí tosaíochta ag baint úsáide as modheolaíocht chomhaontaithe** | Tá sraith Príomhtháscairí Feidhmíochta forbartha ag an Údarás le 3 bliana anuas le tacú le gairmithe Príomhtháscairí Feidhmíochta a fhorbairt le haghaidh seirbhísí faoi leith. Áirítear leo sin:<br>■ príomhtháscairí Feidhmíochta néaramháinliacha le haghaidh tosca géara agus éigeandála<br>■ príomhtháscairí feidhmíochta réamhéigeandála maidir le hagaí práinnfhreagartha le haghaidh othar atá i mbaol báis láithreach nó a bhfuil riochtaí orthu atá bagrach don bheatha<br>■ príomhtháscairí feidhmíochta do ghalar siomptóim chíche chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar tháscairí cúram tosaíochta. |

| **Cuspóir Straitéiseacha 3:**<br><br>***Caighdeáin a leagadh síos chun úsáid éifeachtach na faisnéise sláinte agus na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chur chun cinn d'fhonn cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim sláinte agus sóisialta a fheabhsú.*** | |
|---|---|
| **Spriocanna** | **Bainte Amach** |
| **Mapáil a dhéanamh ar na foinsí móra náisiúnta maidir le faisnéis sláinte lena n-áirítear úsáid na faisnéise, sreabhadh faisnéise ardleibhéil agus samhlacha faisnéise** | Foilsíodh *Catalóg Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta* ina bhfuil liosta cuimsitheach de na foinsí eolais náisiúnta sláinte in Éirinn. Tá sé mar a bheadh 'ionad ilfhreastail' a chuireann faisnéis ar fáil agus a mhéadaíonn feasacht i measc páirtithe leasmhara faoi fhoinsí faisnéise sláinte in Éirinn, faoi na cuspóirí atá leo agus faoi conas iad a rochtain. |

| | |
|---|---|
| **Bailchríoch a chur ar threochlár chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le tacú le cumarsáid idir córais faisnéise, taifid sláinte leictreonacha, an mbonneagar reatha TFC a fheabhsú agus forbairt na gcaighdeán sin a chur chun cinn** | D'fhoilsíomar an Caighdeán um *Theachtaireachtaí Cleachtais Ghinearálta* sa bhliain 2010 a bhfuil glactha leis agus atá in úsáid ag HealthLink le haghaidh cumarsáide idir ospidéil agus dochtúirí ginearálta.<br><br>Foilsíodh *Tuarascáil agus Moltaí um Atreorú Othar ó Dhochtúirí Ginearálta go Seirbhísí d'Othair Sheachtracha agus go Seirbhísí Raideolaíochta, lena n-áirítear Caighdeán Náisiúnta i leith Faisnéise maidir le hAtreorú Othar* Bhí sé seo sa bhreis ar an méid a bhí leagtha amach sna pleananna corparáideacha nó gnó. Cé nár tugadh aon sainordú faoin gCaighdeán go fóill glacadh go forleathan leis agus tá triail á baint as faoi láthair mar chuid de chlár leictreonach náisiúnta atreoraithe. I ndiaidh ceardlanna agus comhairliúcháin phoiblí ar *Forbairt Caighdeán Náisiúnta um Idir-inoibritheacht Ríomhsheirbhísí Sláinte d'Éirinn*, ceapadh Grúpa Saineolaithe Comhairleach um Chaighdeáin (eSAG) chun comhairle a sholáthar i ndáil le forbairt caighdeán teicniúil agus iad a chur in ord tosaíochta. Rinneadh comhaontú faoi chlár mionsonraithe oibre atá i gcomhréir le hobair FSS agus an Chumainn um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉirean. |
| **Córais a fhorbairt agus a mheas i bhfianaise caighdeán le haghaidh córais faisnéise sláinte náisiúnta d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán agus ar inúsáideacht na sonraí a bhailítear agus le cur lena n-áisiúlacht** | Le tacaíocht ó Ghrúpa Comhairleach agus i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, d'fhorbraíomar *Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta um Acmhainní Faisnéise Sláinte Náisiúnta* mar aon le dréacht-treoir le dul leo. Tá na dréacht-chaighdeáin sin ar feitheamh faoi láthair go dtí go bhfoilseofar an Bhille um Fhaisnéis Sláinte. Is dócha go ndéanfaidh na forálacha a bheidh san áireamh sa Bhille teorannú ar infheidhmeacht na caighdeán sin go líon beag córas.<br><br>Mar sin féin, cuirfidh an Bille meicníocht ar fáil trí bhíthin an Údaráis le tacú le comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar na córais sin agus ba cheart go gcuirfear feabhas suntasach le himeacht aimsire ar cháilíocht, ar inúsáideacht agus ar áisiúlacht na sonraí. De thoradh na moille i bhfoilsiú an Bhille níor leanamar ar aghaidh le forbairt modheolaíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar na caighdeáin faoi mar a bhí leagtha síos sa *Phlean Corparáideach 2010 - 2012*. |
| **Meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúil.** | Rinneadh measúnú ar an chaoi ar chomhlíon roinnt teachtaireachtaí a seoladh tríd an gcóras HealthLink an *Caighdeán um Theachtaireachtaí Cleachtais Ghinearálta*. Rinneadh an caighdeán a nuashonrú dá bharr sin agus foilsíodh Leagan 2 in 2011. Táimid tar éis tacú le hobair na Roinne Sláinte i ndáil le forbairt straitéise le haghaidh ríomhsheirbhísí sláinte. |

**Cuspóir Straitéiseacha 4:**

***Eolas a sholáthar i gcomhair cinntí maidir le hinfheistíocht, nó dí-infheistíocht, a bheidh sábháilte, éifeachtach, a dhéanfaidh uasmhéadú ar shláinte agus ar fholláine an daonra agus a chinnteoidh luach maith ar airgead***

| Spriocanna | Bainte Amach |
|---|---|
| **Measúnaithe faoi Theicneolaíochta Sláinte (HTAanna) agus athbhreithnithe ar éifeachtacht a dhéanamh de réir mar is cuí** | Áirítear ar an dul chun cinn i bhfianaise na sprice seo:<br>■ forbraíodh cur chuige córasach maidir le HTAanna um dearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm agus forbraíodh uirlisí giarála in EUnetHTA réir mar ba chuí<br>■ d'oibrigh an tÚdarás i gcomhar leis an Roinn Sláinte chun Creat Beartas Náisiúnta do HTA a fhorbairt (tá sé seo ag an Roinn faoi láthair le go gcuirfear bailchríoch air)<br>■ forbraíodh Straitéis um Scanadh Léaslíneach HTA don Údarás ach níor cuireadh i bhfeidhm é go dtí seo de bharr srianta foirne.<br>Ar na HTAanna móra ar tugadh fúthu le 3 bliana anuas bhí:<br>■ measúnacht ar theicneolaíocht sláinte maidir le scagachán prión a dhéanamh ar thiúchan ceall dearg chun an baol a laghdú maidir le hathraitheach galair Creutzfeldt-Jakob a tharchur trí fhuilaistiú in Éirinn<br>■ measúnacht ar theicneolaíocht sláinte maidir le mháinliacht faoi chúnamh róbait i ngnáthaimh máinliachta in Éirinn<br>■ measúnacht ar theicneolaíocht sláinte maidir le sheirbhís um spreagadh domhain inchinne in Éirinn<br>■ measúnacht ar theicneolaíocht sláinte maidir leis na roghanna ó thaobh tástálacha diagnóiseacha do mhná lena mbaineann ardriosca maidir le hailse chíche (táthar ag súil go gcríochnófar é i Márta 2013).<br>HTAanna meara mar bhonn taca le treoirlínte cliniciúla náisiúnta:<br>■ Measúnacht Eacnamaíochta ar Atástáil Uilíoch ó thaobh VEID de sa Tríú Ráithe den Toircheas<br>■ Measúnú eacnamaíoch ar Scór Luath-rabhaidh<br>■ Athbhreithniú sistéamach Cochrane: Scagadh maidir le fibriliú aitriamach. |
| **Sraith iomlán de threoirlínte a fhorbairt le haghaidh HTA** | Áirítear ar na Treoirlínte Náisiúnta HTA a forbraíodh go dtí seo:<br>■ Treoirlínte chun Measúnacht a dhéanamh ar Theicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn<br>■ Treoirlínte chun Measúnacht a dhéanamh ar Thionchar Buiséadach ar Theicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn<br>■ Treoirlínte chun Measúnacht a dhéanamh ar Éifeachtúlacht Chliniciúil na dTeicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn.<br>Chuaigh Ceannaire Taighde, HTA i mbun tionscadail mar chuid de staidéar le haghaidh chéim MSc i mBainistíocht Seirbhísí Sláinte, agus soláthróidh sé bunsraith do threoirlínte faoi rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara in HTA amach anseo. |

| | |
|---|---|
| **Comhoibriú i nGníomhaíocht Chomhpháirteach EUnetHTA agus i dtionscnaimh idirnáisiúnta eile chun eolas a roinnt agus comhchuibhiú a dhéanamh modhanna oibre maidir le HTA** | Áirítear ar an dul chun cinn i bhfianaise na sprice seo:<br>■ Bhí an tÚdarás ina chomhpháirtí comhlachaithe i Gníomhaíocht Chomhpháirteach 1 EUnetHTA 2010-2012 agus ionchur aige maidir le 4 phacáiste oibre<br>■ tá an tÚdarás ina chomhpháirtí comhlachaithe i Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2 EUnetHTA 2012-2015 agus ionchur aige i gcás 3 phacáiste oibre Ainmníodh an Stiúrthóir HTA mar ionadaí na hÉireann ar Ghrúpa Saineolaithe a thugann comhairle don Choimisiún Eorpach maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2011/24/AE maidir le Sláinte Trasteorann sa mhéid is a bhaineann sé le bunú líonra buan deonach de ghníomhaireachtaí HTA ar fud na hEorpa<br>■ tá an tÚdarás ina bhall eagrúcháin de Líonra Idirnáisiúnta Gníomhaireachtaí HTA a bunaíodh in 2010 agus atá i mbun oibre fós. Bhí an tÚdarás gníomhach ag malartú faisnéise faoi HTA idir thíortha éagsúla<br>■ tá an tÚdarás ina bhall eagrúcháin de EuroScan (líonra idirnáisiúnta de ghníomhaireachtaí a mbíonn scanadh léaslíne ar siúl acu) 2010-2011: cuireadh ár mballraíocht ar fionraí toisc nach raibh sé d'acmhainn ag an Údarás tús a chur le gníomhaíochtaí foirmiúla maidir le scanadh léaslíne. Chuir an tÚdarás saineolas gairmiúil ar fáil in 2010 le tacú le tionscnamh de chuid na hEagraíocht Domhanda Sláinte (EDS) chun measúnacht a dhéanamh ar idirghabhálacha a d'fhéadfadh dul i ngleic le hábhair imní sláinte domhanda i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim<br>■ Tá Stiúrthóir HTA ina bhall den Chumann Idirnáisiúnta um Thaighde ar Eacnamaíocht Chógaisíochta agus Torthaí (ISPOR)<br>■ tá an tÚdarás ina bhall eagrúcháin de Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte idirnáisiúnta (HTAi) ó 2010 go dtí anois. Tá an Stiúrthóir HTA ag feidhmiú ar Choiste Cruinniú Bliantúil Bhord HTAi ó 2010 go dtí anois.<br>Rinne an tÚdarás óstáil ar 7ú cruinniú bhliantúil idirnáisiúnta an HTAi in 2010. D'fhreastail níos mó daoine an gcruinniú ná mar a d'fhreastail riamh cheana agus bhí soláthraithe cúram sláinte, daoine ón saol acadúil, lucht tionscal, daoine ón earnáil dheonach agus lucht rialtais ann mar ionadaithe ó 58 tír. Scríobhadh a lán lán rudaí maithe ar fhoirmeacha meastóireachta na Comhdhála. Fuarthas €1.063m mar ioncam de thoradh an chruinnithe. D'oibrigh an tÚdarás i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte chun sparánachtaí a mhaoiniú a chuir ar chumas 18 dtoscairí náisiúnta ón tseirbhís sláinte phoiblí agus ó eagraíochtaí ionadaíochta othar a bheith i láthair.<br>Chomh maith le le bheith ina chomhalta de ghrúpaí idirnáisiúnta, foilsíonn an tÚdarás a chuid oibre HTA i bhfóraim acadúla lena n-áirítear ábhar a cur i láthair ag cruinnithe idirnáisiúnta agus in irisí a ndéanann piaraí léirmheasanna orthu ag cur lena cháil mar eagraíocht atá ag cur leis an stór eolais agus a éascaíonn malartú saineolais idirnáisiúnta agus a dhéanann ghiaráil ar obair HTA a rinneadh in áiteanna eile. |

| | |
|---|---|
| **Moltaí a dhéanamh maidir le caighdeáin chun tacú le cur chun chun feidhme aitheantóirí uathúla sláinte do dhaoine gairmiúla agus eagraíochtaí.** | Chomh maith le moltaí a dhéanamh maidir le haitheantóirí uathúla do dhaoine aonair a foilsíodh i 2009, chuir an tÚdarás tuarascáil dar teideal *Moltaí le haghaidh Aitheantóirí Uathúla Sláinte do Chleachtóirí Chúram Sláinte agus d'Eagraíochtaí* faoi bhráid an Aire Sláinte lena ceadú. Leanaimid orainn de bheith ag obair i ndlúthpháirtíocht leis an Roinn maidir le haitheantóirí do dhaoine aonair a thabhairt isteach agus tá moltaí mionsonraithe déanta ag an Údarás i ndáil le cur chuige maidir lena gcur i bhfeidhm agus na struchtúir rialachais a bheadh ag teastáil. Tá an obair seo ar feitheamh faoi láthair go dtí go bhfoilseofar an Bhille um Fhaisnéis Sláinte. |

**Cuspóir Straitéiseacha 5:**

***Barr feabhais sláinte agus seirbhísí sóisialta a chur chun cinn trí clár struchtúrtha a chur i bhfeidhm a bheidh dírithe ar dhea-chleachtas a aithint agus a chomhroinnt, ar acmhainn agus cumas a mhéadú trí úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní agus trí ghníomhaíocht spriocdhírithe a éascú in idirghabhálacha a bhfuil sé cruthaithe fúthu go bhfuil siad sábháilte.***

| Spriocanna | Bainte Amach |
|---|---|
| **Eagraíodh roinnt ceardlanna agus éascaíodh iad chun feasacht a chur chun cinn faoi chaighdeáin faisnéise sláinte i measc páirtithe leasmhara agus páirtithe ábhartha** | Eagraíodh roinnt ceardlanna agus éascaíodh iad chun feasacht a chur chun cinn faoi chaighdeáin faisnéise sláinte i measc páirtithe leasmhara agus páirtithe ábhartha. |
| **Cur le forbairt táscairí tábhachtacha feidhmíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cúram sláinte agus sóisialta agus tacú lena mbainistiú** | *Foilsíodh Treoir maidir le Forbairt Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Tacair Íosta Sonraí chun Monatóireacht a dhéanamh ar Cháilíocht Cúraim Sláinte agus ghlac FSS leis na moltaí.*<br><br>Thugamar moltaí don Aire Sláinte in 2010 faoi Phríomhtháscairí Feidhmíochta maidir le Cúram Éigeandála Réamhospidéal agus foilsíodh tuarascáil fúthu i mí Eanáir 2011. Rinneamar comhordú ina dhiaidh sin ar chruinnithe athbhreithnithe le FSS agus leis an Roinn Sláinte maidir le chur i bhfeidhm na moltaí. Seoladh dhá litir ina raibh moltaí breise chuig an Aire, ceann acu i mí na Nollag 2011 agus an ceann eile i mí an Mheithimh 2012.<br><br>D'fhorbair an tÚdarás príomhtháscairí feidhmíochta, nó thacaigh sé lena bhforbairt, i ndáil le seirbhísí néarmháinliachta agus seirbhísí um ghalar shiomptómach chíche. |

| | |
|---|---|
| **Dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus a chinntiú go bhfuil páirt acu maidir le feabhsuithe i réimse leathan seirbhísí** | Táimid tar éis dul chun cinn mór a dhéanamh i dtreo na sprice sin: thugamar faoi líon mór comhairliúchán agus chuireamar i gcrích réimse leathan gníomhaíochtaí rannpháirtíochta i rith tréimhse an Phlean Chorparáidigh; san achoimre ar na rudaí a rabhamar páirteach iontu tá:<br>■ Ós comhalta muid den Fhóram Rialála um Chúram Sláinte agus Sóisialta in Éirinn bhíomar páirteach sa *Chreat um Rannpháirtíocht an Phobail agus Úsáideoirí na Seirbhísí Sláinte i Rialáil Sláinte agus Cúraim Shóisialta in Éirinn*<br>■ rinneamar suirbhé ionadaíoch náisiúnta ar dhearcadh daoine faoi chaighdeán agus faoi shábháilteacht cúraim sláinte in Éirinn<br>■ reáchtálamar comhairliúchán forleathan sna réimsí a bhain le mheasúnacht ar theicneolaíocht sláinte agus eolas sláinte trí rannpháirtíocht fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil le páirtithe leasmhara lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, lucht déanta cinntí seirbhíse, gníomhaireachtaí rialtais, cliniceoirí, grúpaí othar, daoine ón saol acadúil, agus daoine ó na tionscail cógaisíochta agus teicneolaíochta<br>■ bunaíomar Grúpa Comhairleach maidir le Clár HTA ar a bhfuil ionadaíocht leathan ag na príomhpháirtithe leasmhara ar fud an chórais sláinte chun comhairle a thabhairt don Údarás maidir le forbairt beartas agus nósanna imeachta HTA. Tá an grúpa seo tar éis comhairle a thabhairt faoi straitéis an Údaráis maidir le scanadh léaslíneach agus faoi rannpháirtíocht le páirtithe leasmhar i bpróiseas an HTA<br>■ bhí rannpháirtíocht fairsing poiblí againn faoi na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr agus bhí páirtithe leasmhara i láthair ag sheoladh na gCaighdeán in 2012<br>■ ghlacamar páirt i plé atá ar siúl fós le Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann maidir le scéim dearbhaithe cáilíochta do chúram príomhúil<br>■ bhí plé againn le FSS faoi chlár um fheabhsú cáilíochta trí leas a bhaint as Scoil Oscailte na hInstitiuide um Fheabhsú Cúraim Sláinte (IHI)<br>■ chuireamar tús le Gníomhaíocht Chomhpháirteach Líonra an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht Othar agus Cáilíocht Chúraim in Aibreán 2012 toisc gurb é an tÚdarás pointe teagmhála náisiúnta na hÉireann. Táimid ag glacadh páirte i Pacáiste Oibre 6 (comhoibriú maidir le córais ardcháilíochta sláinte san AE). Rinne an tÚdarás éascú ar chruinniú faisnéise náisiúnta a bhí ag il-pháirtithe leasmhara maidir le PaSQ chun iniúchadh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh na páirtithe leasmhara agus an tÚdarás a bheith ag obair i gcomhar le chéile agus cur leis an gcómhghníomhaíocht.hghníomhaíocht.<br>■ bhíomar i dteagmháil le réimse leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear úsáideoirí seirbhíse agus a dteaghlaigh, an tAerchór, Garda Cósta na hÉireann, An Roinn Sláinte, an Roinn Cosanta agus an Roinn Comhshaoil mar aon le hospidéil in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe maidir le seirbhísí um thrasphlandú ae i 2011 |

| | |
|---|---|
| | ■ reáchtálamar trí sheimineár i 2012 ina raibh 666 duine páirteach; bhí ionadaithe i láthair ag 74% de na soláthraithe tithe altranais chun críche rannpháirtíochta, athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhísí, rialú ionfhabhtaithe agus bainistiú ráigeanna den fhliú agus plé a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le hathnuachan clárúcháin. |
| **Tacú le Phlean Gníomhaíochta an Ghrúpa Taighde Sláinte a chur i bhfeidhm go rathúil** | Leanamar orainn ag tacú le hobair an Ghrúpa um Thaighde Sláinte sa Roinn Sláinte agus go háirithe le Sruthanna Oibre 1 agus 3. Ina theannta sin chuamar isteach sa an Grúpa Gnímh um Thosaíocht a Thabhairt do Shláinte Nasctha a bunaíodh faoi Chleachtadh an Rialtais maidir le Tosaíochtaí Taighde. |
| **Tacaíocht shain-cheaptha a chur ar fáil i réimsí tosaíoch-ta maidir le cáilíocht agus sábháilteacht.** | Táimid tar éis an sprioc seo a bhaint amach cuid maith. San áireamh in achoimre ar ár ngníomhaíochtaí tá:<br><br>Chuireamar tacaíocht agus comhairle ar fáil do roinnt de na Cláir um Cúram Cliniciúil i ndáil le rialachas faisnéise agus caighdeáin rialachais. Bhí an Stiúrthóir HTA agus an Ceannaire Caighdeán agus Modheolaíochta ina mbaill de Choiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil (NCEC). D'fhorbair an tÚdarás Critéir Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta le haghaidh Treoirlínte Cliniciúil atá in úsáid ag an NCEC chun measúnú a dhéanamh ar threoirlínte cliniciúla sula ndéanfar moladh don Aire iad a fhormhuiniú mar threoirlínte náisiúnta.<br><br>Tá an Stiúrthóir HTA ina bhall den Phainéal Comhairleach Bhord Leigheasra na hÉireann maidir le hAicmiú Dlíthiúil Leigheasra. Tá an Staitisteoir Sinsearach sa Stiúrthóireacht HTA ina bhall de Choiste Measúnaithe Teicneolaíochta de chuid an Chláir Náisiúnta um Rialú Ailse. |

**Cuspóir Straitéiseacha 6:**

***A léiriú roimh 2012 go bhfeidhmíonn an tÚdarás mar chomhlachtéifeachtach, dea-rialaithe a bhfuil dea-thionchar aige ar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.***

| Spriocanna | Bainte Amach |
|---|---|
| **Dea-chleachtas a leabú sa rialachas corparáideach ar fud an Údarás** | Rinneamar athbhreithniú ar an gCód Rialachais agus an Cód Iompair i gCúrsaí Gnó i gcomhréir leis an treoir is déanaí. Thugamar sainmhíniú ar an gcur chuige i leith dea-chleachtais maidir le bainistiú riosca agus d'fheabhsaíomar é. Leagamar amach córas Clearview agus chuireamar i bhfeidhm é; tugadh aitheantas dó maidir leis:<br>- an cumas atá aige ár gcláir oibre a ailíniú go straitéiseach lenár bPlean Gnó<br>- an luach agus an trédhearcacht cuireann sé le bainistiú na foirne, tionscadail agus cláir oibre<br>- an luach a chuireann sé le rialachas corparáideach agus bainistíocht riosca<br>- a chumas atá ann chun tascanna agus spriocanna maidir leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) a ailíniú le Plean Gnó an Údaráis.<br>Chuireamar clár mór nua ar bun atá dírithe ar rialachas faisnéise a fheabhsú laistigh den Údarás. |
| **Leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú, agus le feabhsú nuair is gá, ár bpróisis ghnó, ár struchtúir agus ár sreabhadh oibre lena chinntiú go bhfuilimid eagraithe go héifeachtach lenár gcuid oibre reatha agus ár gcuid oibre sa todhchaí a bhainistiú i dtimpeallacht dúshlánach a bhíonn ag athrú** | San áireamh leis an dul chun cinn seo tá bunú Aonad nua Faisnéise Gnó i Stiúrthóireacht na Faisnéise Sláinte a chuirfidh réitigh ar fáil le tacú le measúnú riosca a dhéanamh ar sholáthraithe. Beidh feidhmeanna Gnó Faisnéise á neadú laistigh dár gCóras Bainistíochta Faisnéise PRISM agus beidh siad san áireamh mar chuid den ullmhúchán le haghaidh ár bhfeidhmeanna nua.<br>Táimid tar éis obair a dhéanamh go forleathan chun ár gcur chuige coiteann monatóireachta a fhorbairt, agus a chinntiú go bhforbrófar modhanna comhsheasmhacha chun monatóireacht a dhéanamh ina mbeidh pointí rialaithe cáilíochta aitheanta le haghaidh gach próisis agus nós imeachta cuí. Chomh maith leis an tionscnamh bunathraitheach sin tá tionscnaimh feabhsúcháin eile curtha i bhfeidhm ar an bpróiseas clárúcháin, ar eisiúint agus monatóireacht pleananna gnímh, ar cur i bhfeidhm iniúchtaí monatóireachta maidir le comhlíonadh, ar fheidhmiú tionscadal fógraí agus ar an bpróiseas i leith faisnéise nua gan iarraidh.<br>Thugamar faoi athbhreithnithe ar roinnt próiseas lárnach gnó i rith shaolré an Phlean; ina measc an próiseas clárúcháin, próiseas chun tuarascálacha a forbairt agus a tháirgeadh, próisis maidir le glacadh le faisnéis a spreagann ábhar imní, eolaire teagmhála a fhorbairt do na páirtithe leasmhara go léir agus do gach aonán a mbíonn an tÚdarás i dteagmháil leo agus na próisis rialúcháin mar atá thuas. |

| | |
|---|---|
| **Clár oibre a fhorbairt le hiniúchóirí, rialtóirí agus comhlachtaí dearbhaithe eile chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Údaráis lena n-áirítear athbhreithnithe neamhspleácha ar éifeachtúlacht agus ar thionchar ár gcuid oibre** | Cheapamar iniúchóirí inmheánacha nua in 2010. D'fhorbraíomar plean iniúchta inmheánaigh trí bliana, a bhfuil athbhreithniú bliantúil i gceist leis agus chuireamar i bhfeidhm é. Bhí an tÚdarás faoi réir iniúchtaí reachtúla bliantúla ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus faoi réir iniúchta ar a chleachtais earcaíochta ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí freisin.<br><br>Eisíodh roinnt tuarascálacha seachtracha inar luadh cur chuige an Údaráis i leith a chuid feidhmeanna, agus / nó rinneadh roinnt tagairtí d'obair an Údaráis. Áirítear leis seo tuarascáil na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC) faoi éifeachtúlacht chur chuige an Údaráis i leith rialáil ionad sainithe do dhaoine scothaosta. |
| **Daoine a earcú agus a choinneáil a bhfuil na scileanna, an taithí agus na luachanna acu le cabhrú linn ár gcuspóirí a bhaint amach agus spriocanna soiléire a leagadh amach do dhaoine aonair, d'fhoirne agus don Údarás agus feidhmíocht a bhainistiú i bhfianaise na nithe sin** | I gcás go bhfuarthas cead daoine a earcú, earcaíodh baill foirne le linn an Phlean chun feidhmeanna an Údaráis a chur i gcrích i gcomhréir le Cóid Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Cuireadh bainistíocht feidhmíochta na foirne i gcrích ag baint úsáide as Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta an Údaráis (CBFF) atá ailínithe leis na cuspóirí corparáideacha agus gnó. |
| **Cláir ardcháilíochta foghlama agus forbartha a sholáthar do bhainisteoirí agus do bhaill foirne a thacóidh le forbairt ghairmiúil, a thiomsóidh eolas agus a chuirfidh ar ár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach go héifeachtúil** | Chuir an Fhoireann Acmhainní Daonna cláir foghlama agus forbartha i bhfeidhm go lárnach agus i gcás phointí níos teicniúla cuireadh i bhfeidhm iad laistigh de na foirne. Aithnítear gur gá a dhíriú níos mó ar réimse forbartha an lucht bainistíochta agus tá plean forbartha le cur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta i bhfianaise prionsabal athbhreithnithe bainistíochta. |

| | |
|---|---|
| **Timpeallacht sláintiúil sábháilte oibre a sholáthar dár bhfoireann agus gach reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh** | Cloíonn an tÚdarás le gach beartas agus le gach nós imeachta maidir le sláinte agus sábháilteacht agus cuireann sé oiliúint oiriúnach ar fáil mar aon le cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta nuair is gá. |
| **Léiriú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar chórais slána um bhainistiú agus tuairisciú airgeadais** | Lean an tÚdarás ar aghaidh ag tabhairt tús áite do dhíriú go daingean ar chúrsaí airgeadais agus tá sé sin aitheanta sna hiniúchtaí bliantúla a rinneadh ar rialú airgeadais. Tá córas bainistíochta airgeadais á suiteáil le déileáil leis an mbaol is mó sa réimse sin. Ceannaíodh é in 2012 agus táthar ag súil lena chur i bhfeidhm i rith chéad ráithe 2013. |
| **An leas is mó is féidir a bhaint as teicneolaíocht agus a chinntiú go bhfuil córais eolais agus acmhainní curtha i bhfeidhm le cur ar chumas na foirne oibriú go héifeachtach agus go bhfuil an t-idirghníomhú a dhéanaimid leis na heagraíochtaí a rialaímid agus le páirtithe leasmhara eile ag teacht leis an gcleachtas is fearr maidir le ríomh-Rialtas.** | Lean an tÚdarás ar aghaidh thar thréimhse an phlean ag forbairt a bhonneagair TFC. Chuimsigh sé sin an cur i bhfeidhm leanúnach a rinneadh ar an tionscadal bainistíochta doiciméad, fíorúlú an bhonneagair TF, forbairt agus cur i bhfeidhm an córais tuairiscithe bainistíochta Clearview agus córas bainistíochta riosca. Tá mórchuid oibre déanta ar an gcóras PRISM atá le cur i bhfeidhm in 2013. Bhuaigh an roinn TF duais don roinn TF is fearr i gcomórtas a bhí eagraithe ag 'IT @ Cork' i i gceathrú ráithe 2012 mar aitheantas don chur chuige straitéiseach ó cheann go ceann a bhí acu i bhforbairt ár gcur chuige TF atá dírithe ar chúrsaí gnó.<br><br>Rinneadh athdhearadh mór ar an suíomh gréasáin agus ar an inlíon in 2012. Forbraíodh straitéis i leith na meán sóisialta agus cuireadh i bhfeidhm í chun teicneolaíochtaí nua agus uirlisí nua chun cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara a uasmhéadú. Bunaíodh leathanaigh Twitter, Facebook agus LinkedIn. Bhíomar ag tvuíteáil beo nuair a bhí na *Caighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus níos Fearr* agus na Caighdeán um Chosaint Leanaí á seoladh. Bunaíodh cainéal YouTube agus postáladh trí fhíseáin faoinár gcaighdeáin náisiúnta. D'fhoilsíomar Podchraoladh agus roinnt closleabhar ar ár láithreán gréasáin mar aon le iTunes éagsúla. Bunaíodh córas rabhaidh le haghaidh téacsanna nuachta SMS agus bhí 318 duine cláraithe lena bhfáil faoi dheireadh na bliana 2012, agus eisíodh an chéad ríomhiris leictreonach le haghaidh páirtithe leasmhara chuig 2,000 acu. |

# Aguisín 2:

## Gníomhaíocht an Bhoird agus chúrsaí Freastail

De réir an Achta Sláinte 2007, tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe a bhfuil gá leo chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach tiocfaidh sé le chéile uair amháin ar a laghad gach dara mí i rith na bliana. Tá liosta le fáil thíos de na 6 chruinniú sceidealta mar aon le tinreamh gach comhalta den Bhord.

### Tinreamh ar sé chruinniú sceidealta an Bhoird in 2012

| Cruinnithe Rialta an Bhoird in 2012 | 18 Ean | 21 Márta | 7 Meith | 11 Iúil | 24 Meán F | 20/21 Samh | Tinreamh na gcomhaltaí faoi leith ag cruinnithe rialta an Bhoird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pat McGrath** | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 as 6 |
| **Grainne Tuke** | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 as 6 |
| **Philip Caffrey** | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 as 6 |
| **Sam McConkey** | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 as 6 |
| **Cillian Twomey** | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 as 6 |
| **Bryan Barry** | As láthair | I láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 1 as 2 |
| **Angela Kerins** | I láthair | As láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 1 as 2 |
| **Geraldine McCarthy** | I láthair | I láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 2 as 2 |
| **Sheila O'Connor** | I láthair | I láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 2 as 2 |
| **Dolores Quinn** | As láthair | I láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 1 as 2 |
| **Damien McLoughlin** | As láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 0 as 1 |
| **Darragh O'Loughlin** | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A | I láthair | 1 as 1 |
| **David Molony** | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A | I láthair | 1 as 1 |
| **Sheila O'Malley** | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A | I láthair | 1 as 1 |
| **Tinreamh iomlán ag cruinnithe an Bhoird** | **8 as 11** | **9 as 10** | **5 as 5** | **5 as 5** | **5 as 5** | **8 as 8** | |

Le cois líon na gcruinnithe Boird a cheanglaítear faoin reachtaíocht mar atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007, thionóil Bord an Údaráis ceithre chruinniú bhreise chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le feidhmeanna an Údaráis.


## Tinreamh ag na sé chruinniú neamhghnácha de chuid an Bhoird in 2012

| Cruinnithe Rialta an Bhoird 2012 | 20 Feabh | 2 Beal | 8 Beal | 25 Beal | 11 D Fomh | 22 Samh | 23 Samh | 27 Samh | Tithe Aonair freastal ar cruinnithe breise an Bhoird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pat McGrath** | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 as 8 |
| **Grainne Tuke** | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 as 8 |
| **Philip Caffrey** | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 as 8 |
| **Sam McConkey** | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 as 8 |
| **Cillian Twomey** | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 as 8 |
| **Bryan Barry** | I láthair | I láthair | As láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 2 as3 |
| **Angela Kerins** | As láthair | I láthair | I láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 2 as 3 |
| **Geraldine McCarthy** | I láthair | As láthair | As láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 1 as 3 |
| **Sheila O'Connor** | I láthair | I láthair | I láthair** | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 3 as 3 |
| **Dolores Quinn** | I láthair | I láthair | I láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 3 as 3 |
| **Damien McLoughlin** | As láthair | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | Ar scor | 0 as 1 |
| **Darragh O'Loughlin** | N/A | N/A | N/A | N/A | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 4 as 4 |
| **David Molony** | N/A | N/A | N/A | N/A | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 4 as 4 |
| **Sheila O'Malley** | N/A | N/A | N/A | N/A | I láthair*** | I láthair | I láthair | I láthair | 4 as 4 |
| **Tinreamh iomlán ar chruinnithe an Bhoird** | **9 as 11** | **9 as 10** | **8 as 10** | **5 as 5** | **8 as 8** | **8 as 8** | **8 as 8** | **8 as 8** | |

** I láthair mar chuid den fhoireann imscrúdaithe.

*** D'fhreastail trí nasc teileafóin.

# Aguisín 3:
## Struchtúr Eagraíochtúil



# Aguisín 4:

## An Tuarascáil Bhliantúil um Rialachas agus um Chomhlíonadh don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

## 1. Réamhrá

Tá Bord an Údaráis freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Údaráis agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus bainistíocht riosca[25].

San Acht Sláinte 2007, sonraítear gur chóir a áireamh i gCód Rialachais an Údaráis cur síos ar 'rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear a nósanna imeachta maidir le hiniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca, soláthar poiblí agus tuairisciú airgeadais' agus 'go gcuirfidh an tÚdarás in iúl ina thuarascáil bhliantúil na socruithe atá aige chun an Cód Rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis'.

## 2. Rialachas agus Comhlíonadh

Chun aghaidh a thabhairt ar na freagrachtaí maidir leis sin, tá cur chuige curtha ar bun ag Bord an Údaráis trína soláthraíonn gach Stiúrthóir/Ceannasaí san Údarás ráiteas urrúis bliantúil do Choistí an Bhoird maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha sa réimse as a bhfuil siad freagrach.

Tar éis do Choistí an Bhoird an t-athbhreithniú sin a dhéanamh, tugtar tuairisc do Bhord an Údaráis ina bhfuil achoimre ar na ráitis urrúis ar leith. Cuimsítear príomhfheidhmeanna an Údaráis sna ráitis sin, lena n-áirítear: faisnéis sláinte, measúnú ar theicneolaíocht sláinte, cáilíocht agus sábháilteacht cúram sláinte agus an chigireacht seirbhísí sóisialacha.

Tá sraith beartas láidir corparáideach curtha i bhfeidhm ag an Údarás freisin sna réimsí airgeadais, acmhainní daonna agus bainistíocht faisnéise lena chinntiú go gcuirtear na gníomhaíochtaí sin chun feidhme mar chuid de chóras éifeachtach rialuithe inmheánaigh agus go sásaítear ceanglais na hearnála poiblí.

### 2.1 Faisnéis Sláinte agus HTA

Thug Stiúrthóirí HTA agus Faisnéise Sláinte na rialuithe le haghaidh rialachas a gcuid feidhmeanna ar láimh don Choiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta ar 21 Eanáir 2013. Breithníodh na próisis agus na nósanna imeachta lena chinntiú go ndéantar feidhmeanna an Údaráis a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach laistigh de na paraiméadair reachtúla atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007.

25 An Roinn Airgeadais. Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, cuid 10.1

## 2.2 Feidhmeanna Rialála agus gníomhaíochtaí um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta

Thug Stiúrthóir Rialála agus Bainisteoir Cláir ón Stiúrthóireacht um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta na rialuithe maidir le rialachas a gcuid feidhmeanna ar láimh don Choiste Rialachais um Chúram Sláinte agus Sóisialta ar 15 Eanáir 2013. Breithníodh na próisis agus na nósanna imeachta lena chinntiú go ndéantar feidhmeanna an Údaráis a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach laistigh de na paraiméadair reachtúla atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007.

## 2.3 Gníomhaíochtaí a rinne na Seirbhísí Corparáideacha, Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh agus Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Tá sé de cheangal ar an Údarás cloí le réimse reachtaíochta comhionannais. Cuimsíonn na Rialuithe beartais agus nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh forálacha ábhartha na reachtaíochta a éascú. Tá nósanna imeachta earcaíochta curtha i bhfeidhm a chinntíonn go gcomhlíontar Cód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus ba cheart go gcuirfeadh siad sin cosc le hidirdhealú éagórach ó thaobh na fostaíochta. Tá sraith beartas acmhainní daonna mar thaca leis an méid sin a chinntíonn go gcaitear mar a chéile leis na baill foirne go léir agus go dtugtar cothrom na féinne dóibh. Ó thaobh soláthar seirbhísí de, tá Cód Cleachtais agus beartais agus nósanna imeachta ag an Údarás dá fhoireann a chinntíonn nach ndéantar aon idirdhealú neamhdhleathach. Is trí mhaoirseacht bhainistíochta atá dearbhú le fáil.

### 2.3.1 Earcaíocht

Ceanglaítear ar an Údarás foireann a earcú i gcomhréir le riachtanais an Achta Sláinte 2007 agus lena cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is éard atá sna rialuithe lárnacha ná na próisis a forbraíodh don earcaíocht agus don oiliúint atá tugtha don fhoireann go léir atá bainteach le hearcaíocht. Dearbhaítear é sin trína cinntiú gur úsáideadh próisis a chomhlíon na forálacha sin chun earcaíocht a chur i gcrích. Cuireann an mhaoirseacht a dhéanann an rialtóir earcaíochta - an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí - dearbhú ar fáil.

### 2.3.2 An tAcht um Míchumas 2005

Tá sé de cheangal ar an Údarás cloí leis an Acht um Míchumas 2005. Tá sé de dhualgas ar fhostóirí na hearnála poiblí de thoradh an Achta sprioc a bhaint amach maidir le 3% ar a laghad dá bhfórsaí oibre a bheith ina ndaoine faoi mhíchumas agus tuairisc a sholáthar gach bliain faoi líon na daoine faoi mhíchumas atá fostaithe acu agus faoi na bearta atá acu chun daoine faoi mhíchumas a fhostú. Is iad córais cóir agus trédhearcach earcaíochta na príomhrialuithe sa réimse seo. Léirigh na daonáirimh a rinneadh gur éirigh leis an Údarás an sprioc riachtanach a bhaint amach.

### 2.3.3 An Reachtaíocht Chomhionannais

Tá sé de cheangal ar an Údarás cloí le réimse reachtaíochta comhionannais. Cuimsíonn na Rialuithe beartais agus nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh forálacha ábhartha na reachtaíochta a éascú. Tá nósanna imeachta earcaíochta curtha i bhfeidhm a chinntíonn go gcomhlíontar Cód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus ba cheart go gcuirfeadh siad sin cosc le hidirdhealú éagórach ó thaobh na fostaíochta. Tá sraith beartas acmhainní daonna mar thaca leis an méid sin a chinntíonn go gcaitear mar a chéile leis na baill foirne go léir agus go dtugtar cothrom na féinne dóibh. Ó thaobh soláthar seirbhísí de, tá Cód Cleachtais agus beartais agus nósanna imeachta ag an Údarás dá fhoireann a chinntíonn nach ndéantar aon idirdhealú neamhdhleathach. Is trí mhaoirseacht bhainistíochta atá dearbhú le fáil.

### 2.3.4 Saoráil Faisnéise

Tá sé de cheangal ar an Údarás cloí le forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Tá beartas agus nós imeachta dea-fhorbartha ag an Údarás chun rialú a dhéanamh ar iarratais a dhéantar ar fhaisnéis faoin reachtaíocht. Tá an Príomhfheidhmeannach tar éis freagrachtaí a tharmligean chuig an Oifig um Shaoráil Faisnéise ar a bhfuil freagracht fhoriomlán ó thaobh na reachtaíochta um shaoráil faisnéise laistigh den Údarás mar aon le feidhm cinnteoireachta i leith roinnt bainisteoirí sinsearacha. Cinntíonn an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise go gcomhlíonann an tÚdarás forálacha na reachtaíochta.

### 2.3.5 Sláinte agus Sábháilteacht

Tá cearta agus dualgais fostóirí agus fostaithe araon leagtha síos san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus tá foráil ann faoi fhíneálacha agus pionóis throma de bharr sárú na reachtaíochta um shláinte agus sábháilteacht.An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 Réimse an-tromchúiseach é seo dar leis an Údarás agus tá sé tar éis Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta a cheapadh agus glacadh le Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta. Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteachta curtha ar bun agus tagann sé le chéile go rialta. Tugann an Coiste agus lucht bainistíochta gnáthlíne dearbhú go bhfuiltear ag géilleadh do nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta laistigh den Údarás.

### 2.3.6 Soláthar Poiblí

Tá freagrachtaí troma ó thaobh soláthar poiblí de ar an Údarás. Is iad na rialuithe lárnacha na próisis atá curtha i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil soláthar á dhéanamh i gcomhréir leis na rialacháin agus an reachtaíocht ábhartha. Is tríd an mhaoirseacht a dhéanann an lucht bainistíochta ar chúrsaí soláthair a chuirtear dearbhú le fáil.

### 2.3.7 Íoc Pras Cuntas

Tá sé de cheangal ar an Údarás cloí leis an reachtaíocht um íoc pras cuntas. Tá próisis ann lena chinntiú go bpróiseáiltear sonraisc go tráthúil agus go ndéantar íocaíocht faoin dáta íocaíochta atá leagtha amach sa Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas. Tugann an mhaoirseacht a dhéantar laistigh den fheidhm airgeadais agus an t-iniúchadh inmheánach agus obair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste dearbhú faoi.

### 2.3.8 Cosaint Sonraí

Tá an tÚdarás tiomanta do bheartas ina ndéantar cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí.

Tá an tÚdarás cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí i gcomhréir leis na hAchtanna. Tá Oifigeach um Chosaint Sonraí ceaptha ag an Údarás, agus is é an príomhdhualgas atá ar an té sin ná cabhrú leis an Údarás agus le baill foirne an Údaráis an reachtaíocht um chosaint sonraí a chomhlíonadh.

### 2.3.9 Tuairisciú faoi Bhainistíocht Chorparáideach

Comhlíonann an tÚdarás na frámaí ama reachtúla chun pleananna Corparáideacha agus Gnó a fhorbairt agus tá próiseas ann chun forbairt na ndoiciméad sin a stiúradh. Tá creat feidhmíochta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáideach agus chun tuairisciú rialta a dhéanamh ag tagairt do na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean gnó.

### 2.3.10 Rialachas

Feidhmíonn an tÚdarás de réir a Lámhleabhair um Chód Rialachais agus Cóid um Iompar Gnó i gcomhréir leis na Treoirlínte atá sa Chód Rialachais le haghaidh Comhlachtaí Stáit. Comhlíonann an tÚdarás an an seicliosta rialachais a d’eisigh an Roinn Sláinte.

### 2.3.11 Bainistíocht Riosca

Tá an tÚdarás ag comhlíonadh na dtreoirlínte maidir le bainistíocht riosca atá sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuirtear rioscaí os comhair an Bhoird agus na gCoistí go tráthrialta agus pléitear iad ag gach cruinniú feidhmiúcháin.

### 2.3.12 Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Údarás trína ndéantar athbhreithniú ar réimsí lárnacha amhail rialuithe airgeadais, próisis soláthair, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta oibriúcháin eile laistigh den Údarás. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Rialachas Corparáideach maoirsiú ar an bhfeidhm seo.

### 2.3.13 Acht na dTeangacha Oifigiúla

Cé nach bhfuil an tÚdarás liostaithe ar an sceideal foirmiúil maidir le cur chun feidhme iomlán gach gné d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, déanann sé gach iarracht ceanglais reatha an Achta a chomhlíonadh nuair is féidir.

Foilsíonn an tÚdarás a Thuarascáil Bhliantúil i nGaeilge agus i mBéarla. Tá comharthaíocht agus brandáil uile an Údaráis ar fáil san dá theanga. Is i nGaeilge freisin atá ceann litreach an Údaráis agus tá séanadh dátheangach i ngach ríomhphost a sheolann an tÚdarás. Tugann an tÚdarás freagra as Gaeilge ar aon cheisteanna a fhaigheann sé as Gaeilge, lena n-áirítear tríd an láithreán Gréasáin, agus tá cainteoir Gaeilge san fhoireann a chabhraíonn maidir le ceisteanna as Gaeilge.

### 2.3.14 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

- **Caidrimh leis na meáin/leis an bpreas**

  Tá an tÚdarás tiomanta d'fhéachaint chuige go bhfuil a chuid cumarsáide ag teacht leis na prionsabail a cuireadh i bhfeidhm i 'Rialáil níos Fearr,'[26] maidir le dea-rialú i gcás na gcomhlachtaí neamhspleácha rialála, lena n-áirítear cuntasacht, comhsheasmhacht agus trédhearcacht. Maidir le caidreamh leis an bPreas agus leis na meáin, cinntíonn an tÚdarás freisin go bhfuil gach cumarsáid oscailte, macánta, inrochtana agus sothuigthe agus go bhfuil guth neamhspleách aige i leith gach lucht éisteachta.

- **Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara**

  Léiríonn gníomhaíochtaí an Údaráis i ndáil le Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara dea-chleachtas faoi mar a thacaítear leis sa *Framework for Public and Service User Involvement in Health and Social Care Regulation in Ireland*[27] de chuid an Fhóraim Rialála um Chúram Sláinte agus Sóisialta. Áirítear leis sin próisis chun anailís riosca a dhéanamh ar cé hiad na páirtithe leasmhara agus nósanna imeachta inmheánacha maidir le bainistiú aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara i gcomhréir le hoibleagáidí na seirbhíse poiblí faoi Chosaint Sonraí agus faoi Shaoráil Faisnéise. Tá beartas ag an Údarás maidir le rialú agus smacht a bheith aige ar an chaoi a n-úsáidtear láithreáin na meán sóisialta atá aige lena n-áirítear a leathanach Facebook agus a chuntas Twitter.

- **Gnóthaí Pobail**

  Tá socruithe ar bhonn foirmiúil i bhfeidhm ag an Údarás maidir le bainistiú leanúnach gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha (lena n-áirítear ceisteanna parlaiminteacha). Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh an phrótacail ar bhonn leanúnach.

- **Cumarsáid Inmheánach**

  Tá an tÚdarás tiomanta do lucht oibre eolasach, rannpháirteach agus gníomhach a chinntiú trí dhea-chumarsáid éifeachtach laistigh den Údarás. Is é aidhm an Údaráis dlúthchaidreamh agus bealaí cumarsáide dhá threo a choinneáil ar bun leis na baill foirne ar fad, lena n-áirítear daoine a oibríonn ón mbaile.

- **Rialacháin um ríomhPriobháideacht 2011 (I.R. 336 de 2011)**

  Ós rud é go bhfuil an tÚdarás ina Rialtóir Sonraí tá sé tiomanta do bheartas ina ndéantar cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí. Baineann sé sin leis an chaoi a dhéileálann sé le síntiúsóirí na ríomhirise nua le haghaidh páirtithe leasmhara, HIQA News, agus iad siúd dá dtugtar Foláirimh SMS. Tá an tÚdarás tiomanta d'úsáideoirí a chur an eolas faoi na fianáin a úsáidtear ar a láithreán gréasáin **www.hiqa.ie**. Rinneadh measúnú agus rangú ar na fianáin a úsáidtear ar an suíomh Gréasáin.

---

26 *Láithreán Gréasáin 'Rialáil níos Fearr' de chuid Roinn an Taoisigh: http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_Archive/Publications_2011/Better_Regulation_Website_Content.pdf*

27 *Tá an creatdoiciméad le fáil ag: http://www.hiqa.ie/media/pdfs/Framework_Public_Service_User_Involvement.pd*

### 2.3.15 An tAcht um Míchumas 2005 (inrochtaineacht)

Gach faisnéis atá ar fáil don phobal, tá sí ar fáil i bhformáid inrochtana, mar shampla HTML inrochtana, cló mór, formáid Béarla shimplí, Braille, comhad fuaime agus i bhformáidí eile, má iarrtar sin. Má iarrtar sin roimh ré, cuirtear ateangairí teanga chomharthaíochta ar fáil d'imeachtaí poiblí. Dearadh láithreán Gréasáin an Údaráis i gcomhréir leis an Tionscnamh Inrochtaineachta Gréasáin agus le dea-chleachtas idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, féachann an tÚdarás leis an oiread cúnaimh agus is féidir a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag iarraidh teacht ar a sheirbhísí. Comhlíonann an tÚdarás na ceanglais reachtúla maidir le fostaithe san earnáil phoiblí atá leagtha síos san Acht um Míchumas 2005 lena chinntiú, a mhéid is féidir, go gcuirtear faisnéis ar fáil i bhformáid inrochtana.

Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte









**Príomhoifig**

Aonad 1301 City Gate
Machain, Corcaigh
Teil: +353 21 240 9300

**Oifigeach Réigiúnach Bhaile Átha Cliath**

Cúirt Sheoirse,
Lána Sheoirse,
Baile Átha Cliath 7

Teil: +353 1 814 7400

**Ar Líne**

R-phost: info@hiqa.ie

URL: www.hiqa.ie

**© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2013**